An Coimisiún um
**Rialáil Cumarsáide**

# COMREG

7

## Tuarascáil Bhliantúil

An Bhliain dar Críoch Meitheamh 2007

Arna chur i láthair
an Aire Cumarsáide, Fuinnimh
agus Acmhainní Nádúrtha
de réir Alt 32 an Achta
um Rialáil Cumarsáide, 2002.

## Ráiteas Misin

Réitíonn ComReg an bealach maidir le hearnáil cumarsáide iomaíochta bríomhar a thabhairt chun cinn in Éirinn, a fhágann de chumhacht ag an tomhaltóir gur féidir roghanna lán eolais a dhéanamh.

# Clár na tuarascála


| | | |
|---|---|---|
| 1. | Maidir le ComReg | |
| | a. Na Coimisinéirí | 2 |
| | b. Foireann na Bainistíochta Feidhmiúcháin | 3 |
| | c. Struchtúr agus Ról ComReg | 4 |
| | d. Athbhreithniú an Chathaoirligh | 6 |
| 2. | Sracfhéachaint ar Earnáil na Cumarsáide | 8 |
| 3. | Cúrsaí Iomaíochta | 12 |
| 4. | An Tomhaltóir | 16 |
| 5. | Nuáil agus Bainistíocht Speictreaim | 24 |
| 6. | Ceadúnú maidir le Speictream an Raidió | 28 |
| 7. | Uimhriú | 34 |
| 8. | Rialáil Cúrsaí Poist | 38 |
| 9. | Gnóthaí Idirnáisiúnta | 44 |
| 10. | Gnóthaí Corparáide | 46 |
| 11. | Cumarsáid agus Foilseacháin | 48 |
| 12. | Rialachas Corparáide | 48 |
| 13. | Eolas maidir le Cúrsaí Airgeadais | 49 |
| 14. | Aguisín 1 Liosta na gcáipéisí a d'fhoilsigh ComReg i rith na bliana | 65 |

# Na coimisinéirí



**John Doherty**
Cathaoirleach
Coimisinéir



**Mike Byrne**
Coimisinéir



**Alex Chisholm**
Coimisinéir

# Foireann na bainistíochta feidhmiúcháin

1

2

3

4

5


1. **George Merrigan**
   Stiúrthóir
   An Rannóg Chreatoibre an Mhargaidh
2. **Dermot Nolan**
   Stiúrthóir
   An Rannóg Miondíolacháin
3. **Donal Leavy**
   Stiúrthóir
   An Rannóg Mórdhíolacháin
4. **Shay O'Malley**
   Stiúrthóir
   An Rannóg Gnóthaí Corparáide
5. **Sebastian Farr**
   Comhairleoir Sinsearach Dlí

# Struchtúr eagraíochtúil agus ról ComReg

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) ar 1 Nollaig 2002. Tá ComReg faoi stiúir triúr Coimisinéirí faoi láthair, John Doherty (Cathaoirleach), Mike Byrne agus Alex Chisholm. Tá ceithre Ránnóg ann agus Comhairleoir Sinsearach Dlí mar bhonn taca leo. Tá an struchtúr seo bunaithe ar mheithil trasfheidhme a oibríonn i láthair oibre ildisciplíne.

Is é ComReg an comhlacht reachtúil ar a leagtar an fhreagracht as earnáil na cumarsáide leictreonach (teileachumarsáid, cumarsáid raidió agus craoltóireacht) a rialú chomh maith le hearnáil an phoist. Is é ComReg an t-údáras náisiúnta rialacháin maidir leis na hearnálacha sin de réir Dlí an AE agus Dlí na hÉireann.

Tá ComReg freagrach as an iomaíocht a chur chun cinn, an tomhaltóir a chosaint agus as an nuáil a spreagadh. Bítear ag dul i ngleic le ceisteanna casta faoin dlí, cúrsaí eacnamaíochta agus cúrsaí teicneolaíochta agus cinntítear go dtugtar míniú soiléir ar gach cinneadh. Mar chomhlacht coláisteach a fheidhmíonn ComReg, agus is i gcomhar lena chéile a dhéantar cinntí na gCoimisinéirí. Ceaptar tábhacht leis sin maidir leis an meon atá leis an Acht um Rialáil Cumarsáide 2002, an t-acht lenar bunaíodh an Coimisiún, a shásamh.

Leagtar freagracht ar ComReg, ina Údarás Náisiúnta Rialacháin dó, maidir le réimse fairsing cúraim i ndáil le seirbhísí agus líonraí a bhaineann leis an gcumarsáid leictreonach, seirbhísí poist agus bainistíocht ar speictrim. Leagtar an fhreagracht amach i roinnt míreanna reachtaíochta chomh maith leis an reachtaíocht thánaisteach. Cuireadh go mór leis an bhfreagracht agus leis an gcumhacht a leagtar ar ComReg, agus leis na bearta feidhme, i rith na bliana 2007 leis an Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007. Rinneadh, go háirithe, cumhacht faoin Acht Iomaíochta maidir le cumarsáid agus seirbhís leictreonaice a leagan ar ComReg.

### Tagann líonraí agus seirbhísí teileachumarsáide faoi scáth an tsainchúraim a leagtar ar ComReg, iad seo a leanas san áireamh:

- Córais Teileafóin den seanchineál bunaithe;
- Líonraí do fón póca lena gcuirtear seirbhís gutháin agus sonraí ar fáil;
- Cumarsáid Raidió agus seirbhísí gan sreang san áireamh lena gcuirtear réimse seirbhísí ar fáil;
- Tarchuradóireacht teilifíse agus raidió ar an seanbhealach bunaithe;
- Teilifís cábla;
- Oibríochtaí MMDS agus athchaiteacháin lena gcuirtear seirbhís teilifíse ar fáil;
- Scéimeanna ceadúnais maidir le Tástáil agus Triail;
- Creat don Cheadúnú i ndáil le Seirbhísí Satailíte in Éirinn.

Ina theannta sin, de réir Alt 10 agus Alt 12 den Acht um Rialáil Cumarsáide 2002, leagtar réimse feidhmeanna agus cuspóirí ar ComReg maidir le líonraí cumarsáid leictreonaice, seirbhísí cumarsáid leictreonaice maraon leis na saoráidí a bhaineann leo a chur ar fáil chomh maith leis an bpost.

Áirítear ina measc sin:

- cinntiú go gcomhlíontar coinníollacha;
- an iomaíocht a chur chun cinn;
- cion oibre a dhéanamh maidir leis an margadh inmheánach a thabhairt chun cinn;
- leas an úsáideora taobh istigh den Chomhphobal Eorpach a chur chun cinn;
- bainistíocht éifeachtach ar speictream minicíochta an raidió agus ar uimhreacha ón scéim náisiúnta uimhriú agus úsáid éifeachtach astu a chinntiú;
- forbairt earnáil an phoist a chur chun cinn agus go háirithe an teacht ar sheirbhís uileghabhálach taobh istigh den Stát, thar tír isteach agus thar tír amach ar phraghas inacmhainneach chun leasa gach duine de lucht a húsáide, an té atá faoi mhíchumas san áireamh.

Leagtar amach an Tuarascáil seo sa chaoi agus go bpléitear le beartaíocht ComReg i ndáil leis na réimsí sin ar fad. Tugann ComReg go mbíonn iomaíocht in earnáil na cumarsáide trína réiteach go mbíonn bealach isteach sa mhargadh agus sin trí údarú ginearálta a dhéanamh maidir le líonraí agus seirbhísí a chur ar fáil agus trí rialáil a dhéanamh maidir leis an teacht ar líonraí ionas go dtugtar rogha den éifeacht chun cinn ag gnólachtaí agus ag an tomhaltóir cónaithe.

San earnáil seo atá faoi athrú tréan, i gcomhthéacs na teicneolaíochta agus na tráchtála araon, is é ComReg a chuireann ar fáil an creatoibre lena dtugtar réimse seirbhísí nua isteach, mar shampla, Next Generation Networks, 3G agus FWALA (Achar Logánta Rochtana Fosaithe gan Sreang) agus Scéim Ceadúnas maidir le Tástáil agus Triail.

Is é an Dualgas Seirbhíse Uilíoch (USO) a chaomhnú an ghné den rialáil maidir leis an tseirbhís poist is mó a mbíonn béim uirthi sa mhargadh atá scoth-léirscaoilte, chomh maith lena chinntiú go mbíonn praghasanna An Post giaráilte i leith an chostais. Tá ComReg freagrach freisin as maoirseacht a dhéanamh ar fheabhsú ar chaighdeán na seirbhíse trí spriocanna a leagan síos maidir le seachadadh an phoist agus as monatóireacht ar chaighdeán feidhmiúcháin na seirbhíse i gcomparáid le spriocanna a leagtar síos i bhfianaise na gcaighdeán ar fud na hEorpa.

Bíonn obair ComReg dírithe ar an lucht úsáide agus an lucht oibriúcháin, idir lucht gnó agus gnáth-theaghlaigh. Déantar trácht sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar an obair is tábhachtaí ó mhí Iúil 2006 go dtí deireadh mí Meitheamh 2007.

### Oifig na gCoimisinéirí

An Coimisinéir John Doherty (Cathaoirleach)
An Coimisinéir Mike Byrne
An Coimisinéir Alex Chisholm

Déantar comhfhreagras le: Marie Cussen,
Cúntóir Feidhmiúcháin don Choimisiún
Teil: 01 8049689

Colette Andrews,
Cúntóir don Choimisiún
Teil: 01 8049644

## Seo a leanas na Rannóga in ComReg agus na Stiúrthóirí ar na Rannóga sin:

### Rannóg Creatoibre an Mhargaidh – Stiúrthóir:
George Merrigan

Is ar Rannóg Creatoibre an Mhargaidh atá an cúram maidir le bainistíocht ar speictream an raidió. Déantar maoirseacht freisin i ndáil leis an gcóras údaraithe go ginearálta maidir le hearnáil na cumarsáide leictreonach in Éirinn agus monatóireacht ar chomhlíonadh ginearálta na gcoinníollacha a théann le húdarú. Táthar freagrach chomh maith as an rialáil ar Earnáil an Phoist. Déanann Rannóg Creatoibre an Mhargaidh bainistíocht mar gheall ar speictream an raidió agus eisítear timpeall is 19,000 ceadúnas raidió-theileagrafaíochta de chuideachtaí éagsúla agus de dhaoine aonair. Lena chois sin, is é Rannóg Creatoibre an Mhargaidh an Creat Margaidh a dhéanann riarachán ar Plean Náisiúnta Uimhriúcháin na hÉireann, chomh maith leis an gcreat a chur ar fáil do mhodhanna rialála nua i margadh na línte feistithe agus i margadh na cumarsáide gan sreang.

Déantar comhfhreagras le: Sinéad Devey,
Cúntóir Rannóige ar 01 8049621

### An Rannóg Mórdhíolacháin – Stiúrthóir:
Donal Leavy

Is é an Rannóg Mórdhíolacháin a dhéanann na ceisteanna uile a bhaineann le rialáil an mhargadh cumarsáide mórdhíolacháin a láimhseáil, ceisteanna maidir le hidirnascadh, réiteach aighnis, an díchuachadh ar an lúb logánta agus an phraghsáil ar tháirgí rialaithe mórdhíolacháin san áireamh. Tá ról ag an Rannóg seo chomh maith maidir le córais leathanbhanda a thabhairt i gcrích agus craobhchórais den chéad chineál eile. Tá cúram ar an Rannóg Mórdhíolacháin maidir le cúrsaí géilliúnais i réimse na teileachumarsáide. Tá cúram ar an Rannóg freisin maidir le rialúchán ar ghnéithe airgeadais d'earnáil na teileachumarsáide, chomh maith le bainistíocht a dhéanamh mar gheall ar chúrsaí airgeadais ComReg féin agus feidhm maidir le bainistíocht ar bhaol.

Déantar Comhfhreagras le: Sharon Ward,
Cúntóir Rannóige ar 01 8049710

### An Rannóg Miondíolacháin – Director:
Dermot Nolan

Is é an Rannóg Miondíolacháin a phléann le cúrsaí polasaí maidir leis an idirbheartaíocht dhíreach a bhíonn ag an tomhaltóir le lucht díolta seirbhísí. Tagann i gceist leis sin réimsí ar nós soláthar seirbhíse uilíoch maidir le teacht ar chóras teileachumarsáide, cearta an tomhaltóra, gnéithe áirithe den phraghsáil i réimse an mhiondíolacháin agus tiomsú agus cur i láthair tuairimí ó thomhaltóirí agus ó lucht gnó maidir le margadh na cumarsáide leictreonach agus margadh an phoist trí shuirbhéanna a dhéanamh. Tá an Rannóg freagrach freisin as comhairle eacnamaíochta a chur ar fáil don Choimisiún.

Déantar Comhfhreagras le: Michelle Townshend,
Cúntóir Rannóige ar 01 8049654

### An Rannóg Gnóthaí Corparáide – Stiúrthóir:
Shay O'Malley

Tugtar straitéisí den chéad scoth chun cinn sa Rannóg maidir le gnóthaí corparáide agus cúrsaí cumarsáide d'fhonn cur leis an bhfeidhmiúchán agus le héifeachtúlacht na heagraíochta. Is é an Rannóg seo atá freagrach as acmhainní pearsanra, cúram don tomhaltóir, córais eolais, saoráil faisnéise, caidreamh poiblí agus feidhmeanna ginearálta maidir leis an mbainistíocht ar áiseanna.
Tá gradaim clúiteacha gnóthaithe ag ComReg i réimse na n-acmhainní pearsanra, an Caighdeán maidir leis an Scoth ó Dhaoine agus gradam náisiúnta oiliúna Institiúid Oiliúna agus Forbartha na hÉireann san áireamh.

Tugtar aitheantas leis na gradaim mhórchlú seo d'eagraíochtaí a léiríonn an sárchleachtas i gcúrsaí acmhainní pearsanra agus dúthracht leanúnach maidir leis an acmhainn pearsanra a thabhairt chun cinn.

Déantar comhfhreagras le: Triona Kelly,
Cúntóir Rannóige ar 01 8049751

Tá cúnamh taca leis an Eagraíocht ó Chomhairleoir Sinsearach Dlí agus Aonad Cumarsáide.

### Comhairleoir Sinsearach Dlí:
Sebastian Farr

Cuireann an Comhairleoir Sinsearach Dlí comhairle ar fáil maidir leis na ceisteanna móra dlí ar fad a thagann i gceist agus leis an tionchar a bheadh ó thaobh an dlí de ag polasaithe cumarsáide in Éirinn agus san AE.

Déantar comhfhreagras le: Clare Kelly,
Cúntóir Rannóige ar 01 8049628

### Cathaoirleach Mheitheal Thionscadal an IRG:
Gary Healy

Déantar comhfhreagras le: Sonja Owens,
Cúntóir Rannóige ar 01 8049738

### An tAonad Cumarsáide

Is é an tAonad Cumarsáide a chuireann amach preas-eisiúintí agus a chuireann teachtaireachtaí agus ráitis i láthair thar ceann ComReg leis na meáin chumarsáide agus leis an bpobal i gcoitinne. Is é an tAonad sin freisin a dhéanann bainistíocht maidir leis an láithreán gréasáin, a eagraíonn comhdhálacha agus seimineáir agus a fhoilsíonn an Tuarascáil Bhliantúil agus foilseacháin éile, nuachtlitir ComReg san áireamh.

Déantar comhfhreagras le: Tom Butler,
Bainisteoir Cumarsáide ar 01 8049639

# Athbhreithniú an chathaoirligh



**John Doherty**
Cathaoirleach

Le linn thréimhse na Tuarascála seo tháinig dlús faoi mhargadh cumarsáidí leictreonacha na hÉireann agus fás mór i suibscríobh leathanbhanda agus níos mó tairiscintí sna hearnálacha líne seasta agus soghluaiste.

Creideann ComReg go bhfuil sé an-tábhachtach go mbeidh tionscal cumarsáide iomaíoch agus nua-aimseartha ag Éirinn agus go mbeadh earnáil poist againn le taca agus cothabháil a chur le leathnú leanúnach ar ár ngeilleagar eolais. Tá an-tábhacht leis an earnáil teileachumarsáide iomaíoch a bheith nua-aimseartha agus éagsúil freisin dár gcuid gnónna, cuideachtaí agus dár dtomhaltóirí.

I Meitheamh 2007 bhí ioncaim bhliantúla de €4.5billiún ag an margadh cumarsáidí leictreonacha in Éirinn. Ba é an fás mór i nglacadh le leathanbhanda agus soghluaiste na tiománaithe don fhás leanúnach sin. Ba bhliain mhór a bhí in 2007 inar tharla cumaisc thábhachtacha agus sealbhuithe idir cuideachtaí cumarsáide. Chuaigh Vodafone isteach i ngnó líne seasta nuair a cheannaigh siad Perlico. Tá 3 Ireland imithe isteach freisin i margadh an líne seasta nuair a fuair siad Pure Telecom. San earnáil shoghluaiste tugadh tuilleadh rogha do na tomhaltóirí nuair a rinneadh margadh idir Oibreoir Líonra Fíorúil Soghluaiste (MVNO) agus Tesco agus O2.

## Leathanbhanda

D'fhás suibscríobh chuig leathanbhanda go mór le linn 2007. Ó thaobh threá leathanbhanda per capita bhí fás in Éirinn go Meitheamh 2007 ar an gceann ab airde san OECD. Faoi dheireadh Mheitheamh 2007 bhí thart ar 698,000 suibscríobh leathanbhanda in Éirinn. I gcomparáid leis sin ba ag 372, 000 a bhí an suibscríobh leathanbhanda i Meitheamh 2006. Sa tréimhse atá faoi chaibidil d'ardaigh an suibscríobh leathanbhanda 75%.

Tá sé an-tábhachtach go mbeidh siad sin ar fad atá ag iarraidh leathanbhanda in ann é a fháil, cibé sa bhaile, gnónna nó pobail. Chun é sin a bhaint amach leanann ComReg ag cuidiú agus ag tacú leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (DCENR) le dearadh agus feidhmiú na Scéime Leathanbhanda Náisiúnta (NBS). Thosaigh an chéad chéim a bhaineann leis an bpróiseas fála ó thaobh soláthróir seirbhíse NBS a aithint tús Bealtaine 2007.

## Díchuachadh Lúibe Áitiúla

I mBealtaine 2007 tar éis idirghabhála ó ComReg le Eircom agus tar éis plé idir an tionscal, ComReg agus Eircom thug ComReg treoir shoiléir ar amlínte le réiteach a fháil ar gach gnó ábhartha a bhain le LLU ag an ama. Mar ba ghá thug Eircom aghaidh ar na heilimintí gan réiteach ar sceideal agus tá próiseas éifeachtach LLU bunaithe anois.

Is príomhthiománaí iomaíochta agus nuálaíochta é LLU i margaí eile. Chuidigh sé go mór le fás sa ghlacadh le leathanbhanda sa RA mar shampla áit tar éis blianta moille go bhfuil breis is 2 mhilliún líne á ndíchuachadh anois tar éis scaradh feidhmeach BT. Tá an deis anois ann d'oibritheoirí fáil a bheith ar LLU agus leanfaidh ComReg ag obair leis an Tionscal lena chinntiú go mbainfear leas as an deis.

## Soghluaiste

Faoi láthair tá breis is 4.8 milliún suibscríobhaí soghluaiste gníomhach in Éirinn agus is ionann sin agus ráta treá de 114% - ag teacht leis an meán Eorpach. Is ceangail réamhíoctha thart ar 75% de gach suibscríobh soghluaiste in Éirinn. In 2007 freisin tháinig an cúigiú soláthróir soghluaiste Tesco Mobile ar mhargadh na hÉireann. Seoladh, measadh, 6.6 billiún teachtaireacht téacs feadh suibscríobhaithe soghluaiste in Éirinn le linn na tréimhse atá faoi chaibidil. D'athraigh breis is 1 milliún uimhreacha soghluaiste idir gréasáin ó tugadh isteach iompar uimhreacha soghluaiste ag ComReg i Meitheamh 2003.

## Tionscnaimh Thomhaltóirí

Cloch coirnéil ár gcuid oibre ag cosaint agus ag cinntiú go mbeidh tomhaltóirí in ann cinntí a dhéanamh agus iad ar an eolas Sa chomhthéacs sin thug ComReg le linn thréimhse an athbhreithnithe seo faoi roinnt tionscnamh ar a n-áirítear:

- Ag obair leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí rinneamar feachtas raidió ag tarraingt aird ar an gclár Bunachar Sonraí Eolaire Náisiúnta (NDD) fan-as. Chuir an feachtas sin tomhaltóirí ar an eolas faona gcuid cearta maidir le glaonna margaíochta nach raibh uathu a stopadh.
- Thug ComReg faoi athbhreithniú mór ar chonarthaí tomhaltóirí le leibhéal comhlíonta ar cheanglais Airgeagal 20 den Treoir Seirbhísí Uilíoch a bhunú.
- Bhunaigh ComReg fóram ar 'Seirbhís do Dhaoine lena mbaineann Míchumais' le soláthróirí seirbhísí a spreagadh agus a ghríosadh lena chinntiú go mbeidh seirbhísí ar fáil do dhaoine lena mbaineann míchumais.

## Spectream/Nuálaíocht

Aithnítear Éire mar cheann de na ceannródaithe ó thaobh chur chuige nuálach maidir le ceadúnú speictrim. Lean ComReg ag cur speictrim ar fáil do raon cuideachtaí a sholáthraíonn leathanbhanda agus seirbhísí sonraí do ghnónna agus tomhaltóirí. Mar shampla leathnaigh ComReg tar éis comhchomhairle réimsí seirbhísí do sholáthróirí FWALA chomh maith le héascú a dhéanamh trí limistéir seirbhísí geografacha, dlúthú roinnt limistéar ceadúnaithe le go gcuirfí seirbhísí ar fáil ar bhonn réigiúnach a thabhairt isteach.

Le linn na tréimhse faoi chaibidil thug ComReg comórtas isteach lena chomhghleacaí i dTuaisceart Éireann arb é an chéad cheant comhordaithe idir an dá rialtóir. Bhain an comórtas leis an speictram sa bhanda 1785 MHz – 1805 MHz agus ba iad Personal Broadband UK Ltd. a bhuaigh é.

## Post

San earnáil poist lean cáilíocht na seirbhíse ag feabhsú in 2007. Faoi Mheitheamh 2007 bhí sé ag 78% ó thaobh seachadta an lá ina dhiaidh sin, suas ó 73% bliain ar bhliain. I mBaile Átha Cliath déantar 81% de phost a sheoltar i mBaile Átha Cliath a sheachadadh ar fud an náisiúin an lá ina dhiaidh sin. Ach ós rud é nach bhfuil sé sin beagnach ag an sprioc de 94% leanfaidh ComReg ag obair lena chinntiú go mbainfidh an Post amach tuilleadh feabhsúcháin sa réimse tábhachtach seo.

D'fhoilsigh ComReg freisin Treoirlínte Réiteach Gearán agus Diospóidí don earnáil poist a leagann amach nósanna imeachta simplí agus neamhchostasacha le déileáil le gearáin ó úsáideoirí. I gcás caillteanais, gadaíochta, damáiste agus neamhchomhlíonta i gcás caighdeáin seirbhísí cinnteoidh na Treoirlínte cineál cuí cúitimh a bheith ar fáil le clúdach a dhéanamh ar chostas postála lena n-áirítear postas. Tugadh freagrachtaí reachtúla breise do ComReg ón Oireachtas le linn 2007. I mBealtaine 2007 achtaíodh an tAcht um Rialáil Chumarsáide 2007(arna leasú) agus leasaigh sé sin an tAcht um Rialáil Chumarsáide 2002 a bhunaigh ComReg.

Tugann an dlí nua cumhachtaí breise do ComReg agus tugann freagrachtaí maidir le fiosrú, bailiú eolais agus feidhmiú. Chomh maith leis sin tugadh freagrachtaí nua do ComReg maidir le Seirbhísí Freagartha Glaonna Éigeandála agus rialú ainmneacha clárlainne fearainn .ie.

Bhí deich mbliana suas freisin in 2007 ó tugadh isteach rialú ar an earnáil cumarsáide in Éirinn. Le linn na tréimhse deich mbliana sin tá athrú mór tagtha ar leagan amach cumarsáid leictreonach agus poist in Éirinn. Tá páirt níos mó ná riamh ag cumarsáid inár gcuid gnónna, teaghlach, saol sóisialta agus oideachais agus sa saol oibre. Thug liobrálú buntáiste chuig an tomhaltóir mar le deich mbliana thit praghsanna teileacoim thart ar 20%. Tá raon níos mó roghanna ag tomhaltóirí agus ag gnónna agus ar tháirgí freisin.

Ag féachaint amach romhainn beidh neart dúshlán ann do na geallsealbhóirí ar fad agus comhchuibhiú ag tarlú idir teicneolaíochtaí. Beidh athruithe móra ar Chreat Oibre Rialachais na hEorpa agus tarlóidh tuilleadh comhdhlúithe agus nasc laistigh den tionscal.

Tá sé tábhachtach go leanfaimid ag déanamh tuilleadh dul chun cinn ó thaobh Gréasáin Chéad Ghlúine eile a thabhairt isteach agus teicneolaíochtaí nua mar WiMax agus HSDPA a thabhairt isteach freisin. Táimid tosaithe ar an mbealach i dtreo Teilifís Talún Dhigiteach. Tá ComReg ag súil le rialacháin nua maidir le seirbhísí poist agus muid ag gluaiseacht i dtreo liobrálú ar an margadh.

Leanfaidh ComReg ag cinntiú go mbeidh cosaint agus eolas ag na tomhaltóirí trínár gcuid tionscnamh féin agus trí oibriú le gníomhaireachtaí tomhaltóirí eile. Leanfaidh ComReg ag obair leis na geallsealbhóirí ar fad lena chinntiú go ndéanfar cothabháil agus forbairt ar earnálacha dinimiciúla agus iomaíocha cumarsáide agus poist na hÉireann.

# Léargas ar an earnáil chumarsáide

## Forléargas

- Tháinig borradh faoin margadh cumarsáide in Éirinn in 2006 le líon níos mó oibritheoirí go háirithe sa mhargadh leathanbhanda ina raibh leibhéil an-arda fáis sna chéad trí mhí den bhliain 2007. Ghin an earnáil cumarsáide leictreonach thart ar €4.5 billiún in ioncam ar bhonn bliantúil go deireadh Mheitheamh 2007. Ag deireadh na tréimhse b'ionann an earnáil líne seasta (lena n-áirítear leathanbhanda) agus 50% den mhargadh agus b'ionann ioncaim shoghluaiste agus 46% agus an margadh craolacháin an sciar eile de 4%.
- Ba léir treocht go cuachadh ilseirbhísí ar tháille mhíosúil shocraithe, tiomáinte go príomha ag éileamh níos mó ó thomhaltóirí ar leathanbhanda. Léiríonn taighde ComReg faoi Nollaig 2006 go raibh 41% de na líonta tí a raibh líne sheasta acu ag baint úsáide as pacáiste cuachta ó sholáthróir aonair.
- Tháinig fás mór faoi threá leathanbhanda sa tréimhse de bharr breis mhargaíochta ag líon níos mó Soláthróirí Seirbhísí Idirlín (ISPanna), níos mó treá Ríomhairí Pearsanta (PC) (bhí PC ag 59% de líonta tí in Éirinn faoi Fheabhra 2006), infheistíocht ag leanúint in malairt ardán leathanbhanda mar rochtain gan sreang socraithe agus móideam cábla agus an treocht tairiscint a thabhairt do thomhaltóirí beart pacáistí cumarsáide ar phraghas maith. Faoi Mhárta 2007 bhí 60% de líonta tí a raibh rochtain idirlín acu ag rochtain an Idirlín trí cheangal leathanbhanda.
- Bhí an ráta treá soghluaiste ag 114% ag deireadh Mheitheamh 2007 á thiomáint ag úinéireacht go leor SIManna. Bhí úinéireacht fón soghluaiste níos airde ná úinéireacht líne seasta, treocht ba léir ar mhargaí eile ar fud an domhain. Thosaigh roinnt oibritheoirí soghluaiste ag soláthar seirbhísí leathanbhanda soghluaiste ag baint leasa as teicneolaíochtaí mar Rochtain Pacáiste Sonraí ArdLuais (HSDPA). Agus níos mó líonta tí ag roghnú gan líne sheasta a úsáid. Tugann seirbhísí leathanbhanda den sórt sin malairt bealaigh go rochtain leathanbhanda.

1. Suirbhé treocht Amárach Consulting ar fáil ag http://www.comreg.ie/_.leupload/publications/ComReg0713.pdf
2. Suirbhé treocht Amárach Consulting ar fáil ag http://www.comreg.ie/_.leupload/publications/ComReg0732.pdf

## Líon Oibritheoirí

Faoin bpróiseas údaruithe tugann oibritheoirí in Éirinn fógra do ComReg go bhfuil sé i gceist acu gréasáin nó seirbhísí a sholáthar do thríú páirtithe. Faoi Mheitheamh 2007 cláraíodh 392 d'fhógraí den sórt sin le ComReg.

## Sciar Margaidh Seasta


Bunaithe ar shonraí oibritheoirí a cuireadh isteach trí cheistiúchán Tuarascáil Ráithe, b'ionann Oibritheoirí Údaraithe Eile (OAOanna) agus 32% den mhargadh líne seasta iomlán i dtéarmaí ioncaim faoi Mheitheamh 2007, ardaithe ó 26% i Meitheamh 2006.

## Seasta: CPS & WLR

Is féidir rochtain indíreach chuig gréasáin líne seasta a sholáthar trí RéamhRoghnú Iompróra (CPS) nuair a sholáthraíonn soláthróir a bhíonn ag úsáid gréasán an tsoláthróra láithrigh na seirbhísí glao. Íocann an custaiméir cíos líne leis an ngréasán sin. Trí Cíos Líne Mórdhíola (WLR) féadann oibritheoir billeáil amháin a sholáthar chuig an tomhaltóir ar cíos na líne seasta agus na nglao seasta.

Faoi dheireadh Mheithamh 2007 b'ionann WLR agus 75% de na línte a soláthraíodh via rochtain indhíreach suas ó 61% ag deireadh Mheitheamh 2006 – fianaise de rogha na dtomhaltóirí maidir le bille amháin óna soláthróir seirbhíse. De réir suirbhé cónaitheoirí a choimisiúnaigh ComReg i bhFeabhra-Márta 2007 rinne 34% de líonta tí líne socraithe siopadóireacht thart ag tráth éigin le comparáid a dhéanamh idir praghsanna idir oibritheoirí líne socraithe. Fuair an suirbhé céanna amach gurbh é an meánchaiteachas dé-mhíosa ar theileafónacht líne seasta ná €97.20.

**Fíor 1.1: Rochtain Neamhdhíreach: CPS agus WLR**
Cíos Líne Iompróra Réamhroghnaithe agus Mórdhíolachán





Foinse: Ceistiúchán na bPríomhshonraí Ráithiúla

## Cosáin Rochtana Teileachumarsáide Seasta

Díreach os cionn 2.1 milliún cosán rochtana indíreach agus díreach PSTN agus ISDN a bhí i margadh na hÉireann sa dara Ráithe de 2007. B'ionann rochtain indíreach a bhaineann úsáid as WLR nó CPS agus 22% de na cosáin rochtana ar fad sa mhargadh seasta. Ba é líon na gcosán rochtana neamhbhundaileáilte ag deireadh Mheitheamh 2007 ná 18,600.

**Fíor 1.2: Ráte Treáite Soghluaiste**
Ráta Treáite Soghluaiste Ráithe 2, 2003 - Ráithe 2, 2007




Foinse: Ceistiúchán na bPríomhshonraí Ráithiúla

## Soghluaiste

Ag deireadh Mheitheamh 2007 bhí 4.8 milliún de shuibscríobhaithe chuig seirbhísí cumarsáide soghluaiste in Éirinn, is ionann sin agus ráta treá de 114%. Ba é an meán Eorpach don tréimhse chéanna ná 113%.


Lean teachtaireachtaí téacs mar fheidhmiúchán a raibh tóir mór air ó thaobh seirbhísí soghluaiste. Sa Ráithe deiridh go deireadh an Mheithimh 2007 sheol an meánsuibscríobhaí 123 teachtaireacht in aghaidh na míosa. Fuair ComReg amach freisin gurbh iad na Meán-Nóiméid Úsaide in aghaidh an tsuibscríobhaí shoghluaiste in Éirinn ná 232 nóiméad in aghaidh na míosa. Níl úsáid seirbhísí sonraí mar theachtaireachtaí téacs san fhigiúr sin.

Measann an Yankee Group gurbh é an Meán Ioncam in aghaidh an Úsáideora (ARPU) ná €44.07 i Meitheamh 2007. Rinne ComReg suirbhéithe cónaitheoirí freisin le linn na bliana agus léiríonn figiúirí gurbh é an meánchaiteachas in aghaidh na míosa ar sheirbhísí soghluaiste ag tomhaltóirí cónaithe ná thart ar €53.

## Sciar Margaidh Soghluaiste

Mhéadaigh Meteor Ireland a sciar margaidh de shuibscríobhaithe GSM go breis is 18% faoi dheireadh Mhárta 2007. Lean Vodafone agus O2 ag coinneáil an sciar ba mhór de mhargadh GSM. D'fhoilsigh ComReg sciar margaidh 3 Ireland den chéad uair i Meitheamh 2007 agus bhí sé ag 2.8% ag an am sin. Ó bhí na sonraí sin san áireamh ní sciaranna margaidh do ráithí roimhe sin inchomparáide. Ba cheart a thabhairt ar aird freisin ainneoin go gcuirtear i láthair sciar margaidh 3 Ireland mar cheatadán de na suibscríobhaithe foriomlána ní oibríonn sé ach san earnáil 3G.

**Fíor 1.3: Sciar Rannphairtí Soghluaiste den Mhargadh**
Sciar de Mhargadh de réir Suibscríbhinne Q2 2005- Q2 2007





Foinse - Na Príomhshonraí Ráithiúla

# Léargas ar an earnáil chumarsáide ar lean

## Idirlíon

Lean líon na n-úsáideoirí idirlín chúngbhanda (mar chion de líon iomlán úsáideoirí idirlín in Éirinn) ag meath agus daoine ag athrú ó sheirbhísí dialaigh go seirbhísí leathanbhanda mar ADSL. B'ionann suibscríobhaithe cúngbhanda, ag seirbhísí ag –ráta agus íoc mar a chaintíonn (méadraithe) agys 37% den mhargadh idirlín iomlán faoi Mheitheamh 2007. Áiríodh suibscríobhaithe leathanbhanda soghluaiste sa chatagóir 'leathanbhanda eile' den chéad uair i Meitheamh 2007 agus ar an gcúis sin níl sonraí don tréimhse sin inchomparáide le sonraí roimhe sin.

**Fíor 1.4: Rannpháirtithe Idirlín Caolbhanda agus Leathanbhanda, 2005-2007**
Suibscríbhinní an Chaolbhanda Mheádarthomhaiste, an Bhunráta Chaolbhanda na Líne Digití Rannpháirtí (DSL) agus Suibscríbhinní Leathanbhanda eile




Foinse - Na Príomhshonraí Ráithiúla

## Leathanbhanda


Faoi dheireadh Mheitheamh 2007 bhí breis is 698,000 suibscríobhaí idirlín ag úsáid teicneolaíochtaí leathanbhanda. Bhain Línte Digiteacha Rannpháirtithe (DSL) leis an gcuid ba mhó de sin agus bhí breis is 472,700 suibscríobhaí ag ceangal via an teicneolaíocht sin ag deireadh na tréimhse. Ach tháinig fás mór áfach le linn an dá mhí dhéag dheiridh ar malairt ardán seachas DSL agus faoi dheireadh na tréimhse bhí suibscríobhaithe cábla ag thart ar 68,900 agus bhí Rochtain Sheasta gan Sreang (FWA) ag beagnach 102,500. Den chéad uair i Ráithe 2 2007 d'áirigh ComReg meastachán den líon suibscríobhaithe leathanbhanda soghluaiste san fhigiúr leathanbhanda iomlán a foilsíodh. Measann ComReg go raibh 45,000 suibscríobhaí leathanbhanda soghluaiste faoi dheireadh Mheitheamh 2007.

Sheas DSL do 68% de na suibhscríobhaithe leathanbhanda ar fad.
Tá sonraí comparáideacha ag binsemharcáil treá leathanbhanda in Éirinn in aghaidh thíortha OECD san áireamh thíos. Chomh maith leis na suibscríobhaithe leathanbhanda atá nótáilte thuas tá breis is 2,345 pointe rochtana WiFi in Éirinn ag soláthar rochtain leathanbhanda fánach ar fud na tíre.

**Figiúr 1.5: Líon suibscríobhaithe leathanbhanda agus rátaí fáis de réir ardán**

| Ardán | Suibscríobhaithe R2 07 | Fás Ráithiúil R107-R207 | Fás Bliain ar Bhliain R206-R207 |
|---|---|---|---|
| DSL | 472,700 | 8% | 72% |
| Cábla | 68,900 | 7% | 73% |
| FWA | 102,500 | 9% | 95% |
| Eile | 8,900 | 21% | 94% |
| Fo-Iomlán | 653,000 | 8% | 75% |
| Leathanbhanda Soghluaiste | 45,000 | n/a | n/a |
| Iomlán | 698,000 | n/a | n/a |

**Fíor 1.6: Ráta Treáite an Leathanbhanda san OECD – Meitheamh 2007**
Rannpháirtithe Leathanbhanda OECD in aghaidh an 100 Áitritheoir, de réir teicneolaíochta, Meitheamh 2007



## Craolachán


Faoi dheireadh Mheitheamh 2007 bhí 565,000 suibscríobhaí cábla/MMDS in Éirinn. Tríd is tríd bhí breis is milliún suibscríobhaí Teilifíse ag íoc, 75% acu ag suibscríobh chuig seirbhísí teilifíse digiteacha. Tá athrú leanúnach ó Theilfís analógach go digiteach, agus is ionann líonta tí digiteacha agus 55% de na líonta tithe ar fad ina bhfuil teilifís.

## Taraifí

Lean taraifí PSTN agus soghluaiste in Éirinn sách seasta sa tréimhse arna dtomhas le sraith de chiseáin phraghsanna ceadaithe ag OECD.

I mBealtaine 2007 bhí Éire sa naoú áit, sin sé áit níos fearr ná meán AE i dtéarmaí praghais do chiseán glaonna cónaithe agus cíos líne.


**Fíor 1.7: Ciseán Cónaitheach PSTN**
Ciseán Cónaitheach Náisiúnta OECD – Bealtaine '07




FOINSE: Telligen
Le tabhairt ar aird: Is ionann na huimhreacha atá i lúibíní agus leibhéal gach Ballstáit faoi seach amhail Feabhra 2007

Bailíonn ComReg sonraí taraifí comparáideacha ar roinnt ciseán soghluaiste lena n-áirítear ciseán iaríoctha íseal, meán agus ardúsáideora agus ciseán réamhíoctha. Os rud é go bhfuil níos mó ná dhá thrian de shuibscríobhaithe soghluaiste in Éiriinn réamhíoctha tugtar an ciseán sin thíos d'anailís chomparáideach tairifí soghluaiste feadh an AE. I mBealtaine 2007 cuireadh Éire sa seachtú háit sa chiseán seo, sé áit níos fearr ná meán AE.


**Fíor 1.8: An Ciseán Réamhíoctha Soghluaiste**
An Ciséan Réamhíoctha OECD - Bealtaine 2007




FOINSE: Telligen
Le tabhairt ar aird: Is ionann na huimhreacha atá i lúibíní agus leibhéal gach Ballstáit faoi seach amhail Feabhra 2007

Tríd is tríd tá praghsanna teileacoim ag meath le roinnt blianta. D'fhan costais chumarsáide tríd is tríd (i.e. post agus teileacom) gan athrú i mí an Mheithimh 2—7 agus d'fan gan athrú freisin sa bhliain go Meitheamh 2007.

**Fíor 1.9: An Treoir-Phraghas Cumarsáide a bhaineann le Treoir-Phraghas Iomlán in Éirinn**
Treoir-Phraghas Teileacumarsáide Telecom in Éirinn
Eanáir 1997 – Meitheamh 2007



# Iomaíocht


## Leathanbhanda

Rinneadh dul chun cinn mór in Éirinn sa bhliain go Meitheamh 2007 maidir le leathanbhanda i roinnt áiteanna. D'ardaigh treá leathanbhanda ar ráta níos tapa i gcomparáid leis an gcuid eile den AE. Dá bharr sin bhí ráta treá na hÉireann gar don mheán AE faoi dheireadh na bliana agus fós ag fás go tapa. Rinneadh dul chun cinn mór freisin maidir le Díchuachadh Lúibe Áitiúla (LLU) nuair a rinneadh comhaontú le Eircom i mBealtaine 2007 go gcuirfidís i bhfeidhm roinnt gnéithe de tháirgí a raibh aighneas fúthu roimhe sin. Rud suntasach freisin gur lean soláthróirí infrastruchtúir malartacha ag cur le scair sa mhargadh.

Ó thús na bliana seo bhí an fáil ar Rochtain Phaicéid Íosnaisc Ardluais (HSDPA) ag tabhairt rochtain leathanbhanda soghluaiste ag luais idir 1.4 agus 3.6 do líon tomhaltóirí in Éirinn a bhí ag fás. Faoi dheireadh Mheitheamh 2007 ba é meastachán ComReg go raibh thart ar 45,000 suibscríobhaí chuig an tseirbhís seo. Le léiriú a dhéanamh ar an raon iomlán seirbhísí atá ar fáil do chustaiméirí in Éirinn chuir ComReg na sonraí seo san fhorléargas den chéad uair.



Suibscríbhinní Leathanbhanda de réir Ardái




Foinse: Ceistiúchán na bPríomhshonraí Ráithiúla

I gcomparáid le tíortha forbartha eile, tá Éire fós chun deiridh maidir leis an méid daoine a bhfuil teacht acu ar sheirbhís leathanbhanda ach, mar gheall go bhfuil ráta foráis ard go maith i gceist, tá an difríocht i gcomparáid le tíortha eile á laghdú. Ina dhiaidh sin féin, is suntasach an difríocht atá i gceist idir Éire agus tíortha ceannródaíochta, mar shampla, an Ísiltír agus an Danmhairg.

## An Teacht ar Sheirbhís Leathanbhanda

### Scéim Náisiúnta Leathanbhanda

Ar an 2 Bealtaine 2007, d'fhógair an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha go raibh tús á chur leis an bpróiseas soláthair maidir le Scéim Náisiúnta Leathanbhanda (SNL). Is é cuspóir atá leis an SNL an soláthar ar sheirbhísí leathanbhanda i limistéir áirithe in Éirinn, nach bhfuil seirbhísí leathanbhanda ar fáil iontu faoi láthair agus nach ndócha go mbeidh siad ar fáil iontu go lauth, a spreagadh agus a thabhairt i gcrích. Meastar go dtabharfaidh an SNL go mbeidh táirge leathanbhanda ar fáil i suíomhanna seasta sna limistéir sin a bheith inacmhainne, inbhuanaithe agus inscálála. Bhí i gceist go mbeadh an tseirbhís leathanbhanda a chuirtear ar fáil faoin SNL inchomórtais go ginearálta, anois agus san am atá ag teacht, leis na táirgí a mbíonn leas astu sa chuid is mó de na limistéir a bhfuil freastal orthu faoi láthair.

## Cúrsaí Rialála


### Díchuachadh ar an Lúb Logánta

Príomhearra mórdhíola i gcúrsaí teileachumarsáide an Díchuachadh ar an Lúb Logánta (LLU) a fhágann gur féidir le comhlachtaí oibriúcháin neamhsheilbhe táirgí nua den nuáil a chur ar fáil maidir le córas leathanbhanda. Tuigtear ónar thit amach i dtíortha eile go bhfuil tábhacht leis an LLU ó thaobh spreagadh a thabhairt don nuáil i gcúrsaí leathanbhanda agus don ghlacadh leis an gcóras.

Is ionann LLU agus an próiseas trína nglacann comhlacht oibriúcháin nua sa mhargadh smacht ar an mbealach rochtana d'áitreabh an úsáideora ón malartán trína thógáil ar cíos ó Eircom, agus trína n-úsáidtear sin chun seirbhísí a chur ar fáil le trealamh an chomhlachta féin seachas trealamh de chuid Eircom. I gCáipéis ComReg 06/30 – Tuairisc ar an Riocht Láithreach maidir le Díchuachadh ar an Lúb Logánta, a foilsíodh ar an 6 Iúil 2006, thug ComReg le tuiscint go raibh ceithre phríomhréimse i gceist maidir le riachtanas lucht an tionscail i leith Díchuachadh ar an Lúb Logánta:

1. Uimhreacha So-iompartha agus LLU (ar a dtugtar GLMP);
2. Línte i gComhar agus Línte ar Cíos Mórdíolacháin araon a bheith ar fáil;
3. Fadhbanna leanúnacha maidir leis na táirgí LLU atá ann cheana féin a thabhairt i gcrích;
4. Teaglamú agus Ascnamh maidir le Táirgí Mórdhíolacháin.

Ráta Treáite Leathanbhanda na hEorpa, ECTA (Márta 2007*)




FOINSE: ECTA
Tabhair ar aird: *Is ó mhí Mheán Fhómhair 2006 sonraí na Cipire agus na Danmhairge

# Iomaíocht ar lean

D'fhoilsigh ComReg roinnt tuairiscí ar an Riocht Láithreach maidir le LLU i rith na tréimhse faoi chaibidil inar tugadh tuairisc ar chora nua maidir leis an táirge tábhachtacht seo. Cé gur tháinig deacrachtaí suntasacha chun cinn le linn na tréimhse sin, deimhníodh le LLU 07/25 (Tuairisc ar an Riocht Láithreach maidir le Díchuachadh ar an Lúb Logánta - Eagrán 8) go raibh ComReg sa riocht agus go bhféadfaí treoir shoiléir a thabhairt mar gheall ar thráthchúrsaí don réiteach ar gach ceist ábhartha maidir le LLU ag an am agus go raibh Eircom dúthrachtach anois maidir leis na ceisteanna ar fad a sonraíodh a bheith le réiteach (mórchuid na gceisteanna) a réiteach faoi mhí Meán Fómhair 2007.

Is iad na saincheisteanna móra a bhfuil réiteach i bprionsabail orthu go bhfuil aontaithe ag Eircom:

1. Gach conair ascnaimh leis an LLU ó tháirgí mórdhíolacháin eile a iarrtar a chur i bhfeidhm. Forbairt le déanamh ar an gconair ar ais freisin, rud a chuirfeadh le misneach an tomhaltóra as táirge an LLU;

2. Athruithe ar an táirge láithreach a thabhairt isteach de réir a chéile go dtí Meán Fómhair 2007, rud ar cheart feabhas suntasach ar fheidhmiú na dtáirgí, leanúint as dá bharr;

3. Comhaontú Leibhéal Seirbhíse (SLA) caighdeánaithe a chur ar fáil atá sásúil ó thaobh éileamh an tionscail;

4. An idirbheartaíocht ar SLA feabhsaithe a thabhairt chun críche agus é a chur i bhfeidhm;

5. An idirbheartaíocht mar gheall ar LLU ualach cúl taca LLU a thabhairt chun críche agus sin a chur ar fáil.

### Líonraí den chéad ghlún eile

I mí Márta na bliana 2007, chuir ComReg clár oibre os comhair lucht an tionscail tríd an Fóram NGN a eagrú. Ba é ba chuspóir leis an bhfóram an bealach a réiteach do lucht an tionscail trí phlé a dhéanamh ar Líonraí den Chéad Ghlún Eile (Next Generation Networks – NGN), tuiscint a fháil ar na pátrúin atá ag teacht chun cinn faoi láthair agus staidéar a dhéanamh ar a bhfuil titithe amach ar fud na hEorpa go dtí seo. Bhí deis ann freisin ag Eircom an dearcadh atá acusan i leith líonra den chéad ghlún eile in Éirinn a chur i láthair agus ag comhlachtaí oibriúcháin eile a dtuairim féin a thabhairt. Chuir ComReg roinnt prionsabail ghinearálta i láthair a moladh a thabhairt san áireamh maidir le polasaí a bheartú.

Bunaíodh Grúpa Stiúrtha an Tionscail faoi NGN (an NGN Industry Steering Group – NISG) ina dhiaidh sin i rith mí Aibreáin. Bunaíodh dhá fho-ghrúpa freisin, an Grúpa Oibre Lárnach NGN agus an Grúpa Oibre maidir le Rochtain don NGN. Grúpa a bhaineann leis an tionscal ar fad an NISG ina ndéantar staidéar ar shaincheisteanna teicneolaíochta, rialála agus tráchtála a bhaineann le NGNanna chomh maith le saincheisteanna idirnasc. Is é atá de chuspóir leis an NISG an creatoibre a chruthú agus a riar lenar féidir le tionscal na cumarsáide plé a dhéanamh ar shaincheisteanna agus aontú ar phleananna d'fhonn an bealach a réiteach leis na líonraí den chéad ghlún eile agus an rochtain dóibh a thabhairt isteach go sásúil agus a thabhairt i bhfeidhm in Éirinn.

Is é atá de chuspóir leis an nGrúpa Oibre Lárnach agus leis an nGrúpa Oibre Rochtana plé a dhéanamh agus teacht ar aontú mar gheall ar shaincheisteanna mionsonraithe maidir leis an gcur i bhfeidhm, mar shampla, acmhainn idiroibriúcháin, sainmhíniú ar tháirgí, agus cinntiú freisin go dtéitear i ngleic leis na saincheisteanna ar fad maidir leis an tomhaltóir.

I mí Iúil 2007, d'fhoilsigh ComReg Dearcpháipéar (07/40) arb é cuspóir atá leis plé a dhéanamh ar aon éiginnteacht a mheasfaí a bheith ag baint le cúrsaí rialála, an bealach a réiteach d'infheistíocht éifeachtach trí sholáthar d'iomaíocht infrastruchtúir ar an leibhéal is doimhne is inmharthana, treoir a thabhairt maidir le dearcadh polasaí ComReg maidir leis an gcnuasach láithreach de tháirgí mórdhíolacháin faoi rialáil agus na saincheisteanna is mó a leagan amach a bhaineann leis na táirgí mórdhíolacháin atá i ndán agus a mbeidh plé orthu sna chéad fhoilseacháin athbhreithnithe eile maidir leis an margadh.

Tá ComReg faoi láthair ag cinntiú go mbíonn soiléire ag baint le pleananna oibritheoirí, i mbun comhairliúcháin maidir le gnéithe mionsonraithe dá bhfuil de dhíth i gcúrsaí mórdhíolacháin agus i mbun monatóireachta mar gheall ar chora nua maidir leis an rialáil ar leibhéal na hEorpa.

Is den tábhacht é, d'oibreoirí eile chomh maith leis an tomhaltóir, go mbaineann leanúnachas leis an mbailiúchán táirgí mórdhíolacháin atá faoi láthair ann. Ní mór, lena aghaidh sin, tréimhse fógra leordhóthaineach a thabhairt sula scoirfí de na táirgí sin a chur ar fáil. Anuas air sin, is den riachtanas conairí ascnaimh den éifeacht a bheith ar fáil ionas go seachnaítear aon chur isteach ar an gcustaiméir mórdhíola, agus ar an úsáideoir foircinn, agus leis na comhlachtaí oibreora a spreagadh le hinfheistíocht a dhéanamh i gcórais agus i dtáirgí nua a fhágfaidh acmhainn iomaíochta sa tionscal i gcónaí.

Is acmhainn den tábhacht an táirge Bitstream den chéad ghlún eile maidir le hiomaíocht idir seirbhísí. Is den tábhacht é i dtimpeallacht an chéad ghlún eile, go gcuirtear Caighdeán Seirbhíse (QoS) ar leibhéal inchomórtais leis an am i láthair ar fáil don úsáideoir foircinn leis an táirge. Beidh gá le teacht ó chéin ar na córais taca i gcás OAOanna freisin sa chaoi agus go mbíonn smacht de shaghas éigin acu ar an gcaighdeán, agus ar ghnéithe tábhachtacha eile, a bhaineann leis an tseirbhís a chuireann siad ar fáil.

Is iad na ceisteanna maidir le comhshuíomh cófraí agus cúliompar na saincheisteanna is mó maidir leis an díchuachadh ar an bhfolúb. Ó bheadh de dhearcadh gur cosc ar theacht isteach sa mhargadh na costais arda a bhaineann le cófraí breise a chur ar fáil ar na sráideanna, bheadh sé réasúnta a cheapadh go mbeidh dlite ar chomhlacht oibreora a bhfuil Cumhacht den Suntas sa Mhargadh (SMP) aige spás agus deis oibreora a chur ar fáil maidir le háiseanna riachtanacha ina gcuid cófraí.

Beidh gá dul i ngleic leis na saincheisteanna faoin gcúliompar chomh maith ó tá costas suntasach ag baint le cúliompar de do chuid féin a chur ar fáil. D'fhéadfaí léasáil ón oibreoir SMP a dhéanamh mar mhalairt air sin nó b'fhéidir soláthraí tríú páirtí a bheith i gceist a mbeadh na cófraí pasáilte aige.

Is cosúil gur athrú go dtí táirgí bunaithe ar Ethernet a d'fhéadfadh a bheith i gceist maidir leis an gcéad ghlún eile de tháirgí línte ar léas. Tá úsáid níos forleithne á baint as Ethernet maidir leis an gcúliompar agus níos lú éifeachta ó thaobh costais le ciorcaidí bunaithe ar TDM. Mar chuid den athbhreithniú ar an margadh, atá le tabhairt chun críche i rith Ráithe 2 na bliana 2008, beidh ComReg ag déanamh staidéir maidir le malairt réitigh i gcás na dtáirgí mórdhíolacháin reatha d'fhonn a dhéanamh amach cé na nithe a bhféadfaí a mheas gur oiriúnach mar mhalairt iad ar na táirgí mórdhíolacháin atá ann faoi láthair sa chás go bhfuil fadhb ó thaobh iomaíochta i gcónaí ann.

D'fhonn cinntiú go gcaomhnaítear leas an tomhaltóra, réiteoidh ComReg an bealach don iomaíocht éifeachtúil agus don nuáil ionas go gcuirtear rogha táirgí den chéad ghlún eile ar phraghas maith agus ar chaighdeán ard ar fáil, mar shampla Leithead Banda is fairsinge ná 20MB/s, leithead banda ar a éileamh, trí úsáid agus ceithre úsáid. Níor cheart go bhfulaingeodh an tomhaltóir ísliú ar chaighdeán na seirbhíse mar gheall ar aistriú go dtí NGN agus tá an tábhacht chéanna lena chinntiú go gcoinnítear an Caighdeán Seirbhíse le linn tréimhse an aistriúcháin féin. Is den riachtanas freisin go gcinntítear an fhollasacht maidir le táillí mar a chéile i gcomhthéacs NGN, ó tharlódh castacht níos mó i gceist le táillí nuair atá níos mó seirbhísí á dtairiscint i bhfoirm chuachta.

Leagtar cúraimí ar an gcomhlacht oibreora maidir leis an tomhaltóir freisin agus ní mór leanacht ar aghaidh ar an gcaoi sin. Sa chás go bhfuil SMP fós i gceist, is den riachtanas gur i gcomhthéacs NGN a choinnítear na seirbhísí sainordaithe reatha ar fad. Beidh dualgaisí mórthábhachta, mar shampla, iompracht uimhreach, ann i gcónaí agus meastar go ndéanfaidh líonraí idircheangailte IP leas maidir le hiompar éifeachtach. Ceist eile ar gá do na comhlachtaí oibreora dul i ngleic léi an ceann maidir le heolas faoi ionad glaonna a chur ar fáil do gach úsáideoir, gan bheann ar chóras feistithe, soghluaiste nó siúlach a bheith in úsáid acu. De réir mar a thugann ComReg faoi na bearta athbhreithnithe ar an margadh, tharlódh i roinnt cásanna go measfaí gá le hathrú a chur ar scóip na seirbhísí a thagann faoi na Dualgaisí Seirbhíse Uilíoch agus na córais den chéad ghlún eile á dtabhairt i bhfeidhm.

### Táirgí Mórdhíolacháin eile maidir le Córais Seasta

Idirnascadh

I mí Eanáir 2007, rinne ComReg comhairliúchán maidir leis an athbhreithniú ar na margaí don Idirnascadh Seasta i ndáil le seirbhísí mórdhíolacháin maidir le tionscnamh, iompar agus foirceannadh glaonna. Mhol ComReg, sa cháipéisíocht a chuaigh leis sin, go n-ainmneofaí Eircom mar chomhlacht oibreora a raibh Cumhacht den Suntas sa Mhargadh (SMP) aige i dtrí cinn de mhargaí, agus ainmníodh gach oibritheoir a chuir seirbhísí foircinn ar fáil mar chomhlachtaí oibriúcháin le SMP sna margaí maidir le foirceannadh glaonna ar a gcuid córais féin.

I mí Meitheamh 2007, d'fhógair ComReg laghdú ar na rátaí mórdhíolacháin maidir le hidirnascadh de 10% ar an meán (Cáipéis 07/31).

Ceisteanna Eile: Línte Seasta

I mí Deireadh Fómhair 2006, bhí deacrachtaí tromchúiseacha airgeadais ag Smart Telecom, soláthraí seirbhísí gutháin ar línte seasta, a thug ar an gcomhlacht scor de sheirbhís a chur ar fail don chuid is mó dá chuid custaiméirí. Rinne ComReg beart trína aontú le Eircom, an soláthraí ba mhó de chuid Smart ar sheirbhísí mórdhíola, go gcuirfí seirbhís teileafóin shealadach ar fáil do chustaiméirí de chuid Smart a raibh an táirge mórdhíolacháin líne ar cíos ó Eircom in úsáid acu ionas go bhféadfadh na custaiméirí sin soláthraí seirbhíse teileachumarsáide nua a aimsiú. Mhair an socrú eadramhach sin go dtí an 2 Samhain 2006. Lean Smart Telecom i mbun trádála ina dhiaidh sin le réimse custaiméirí níos lú tar éis athchóiriúchán airgeadais a dhéanamh.

### Cúrsaí Rialála

Ar an 11 Lúnasa 2006, d'fhoilsigh ComReg Cáipéis 06/35 Anailís ar an Margadh – Fánaíocht Idirnáisiúnta Mórdhíolacháin (Freagra maidir le Cáipéis Chomhairliúcháin 06/20). Sa cháipéis sin, shocraigh ComReg gan aon oibritheoir a ainmniú mar chomhlacht oibreora a raibh cumhacht den suntas aige sa mhargadh maidir le Fánaíocht Idirnáisiúnta Mórdhíolacháin.

I rith na tréimhse faoi chaibidil, bhí ComReg agus lucht an tionscail i mbun chlár oibre leis an mbealach a réiteach leis an gcéad Oibritheoir Córais Soghluaiste Samhalta (MVNO), Tesco Mobile Ireland (TMI), a ligean isteach sa mhargadh.

### An Comhlíontas agus Bearta Forfheidhme maidir le Rialáil ar chúrsaí Teileachumarsáide

Baineann Comhlíontas i gcúrsaí Teileachumarsáide le bearta imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin maidir leis na dualgaisí a leagtar go díreach ar chomhlachtaí oibriúcháin faoi na rialacháin teileachumarsáide agus na dualgaisí a leagtar orthu de bharr threoracha de chuid ComReg, tar éis comhlachtaí oibreora a ainmniú mar oibreoirí le Cumhacht den Suntas sa Mhargadh go príomha.

Beartaíocht lárnaithe an bheartaíocht a dhéanann ComReg maidir leis an gcomhlíontas i gcúrsaí Teileachumarsáide agus is mar fheidhm ar leith taobh istigh den Rannóg Mórdhíolacháin a chuirtear i gcrích í.

Le linn thréimhse na tuarascála seo, tugadh 31 beart imscrúdúcháin mar gheall ar chomhlíontas chun críche. Ina measc sin, bhí imscrúdúchán mar gheall ar shárú líomhanta ar dhualgaisí chomh maith le monatóireacht ar an gcomhlíontas maidir le dualgaisí. Bhí seacht mbeart imscrúdúcháin arbh é breith a tugadh ina leith nach rabhthas ag comhlíonadh na gcoinníollacha mar ba chóir

# Tomhaltóirí

I measc na bhfeidhmeanna agus na gcuspóirí a leagtar ar ComReg faoin reachtaíocht, mar a leagtar amach iad san Acht um Rialáil Cumarsáide 2002, tá imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin maidir leis an soláthar agus an teacht ar sheirbhísí cumarsáide agus ar chórais cumarsáide leictreonaice maille leis na háiseanna a bhaineann leo sin agus leas an lucht úsáide a chur chun cinn. Féachtar, leis an bpolasaí atá ag ComReg i leith an tomhaltóra, leis an tomhaltóir a chosaint, a chur ar an eolas agus lena leas a chur chun cinn.

Leagtar amach thíos na cuspóirí faoi leith a bhaineann leis an tomhaltóir de réir mar a leagtar amach iad i Ráiteas Straitéise Comreg (2005-2007):

- **An leas is fearr is féidir don tomhaltóir**


  Is í an aidhm atá ann ná a dheimhniú go bhfuil rogha leathan, luach airgid agus ardcháilíocht ar fáil don tomhaltóir agus baintear sin amach de ghnáth trí chreatoibre rialála atá bun leis an mbealach a réiteadh d'iomaíocht den éifeacht agus lena tabhairt chun cinn.

- **Cosaint an Tomhaltóra**

  Is í an aidhm atá ann ná bearta a chur i gcrích chun an tomhaltóir a chosaint le linn don iomaíocht a bheith á tabhairt chun cinn. Tugtar sin i gcrích trí bhearta ar leith a chuirtear i bhfeidhm faoin reachtaíocht iomchuí (treoracha de chuid an AE agus an reachtaíocht náisiúnta den chuid is mó).

- **Tuiscint an Tomhaltóra a thabhairt chun cinn**

  Is í an aidhm atá ann ná faisnéis a chur ar fáil don tomhaltóir a chuirfidh ar a chumas rogha lán eolais a dhéanamh sa mhargadh, agus, ag éirí as sin, cur le forbairt na hiomaíochta. Déantar sin trí fhaisnéis a bhaineann le hábhar a fhoilsiú agus trí chaidreamh leanúnach a choinneáil le grúpaí tomhaltóirí agus lena gcuid ionadaithe.



## An leas is fearr is féidir don Tomhaltóir

### Seirbhís Uilíoch

Is clár ríthábhachtach maidir le leas an tomhaltóra an tSeirbhís Uilíoch a chur ar fáil. Chuaigh an chéad ainmniúchán a rinneadh faoin gcreat nua oibre i léig i mí Iúil 2006. Níor léirigh gnóthas ar bith ach amháin Eircom suim i ngnéithe den Sheirbhís Uilíoch a chur ar fáil agus rinneadh Eircom a ainmniú arís ar an Soláthraí Seirbhíse Uilíoch (USP) maidir leis na seirbhísí ar fad a bhaineann le hábhar ar feadh na tréimhse go deireadh Meitheamh 2010.

Rinne ComReg, i rith na tréimhse seo tuairisc a fhoilsiú ar fheidhmiúchán Eircom maidir leis an USO a fhoilsiú uair in aghaidh na ráithe. Tráchtar, de réir an chaoi a leagtar amach gach tuairisc a foilsíodh, ar línte a chur isteach agus a cheangal, líon na bhfabhtanna agus na mbearta deisiúcháin ar línte, an teacht atá ar an idirlíon, teileafóin táille poiblí, táillí inacmhainne agus bearta speisialta do dhaoine faoi mhíchumas.

Seo a leanas na claonta atá tugtha faoi deara ag ComReg maidir le cúrsaí feidhmiúcháin in Eircom i bhfianaise na dtreoirlínte maidir leis an bhfeidhmiúchán USO a foilsíodh i mí Meán Fómhair 2005:

### An fhaid a chaitear sula gcuirtear líne isteach

I gcás gach ráithe de cheithre ráithe na bliana 2006, d'éirigh le Eircom níos mó ná 90% de na línte a chur isteach taobh istigh de ceithre seachtaine ó ordaíodh iad. Is ábhar dóchais an leibhéal feidhmiúcháin sin i gcomparáid leis an sprioc a leagtar síos sna treoirlínte, ráta 60% taobh istigh de ceithre seachtaine. Ní mór a lua ina dhiaidh sin féin gur in situ a rinneadh an chuid is mó de na línte a chur isteach (arna gcur ag obair go leictreonach) agus nach raibh aon ghá le líne a chur isteach go fisiciúil.

As na spriocanna ar fad a leagadh síos sna treoirlínte maidir leis an am le haghaidh líne a chur isteach, theip ar Eircom an sprioc a bhaint amach maidir le gach iarratas a chomhlíonadh taobh istigh de 52 seachtain.

### Fabhtanna sna línte agus obair dheisiúcháin

Tá an ráta fabhtanna ar chóras Eircom ag ardú go leanúnach ó thús na bliana 2006 – tá an ráta fabhtanna ar línte gnáth-theaghlaigh ardaithe le bliain anuas. 4.5 fabht in aghaidh an 100 líne an ráta i rith an chéad ráithe den bhliain 2006 mar shampla, i gcomparáid le 7.5 fabht in aghaidh an céad líne maidir le Ráithe 1 2007. Tá titim de bheagán tagtha ó shin ach tá an ráta fós go maith os cionn 6 cinn d'fhabhtanna in aghaidh na ráithe. Is díol mór imní an pátrún sin, ní amháin do chustaiméirí miondíola Eircom ach do na hoibreoirí eile atá ag brath ar línte Eircom lena gcuid seirbhísí féin a chur ar fáil.

Tá fad tagtha ar an achar a thógann sé fabhtanna i línte a chur ina gceart ag an am céanna ar tháinig ardú ar líon na bhfabhtanna in aghaidh na ráithe. I gcás fabhtanna ar línte gnáth-theaghlaigh, b'ionann an t-achar ar an méan a thóg sé i mí Márta 2006 le 95% de na fabhtanna a chur ina gceart agus 55.4 uair a chloig oibre. Faoi Mhárta 2007, bhí an t-achar a thóg sé an céatadán céanna de na fabhtanna a chur ina gceart sínte amach go dtí 74.5 uair a chloig oibre.

### Cúrsaí Feidhmiúcháin maidir le Réimsí eile

Éilítear leis an treoirlíne a leagadh síos maidir le Teacht Feidhmiúil ar an Idirlíon go mbeadh ar a laghad 94% de na línte a bheadh in achmhainn luas 28kbps nó níos mó a sheasamh. Tá Eircom ag sású na treoirlíne sin ó mhí Márta 2006.

Bhí 4,074 teileafón táille USO ar fáil i mí Márta 2006 agus beagán le cois 86% acu sin i riocht iomlán oibre. Laghdaigh Eircom, de réir modh oibre a leagadh amach sa bhliain 2006, líon na dteileafón táille mar gheall nach mbaintear an oiread úsáid astu agus a bhaintí. Rinneadh an chuid is mó den obair ag baint amach teileafóin táille idir an ceathrú ráithe den bhliain 2006 agus an chéad ráithe den bhliain 2007 agus b'ionann líon iomlán na dteileafón táille i mí Márta 2007 agus 3,800. Meastar go dtarlóidh caomhchóiriú breise maidir le líon na dteileafón táille i rith na bliana 2007. Chuir Eircom teileafóin táille sa bhreis ar fáil in ionaid siopadóireachta, aerphoirt etc. Ó tharla gur in ionaid nach mbíonn teacht leanúnach ag an bpobal orthu an t-am ar fad na teileafóin sin, ní thugtar iad sin a bheith ar fáil san áireamh maidir leis an tSeirbhís Uilíoch.

## Cur chuige ComReg maidir le Feidhmiúchán Eircom i ndáil leis an USO

Ní thagann faoi scáth na dtreoirlínte reatha ach línte a chur isteach agus teacht a bheith ar an idirlíon go feidhmiúil. Bunaithe ar fheidhmiúchán Eircom le bliain anuas, chuir ComReg tús le comhairliúchán faoi Spriocanna Feidhmiúcháin USO d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar na treoirlínte reatha agus spriocanna leasaithe a leagan síos. Tá béim faoi leith, leis na spriocanna atá molta ag ComReg maidir leis an gcomhairliúchán, ar bhrostú faoi línte a chur isteach agus fabhtanna a dheisiú agus laghdú a chur ar líon na bhfabhtanna a tharlaíonn.

# Tomhaltóirí ar lean

### Inrochtaineacht

Faoi Acht Cumarsáide na bliana 2002, déanann ComReg bearta faoi leith d'fhonn cinntiú go mbíonn an leas is fearr is féidir le baint ag gach duine, daoine faoi mhíchumas san áireamh, as cúrsaí cumarsáide ó thaobh rogha, praghas agus caighdeáin de.

Chomh maith leis an Acht Cumarsáide, rinne ComReg cion oibre maidir le Plean Earnála 2006 – 2009 na Roinne Cumarsáide, faoin Acht um Míchumas 2005, trí na pointí beartaíochta seo a leanas a leagan amach:

1. Oibriú le lucht an tionscail, iad siúd nach dtagann faoi scáth an USO san áireamh, d'fhonn ugach a thabhairt agus na soláthraithe seirbhíse a spreagadh lena chinntiú go mbíonn na seirbhísí inrochtaine ag daoine faoi mhíchumas;

2. Cinntiú go ndéantar an t-eolas maidir le seirbhísí inrochtaine a bheith ar fáil a chraobhscaoileadh go forleathan;

3. Oibriú i gcomhar leis na soláthraithe seirbhíse maidir le socruithe billí den éifeachtúlacht a thabhairt chun cinn do dhaoine atá faoi mhíchumas.

### An Fóram maidir le Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas

I bhfianaise na bpointí beartaíochta a chuir ComReg roimhe, cuireadh Fóram maidir le Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas ar bun i mí Deireadh Fómhair 2006. Tá ionadaithe thar ceann na gcomhlachtaí teileachumarsáide móra agus thar ceann eagraíochtaí maidir le cúrsaí míchumais ar fud na tíre ar chomhaltaí an Fhóraim faoi láthair.

### Príomhchuspóirí an Fhóraim agus an dul chun cinn faoi láthair

1. Na seirbhísí atá á gcur ar fáil ag soláthróirí seirbhíse faoi láthair agus a bhaineann leis an riachtanas a bheadh ag duine faoi mhíchumas a shonrú.

   Socraíodh fo-ghrúpa den Fhóram a chur ar bun d'fhonn ceistiúchán a chur le cheile don tsoláthróir seirbhíse. Bheadh ar chumas an Fhóraim, ach torthaí an cheistiúcháin a bheith acu, na seirbhísí atá ar fáil faoi láthair agus an oiread a fhreastalaítear ar dhaoine faoi mhíchumas a dheimhniú.

2. Ceisteanna maidir le hinrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas i ndáil leis na seirbhísí cumarsáide a shonrú.

   D'oibrigh ComReg i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Míchumais (UNM) agus grúpa éagsúla cúrsaí míchumais de chuid an Fhóraim le suirbhé a chur i dtoll a chéile. Bhain an tsuirbhé leis na seirbhísí ba mhaith le daoine faoi mhíchumas agus na seirbhísí a raibh úsáid á baint acu astu faoi láthair i ndáil le fón póca, fón líne sheasta agus seirbhísí leathanbhanda.

3. An dea-chleachtas a chothú i measc soláthraithe seirbhíse maidir le seirbhís den inrochtaineacht a chur ar fáil don tomhaltóir.

   Is iomaí beart atá curtha chun cinn ag an bhFóram a bhfuil ComReg ag obair mar gheall orthu faoi láthair i gcomhar leis na soláthróirí seirbhíse a fhreastalaíonn an Fóram. Is é an tionscnamh a bhfuil aontú iomlán air i measc an Fhóraim go ndéanfaidh na soláthróirí seirbhíse feabhsú maidir leis an gcúnamh taca don chustaiméir agus go gcuirfear leis an oiliúint ar an bhfoireann. Beart eile atá á chur i gcrích faoi láthair ag na soláthróirí seirbhíse, rannóg den láithreán greásáin dírithe go sainiúil orthu siúd atá faoi mhíchumas a chur ar fáil i bhfoisceacht clic amháin ar nasc. Ba cheart go gcuideodh an dá thionscnamh sin le bisiúlacht maidir leis an dea-chleachtas agus le seirbhís inrochtaine don chustaiméir. Táthar i mbun oibre anois ar bhearta eile, billí a chur ar fáil i bhfoirmeacha inrochtaineacht ina measc.

4. Craobhscaoileadh eolais i bhfoirm áisiúil ar úsáideoirí atá faoi mhíchumas a chur chun cinn i measc soláthróirí seirbhíse ionas go bhféadann an lucht úsáide rogha a dhéanamh maidir le seirbhísí agus soláthraí seirbhíse.

   Cuireadh tús le tionscadal lena gcuirfí treoirleabhar tomhaltóra le chéile maidir le réimse na seirbhísí atá ar fáil faoi láthair ó na soláthróirí seirbhíse d'fhonn cuidiú leis an úsáideoir seirbhís a roghnú a oireann dó.

5. An riachtanas atá ag úsáideoir faoi mhíchumas a thabhairt chun follasachta trí athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na seirbhísí a chuirtear ar fáil faoi láthair maidir le soláthar do riachtanas an té atá faoi mhíchumas agus bearta feabhsúcháin nó malairt seirbhíse a mholadh.

   Tá tuiscint ag an bhFóram de bharr na suirbhé ar na nithe a theastaíonn ó dhaoine faoi mhíchumas agus na nithe ba mhaith leo.

## Fánaíocht Idirnáisiúnta

Ar an 7 Meitheamh 2007, tháinig Comhairle Airí na hEorpa ar aontú polaitiúil ar thogra do Rialachán faoi fhánaíocht. Coimisiún na hEorpa a mhol sin d'fhonn a thabhairt go dtiocfadh laghdú suntasach ar tháillí fánaíochta maidir le fón póca.

Chuir Coimisiún na hEorpa an Rialachán fánaíochta chun cinn de bharr comhlachtaí rialála náisiúnta, ComReg san áireamh tríd an nGrúpa Rialála Eorpach, a lua go raibh ábhar buartha ann. D'fhág Creat Rialála na bliana 2002 cosc ar chomhlachtaí rialála dul i ngleic leis an gceist faoi tháillí arda fánaíochta. Leagtar síos sa Rialachán nua na táillí is féidir le lucht oibriúcháin soghluaiste a ghearradh maidir le seirbhísí fánaíochta i ndáil le glaonna gutháin a thionscnaítear agus a shroicheann ceann scríbe taobh istigh den chomhphobal ar leibhéal an mhórdhíolacháin agus an mhiondíolacháin araon.

## Conas a laghdaítear táillí fánaíochta mar gheall ar Rialachán an AE faoi Fhánaíocht?

Tagann rátaí fánaíochta mórdhíola faoi réir uasteorainn praghas 30 cent in aghaidh an nóiméid agus sin á ísliú go dtí 28 cent agus 26 cent tar éis 12 mí agus 24 mí faoi seach.

| Dáta éifeachta | 30 Lúnasa 2007 | 30 Lúnasa 2008 | 30 Lúnasa 2009 |
|---|---|---|---|
| Fánaíocht Mórdhíolacháin Ráta in aghaidh an Nóiméid | 30 cent | 28 cent | 26 cent |

**Tagann rátaí miondíolacháin faoi réir na dteorainneacha seo a leanas:**

| Bonn saor ó CBL | 2007 | 2008 | 2009 |
|---|---|---|---|
| Uasteorainn maidir leis an "Eurotariff" i gcás glaonna a dhéantar taobh istigh den AE | 49 cent | 46 cent | 43 cent |
| MUasteorainn maidir leis an "Eurotariff" i gcás glaonna a ghlactar taobh istigh den AE | 24 cent | 22 cent | 19 cent |

## Follasacht

Cinnteofar leis an Rialachán fánaíochta chomh maith go mbíonn eolas faoi phraghasáil níos follasaí don tomhaltóir. Éilítear faoi go dtugann soláthróirí seirbhíse a chuireann córas soghluaiste ar fáil eolas sainiúil pearsanta in aisce don chustaiméir maidir leis na táillí miondíolacháin i leith fánaíochta. Cé gur i leith seirbhísí gutháin amháin atá uasteorainn i bhfeidhm maidir le praghasanna fánaíochta faoin rialachán, éilítear freisin faoin rialachán go ndéanfadh na comhlachtaí rialála náisiúnta monatóireacht ghéar ar aon chora nua maidir le praghasanna i gcás seirbhís gearrtheachtaireachtaí (SMS) agus seirbhísí sonraí le linn fánaíochta. Tá an Coimisiún ag éileamh ar na comhlachtaí oibriúcháin maidir le córais soghluaiste na táillí an-ard a ghearrtar maidir le SMS agus seirbhísí sonraí le linn fánaíochta a ísliú dá ndeoin féin ionas nach gá rialáil a dhéanamh maidir leo sin freisin.

Nuair a tháinig an Rialachán fánaíochta isteach mar chuid den dlí ar an 30 Meitheamh 2007, rinne ComReg caidreamh leis na ceithre comhlacht oibreora a bhfuil córas soghluaiste acu in Éirinn d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar chomhlíonadh an Rialacháin nua seo de chuid an AE.

## Tíortha san AE a bhfuil an Eurotariff i bhfeidhm ina leith

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Ostáir | An Fhionnlainn | An Liotúáin | An tSlóvaic |
| An Bheilg | An Fhrainc | Lucsamburg | An tSlóivéin |
| An Bhulgáir | An Ghearmáin | Málta | An Spáinn |
| An Chipir | An Ghréig | An Ísiltír | An tSualainn |
| Poblacht na Seice | An Ongáir | An Pholainn | An Ríocht Aontaithe |
| An Danmhairg | An Iodáil | An Phortaingéil | |
| An Eastóin | An Laitvia | An Rómáin | |

# Tomhaltóirí ar lean

### Cosaint don Tomhaltóir

Glaonna Margaíochta gan Iarrraidh

I mí Iúil 2005, sheol ComReg agus an Coimisinéir um Cosaint Sonraí clár "Ná Déantar Caidreamh" do lucht úsáide teileafóin ionas nach dtiocfadh glaonna margaíochta chucu gan a n-iarraidh. Luaitear sna Rialacháin a bhaineann le hábhar nach mór do gach úsáideoir teileafóin faoi rogha an diúltaithe a dhéanamh. Is tacar an clár de chuid Bhunachar Sonraí an Eolaire Náisiúnta (NDD) ar liosta atá ann de gach duine a bhfuil síntiús acu maidir le teileafón ach amháin iad siúd nach mian leo a lua in eolaire poiblí nó a liostú trí sheirbhísí fiosrúcháin maidir le heolairí.

Go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2006, ní bhíodh taifead ar bith faoi shíntiúsóirí seach-eolaire san NDD. D'fhág sin nach raibh an chosaint ag síntiúsóir seach-eolaire ar ghlaonna margaíochta gan iarraidh a chuirtear ar fáil do shíntiúsóirí liostaithe/neamhliostaithe.

Bhí gá le Treoir ó ComReg do gach soláthraí Seirbhís Teileafóin atá ar Fáil go Poiblí (PATS) faoi Rialachán 18 in I.R. 535 den bhliain 2003 uimhreacha seach-eolaire a chur ar fáil don NDD lena aghaidh sin. D'eisigh an Coimisinéir um Chosaint Sonraí Fógra Forfheidhmiúcháin freisin le gach páirtí (arna eisiúint an 30 Meitheamh 2006). Chuaigh lucht an tionscail agus an NDD i ngleic leis na ceisteanna teicniúla agus praiticiúla ag an am agus rinne ComReg monatóireacht ar an gcomhlíontas.

Seoladh lón treorach nua chuig gach custaiméir seach-eolaire ón oibritheoir líne talún d'fhonn a chur in iúl dóibh go raibh an chosaint iomlán ó chlár rogha diúltaithe NDD maidir le margaíocht dhíreach ar fáil anois dóibh. Cuirtear an rogha diúltaithe i bhfeidhm anois do gach custaiméir seach-eolaire.

I rith ráithe deiridh na bliana 2006, chuir ComReg agus Oifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí (CCS) sraith fógraí sna páipéir nuachta náisiúnta d'fhonn an tomhaltóir a chur ar an eolas faoi chlár an rogha diúltaithe. Chomh maith leis sin, cuireadh feachtas fógraí raidió ar bun i gcomhar leis an CCS i rith an chéad ráithe den bhliain 2007 ag díriú aird an tomhaltóra ar chlár rogha an diúltaithe sa Bhunachar don Eolaire Náisiúnta (NDD). Tharraing an feachtas sin go leor fiosrúcháin ar Líne ComReg don Tomhaltóir ó thomhaltóirí a bhí ag fiosrú mar gheall ar bhreis sonraí maidir leis an rogha diúltú glaonna margaíochta a theacht chucu.

Faoi dheireadh thréimhse na tuarascála seo, b'ionann líon iomlán na dtomhaltóirí ar an mbunachar sonraí maidir leis an rogha diúltú do mhargaíocht dhíreach agus 847,500.

### Monatóireacht maidir le Conarthaí

Thug ComReg faoi athbhreithniú leathanréimseach i rith na bliana ar na conarthaí le tomhaltóirí d'fhonn leibhéal an chomhlíontais maidir lena n-éilítear le Rialachán 17 de chuid na Rialacháin faoi Sheirbhís Uilíoch.

Éilítear le Rialachán 17 go sonraítear i ngach conradh eolas ar an leibhéal íosta seo a leanas:

(a) ainm agus seoladh an tsoláthraí,

(b) an tseirbhís a chuirtear ar fáil, na leibhéil caighdeán seirbhíse a thairgítear chomh maith le ham maidir leis an gcéad cheangal,

(c) cineálacha na seirbhísí cothabhála a thairgítear,

(d) sonraí faoi phraghsanna agus taraif agus na modhanna inar féidir eolas reatha faoi gach táille a bhainfeadh le hábhar agus gach taraif cothabhála a ghearrfaí a fháil,

(e) tréimhse an chonartha, coinníollacha maidir le hathnuachan nó foirceannadh ar na seirbhísí a luaitear sa chonradh,

(f) aon socruithe maidir le cúiteamh nó aisíoc a thagann i gceist mura sásaítear na caighdeáin seirbhíse a luaitear sa chonradh

agus

(g) an modh ina dtionscnaítear imeachtaí d'fhonn aighnis a réiteach faoi mar a leagtar amach faoi Rialachán 28.

I mí Meán Fómhair 2006, threoraigh ComReg do gach soláthraí seirbhíse maidir le seirbhísí cumarsáid leictreonach a bhí ar fáil go poiblí an cháipéisíocht chaighdeánta ar fad maidir le conarthaí a chur ar fáil don Choimisiún agus cuireadh sin faoi athbhreithniú d'fhonn leibhéal an chomhlíontais maidir leis na dualgaisí faoin reachtaíocht a dhéanamh amach.

I mí Iúil 2007, chuir ComReg fógra chuig soláthraithe seirbhíse áirithe maidir le nithe nach raibh trácht mar ba chóir orthu sna conarthaí a rinne siad le tomhaltóirí. Tugadh tréimhse trí mhí do na soláthróirí seirbhíse, go dtí an 31 Deireadh Fómhair, le cásanna neamh-chomhlíontais a chur ina gceart nó lena dtuairim a thabhairt i leith bhreith ComReg faoina gcás féin go sonrach.

Mar chuid den tionscnamh sin, sheol ComReg treoir nua don tomhaltóir maidir le conarthaí chomh maith d'fhonn cur leis an tuiscint i measc na dtomhaltóirí ar na cearta faoi leith atá acu i ndáil le conarthaí i réimse na teileachumarsáide.

### Plé le Gearáin de réir na Ráithe

Le linn na tréimhse ó mí Iúil 2006 go dtí mí Meitheamh 2007, réitigh ComReg 3,049 gearán agus 14,465 fiosrúchán maidir le réimse ceisteanna a bhain leis an tomhaltóir. Tá ardú le sonrú as sin ar líon na nglaonna ar Líne ComReg don Tomhaltóir i rith na tréimhse seo i gcomparáid leis an tréimhse céanna bliain roimh ré. Ba iad na saincheisteanna ba mhó a bhí ag déanamh tinnis do na tomhaltóirí a ghlaoigh ar an Líne don Tomhaltóir:

- Ceisteanna maidir le billí
- Seirbhísí teileafóin agus leathanbhanda a shuiteáil
- Deisiúchán maidir le fabhtanna
- Ceisteanna maidir le conarthaí

18% le 82% an cóimheas idir gearáin agus fiosrúcháin ar an meán.

Rinne ComReg monatóireacht ghéar, trí mhodh oibre le staitisticí agus pátrúin maidir leis an gcúram don tomhaltóir i ndáil leis na glaonna chuig an líne cúnta, mar gheall ar dhíolachán míchuí agus nósanna eile a mbeadh tionchar na míbhuntáiste acu ar an tomhaltóir agus ar an tionscal. Tá modhanna oibre curtha ar bun ag ComReg trína dtarlaíonn athbhreithniú de réir na míosa ar phátrúin, cruinnithe le hoibreoirí agus próisis forfheidhme de réir mar is gá, d'fhonn dul i ngleic le haon cheist a thagann chun cinn nó a leanann ar aghaidh.

### An Painéal Comhairleach don Tomhaltóir

Chuir an Coimisiún an Painéal Comhairleach don Tomhaltóir (CAP) ar bun ionas go bhféadfaí léargas a fháil ó ionadaithe tábhachtacha de chuid an tionscail agus na dtomhaltóirí ar chora nua a thagann chun cinn. Tháinig an painéal le chéile trí huaire i rith na bliana, ar an 12 Deireadh Fómhair 2006, an 25 Eanáir 2007 agus an 27 Aibreán 2007, d'fhonn réimse leathan ábhair éagsúil a iniúchadh agus a phlé.

### Obair le Gníomhaireachtaí eile

Lean ComReg den obair le gníomhaireachtaí eile, go háirithe leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí (GNT) nuabhunaithe agus le hÚdarás Caighdeán Fógraíochta na hÉireann (ÚCFÉ).

Thug ComReg, i gcomhar leis an GNT, cuireadh ar an 8 Samhain 2006 do na hoibreoirí teacht i láthair ag fóram maidir leis an tomhaltóir i mBaile Átha Cliath. Ba é cuspóir a bhí leis an bhfóram deis a thabhair do na hoibreoirí tuiscint níos fearr a fháil ar na dualgais atá orthu i leith an tomhaltóra i gcás seirbhísí cumarsáid leictreonaice. Bhí níos mó ná 80 ionadaí a raibh deis acu cloisteáil ar an láthair ó ComReg agus ón GNT faoi shaincheisteanna a chuireann an tomhaltóir gnáth-theaghlaigh agus an tomhaltóir gnó araon faoina mbráid.

Thosaigh ComReg agus an GNT a déanamh athbhreithnithe ar thionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an Acht nua um Chosaint Tomhaltóirí agus gnéithe den obair lena chur i bhfeidhm ar earnáil na cumarsáide.

Rinne ComReg obair i gcomhar le ÚCFÉ freisin d'fhonn monatóireacht a dhéanamh maidir le húsáid a bhaint as téarmaí áirithe i gconarthaí, mar shampla 'acceptable usage' agus thángthas ar thuiscint aontaithe maidir leis an gcaoi ar cheart téarmaí dá leithéid a chur i bhfeidhm d'fhonn follasacht ó thaobh praghasála a chinntiú.

### Cás Smart Telecom

Dé Luain, an 2 Deireadh Fómhair 2006, tharraing Smart Telecom siar ó sheirbhísí áirithe teileachumarsáide a chur ar fáil dá gcuid custaiméirí.

Chuir ComReg réimse bearta i bhfeidhm ó Dé Luain, an 2 Deireadh Fómhair 2006 ar aghaidh a raibh de straitéis lárnach leo eolas sainiúil, tráthúil, cruinn a chur chuig custaiméirí Smart Telecom le cinntiú go gcoinneofaí ar an eolas iad faoin gcás, go mór mór faoin gcaoi a ngoillfeadh sé ar an tseirbhís gutháin a bhí acu, an ní ba ghá dóibh a dhéanamh agus an tráth ar ghá dóibh é bheith déanta acu.

Bhí roinnt acmhainní in úsáid ag ComReg d'fhonn sin a bhaint amach, na láithreán greásáin, an Líne don Tomhaltóir agus na nuachtáin san áireamh, ionas gur ligeadh don chustaiméir an t-eolas a fháil ar an mbealach is fearr a d'oir dó féin.

Tugtar mionsonraí anseo síos faoi na bearta a cuireadh i bhfeidhm:-

- Teachtaireachtaí ar an Fón arna n-aontú le ComReg
  An tomhaltóir a raibh cur isteach ar an tseirbhís acu ar an 2 Deireadh Fómhair, cuireadh an scéal in iúl dó ar dtús trí theachtaireacht, a bhí aontaithe le ComReg, a tháinig chucu nuair a thriail siad an fón a úsáid.

  Ina dhiaidh sin, cuireadh seirbhís ar fáil go sealadach go dtí an 25 Deireadh Fómhair 2006 agus, an tráth sin, tháinig teachtaireacht eile a bhí aontaithe ag ComReg go dtí an custaiméir nár aistrigh do dtí malairt seirbhíse roimhe sin nuair a triaileadh glaoch ar uimhir áitiúil.

- An Láithreán greásáin
  Rinneadh leasú ar leathanach baile shuíomh idirlín ComReg don tomhaltóir, www.askcomreg.ie, ar an 3 Deireadh Fómhair 2006 agus go tráthrialta ina dhiaidh sin. Cinntíodh ar an gcaoi sin gur coinníodh custaiméirí Smart Telecom ar an eolas faoin gcás agus faoina raibh i gceist leis dóibh féin maidir leis an acmhainn, go gearrthéarmach agus go leanúnach, glaonna a dhéanamh agus a ghlacadh agus a mbeadh i gceist maidir leis an tseirbhís leathanbhanda dóibh.

# Tomhaltóirí ar lean

Cuireadh trasna ar an láithreán greásáin freisin an teachtaireacht thábhachtach do chustaiméirí seirbhíse gutháin amháin maidir leis an ngá aistriú go dtí malairt soláthraí a luaithe ab fhéidir. Rinneadh, ar an údar sin, eolas ó ComReg don tomhaltóir maidir le haistriú agus soláthraithe línte seasta a chur le chéile ar aon leathanach amháin agus nasc uaidh sin go dtí www.callcosts.ie.Ar an 5 Deireadh Fómhair 2006, cuireadh deis chuardaigh leis an láithreán greásáin ionas go raibh ar chumas chustaiméirí de chuid Smart Telecom an Uimhir Chuntais Uilíoch (UAN) a aimsiú, uimhir atá riachtanach nuair a bhíonn aistriú go dtí soláthraí nua le cur i bhfeidhm. Is léir ó líon na n-uaireanta a ceadaíodh www.askcomreg.ie agus www.callcosts.ie, agus líon na UAN a tarraingíodh anuas (timpeall is 10,600) i rith na tréimhse sin go ndearnadh cuid mhór leis an mbeart sin maidir le deis a chur ar fáil don tomhaltóir gach eolas a bhí de dhíth maidir le haistriú go dtí soláthróir eile a fháil in aon áis amháin.

- Líne an Tomhaltóra
  Bhí trí chuid san eolas a cuireadh ar fáil do chustaiméirí Smart Telecom ar dtús, ag brath ar an tseirbhís ó Smart Telecom a raibh síniúchán déanta ag an gcustaiméir ina leith. Cuireadh IVR (Freagra Gutháin Idirghníomhaíochta) ar bun leis an eolas sin a chur ar fáil i dtosach. Dé réir mar a tháinig athrú ar an scéal, leagadh amach Líne ComReg don Tomhaltóir sa chaoi agus gur pléadh le glaonna ó chustaiméirí Smart Telecom glan ar fad ar ghnáthghlaonna ar Líne ComReg don Tomhaltóir (tuairisc leis na gnáthstaitisticí in aghaidh na ráithe ar www.askcomreg.ie). Rinneadh plé i rith na tréimhse sin le isteach is amach le 9,100 glao teileafóin agus tuairim is 2,000 teachtaireacht ríomhphoist faoi Smart Telecom.

- Feachtas Amach
  Idir an 27 Deireadh Fómhair agus an 1 Samhain, cuireadh feachtas caidrimh amach leis an tomhaltóir i bhfeidhm. Bhí an feachtas sin dírithe go sonrach ar na tomhaltóirí sin nach raibh, chomh fada agus ab eol do ComReg, malairt soláthróir roghnaithe acu agus a bhí i mbaol bheith gan seirbhís ar an 2 Samhain (circa 12,000 duine).

  Cuireadh glaoch gutháin ar gach custaiméir agus de phríomhchuspóir leis teachtaireacht lárnach a chur trasna go ngearrfaí an tseirbhís orthu mura n-aistrídís go dtí malairt soláthróir ar an bpointe. Fuarthas amach go raibh na tomhaltóirí ar labhraíodh leo ar an eolas faoin scéal sa chuid is mó de na cásanna ach, ina ainneoin sin, nach raibh aon ní déanta acu mar gheall air go fóill. Anuas ar an méid sin, idir an 31 Deireadh Fómhair agus an 1 Samhain 2006, tháinig litir chuig na custaiméirí sin ar fad ó ComReg inar leagadh amach míniú ar an gceist, eolas faoin gcás go dtí sin agus an gá le haistriú go dtí soláthróir eile gan mhoill.

- Fógraí sna Nuachtáin
  Ag teacht leis an straitéis cumarsáide leis an tomhaltóir ar an tsaincheist seo, cuireadh fógraí a leagadh amach go sonrach leis an tomhaltóir a chur ar an eolas faoin athrú ba dheireanaí ar an gcás sna páipéir go tráthrialta agus treoraíodh do dhaoine an láithreán greásáin www.askcomreg.ie agus Líne ComReg don Tomhaltóir a úsáid maidir le sonraí breise a fháil.

## Cur le Tuiscint an Tomhaltóra

### Eolas don Tomhaltóir

Tá ríthábhacht le heolas don tomhaltóir á chur ar fáil go forbheartach ag ComReg lena chinntiú go mbíonn an tomhaltóir lán eolais agus é ag socrú faoi sheirbhísí cumarsáide agus ag déanamh beart dá réir. Déantar eolas dá shórt a chur ar fáil ar roinnt bealaí:

### 1. Treoir don Tomhaltóir

Cuirtear treoracha de chuid ComReg atá éasca le húsáid ar fáil i bhformáid chlóite agus i gcruachóip agus is treoracha luachmhara iad le haghaidh tomhaltóirí cumarsáide lena chinntiú:

- go gcoinnítear an tomhaltóir ar an eolas faoi réimsí ábhair inspéise a bhaineann le cúrsaí cumarsáide;
- go bhfuil an t-eolas ar fad a bhaineann le hábhar maidir le gnéithe ar leith ar fáil ag an tomhaltóir in áit amháin;
- go bhfuil an t-eolas a chuirtear ar fáil éasca le tuiscint. Ar an ábhar sin, lean ComReg den obair i gcomhar le NALA (National Adult Literacy Agency) agus tá marc 'Plain English' gnóthaithe maidir le leagan Béarla na bhfoilseachán treorach ar fad.

Rinneadh na treoracha seo a leanas don tomhaltóir a fhoilsiú nó leagan leasaithe díobh a chur ar fáil le linn tréimhse na tuarascála seo:-

- Athrú – Teileafóin Fheistithe (Línte ar dhroim talún) – Déan do Rogha Rud
- Glao gan larraidh – Treoir simplí maidir le glaonna nach n-éilítear ó comhlachtaí margaíochta dírí a chosc
- Treoir maidir leis an USO – Dualgais Seirbhíse Uilíche
- Treoir maidir le VOIP – Prótacal don Ghuthán ar an Idirlíon
- Treoir maidir le Conarthaí Teileachumarsáide

Meastar go ndéanfar fuílleach na dtreoracha don tomhaltóir a leasú i rith na bliana 2007 – 2008.

### 2. Láithreán greásáin don Tomhaltóir

Táthar dúthrachtach in ComReg maidir le cinntiú go mbíonn an t-eolas iomlán ar fáil don tomhaltóir faoi réimse na modhanna cumarsáide atá ar fáil agus a bhfuil rogha acu eatarthu agus tá páirt ríthábhachtach ag an dá láithreán www.callcosts.ie agus www.askcomreg.ie, a bhfuil creidiúnú an W-Mark leo araon, maidir leis sin a thabhairt i gcrích.

### www.askcomreg.ie

Lean ComReg den obair leis an láithreán greásáin don tomhaltóir, www.askcomreg.ie, a chur le chéile agus a thabhairt chun cinn. Cuirtear réimse leathan eolais faoi chúrsaí teileachumarsáide agus poist is ábhar suime don tomhaltóir ar fáil ar an láithreán. Tugadh athdhearadh ar an láithreán agus cuireadh gnéithe breise leis, mar shampla, rannóg dar teideal 'Tell Us', Ceist na Seachtaine agus naisc áirithe.

### www.callcosts.ie - Treoir Idirghníomhaíochta maidir le Táillí

Cé go gcuireann na hoibreoirí eolas faoi phraghsáil ar fáil, bíonn deacracht ag go leor de na tomhaltóirí le comparáid a dhéanamh agus an costas a bhaineann leis na pacáistí éagsúla a chuirtear ar fáil a chur in ord daoirseachta. Láithreán greásáin idirghníomhaíochta atá éasca le húsáid atá i gceann de chuid ComReg, www.callcosts.ie, a chuir ComReg i dtoll a chéile le cúnamh ó lucht thionscal na teileachumarsáide.

Is é an chaoi a n-oibríonn an láithreán greásáin sin, go gcuirtear roinnt ceisteanna ar dtús ar an tomhaltóir maidir leis an úsáid a bhaineann siad as seirbhísí glaonna agus/nó as seirbhísí leathanbhanda. Nuair a bhíonn na ceisteanna sin freagartha ag an tomhaltóir, cuirtear liosta pleananna os a chomhair agus iad curtha in ord de réir an chostais.

Le linn tréimhse na tuarascála seo, cuireadh gné eile leis an láithreán d'fhonn plé le pleananna do sheirbhís leathanbhanda shoghluaiste atá tugtha isteach ag trí cinn de na hoibreoirí. Thug ComReg, i gcomhar leis na hoibreoirí, modh oibre foirmeálta isteach freisin lena gcinntítear go mbíonn na táillí a luaitear ar an láithreán láithreach.

Bronnadh Golden Spider Award na bliana 2006 don láithreán greásáin is fearr de chuid na hearnála poiblí ar an suíomh seo ar bronnadh gradaim eile air roimhe sin. Déanfar breis forbartha ar an láithreán i rith na bliana 2007 – 2008 d'fhonn feabhas a chur air ó thaobh an tomhaltóra dá úsáid.

### 3. An Clár For-Rochtana

Lean Meitheal an Tomhaltóra in ComReg den Chlár For-Rochtana i rith thréimhse na tuarascála seo trí sheastáin a riar ag roinnt imeachtaí poiblí. Ar an 20 Meán Fómhair 2006, bhí ComReg i láthair ag an gComhdháil maidir le Forbairt Eacnamaíochta Áitiúil i Luimneach agus cuireadh comhairle agus eolas sainchóirithe ar fáil don lucht gnó ann. Bhí deis ar fáil ag ComReg chomh maith, tuairisc a thabhairt do phearsaí tábhachtacha ar leith sa Chumann Tráchtála ar na buntáistí tábhachtacha at leis an láithreán greásáin de chuid ComReg www.callcosts.ie agus ar scéalta tábhachtacha eile.

Bhí Meitheal an Tomhaltóra as ComReg i láthair freisin ag Comórtais Treabhadóireachta Náisiúnta na hÉireann agus Comórtas Treabhadóireachta an Domhain ar an Tulach Mór ar feadh ceithre lá ón 27 Meán Fómhair go dtí an 30 Meán Fómhair 2006. Rinne níos mó ná 200,000 tomhaltóir freastal ar na comórtais agus bhí taispeántas beo den láithreán greásáin www.callcosts.ie in úsáid le feiceáil ag na tomhaltóirí a tháinig go dtí seastán ComReg chomh maith le heolas ar réimse ábhair, fáil ar sheirbhís leathanbhanda, an chaoi le roghnú gan do lua i mBunachar Sonraí an Eolaire Náisiúnta (NDD) agus an chaoi le leas a bhaint as an ábhar ar shuíomh idirlín ComReg don tomhaltóir www.askcomreg.ie.

Bhí Meitheal an Tomhaltóra as ComReg i láthair freisin ag an Ideal Homes Exhibition ón 26 Deireadh Fómhair go dtí an 30 Deireadh Fómhair 2006 agus cuireadh deis malartaithe eolais ar fail d'ós cionn 35,000 tomhaltóir a rinne freastal ar an imeacht.

Rinne Meitheal an Tomhaltóra as ComReg freastal ar an imeacht, Technology for Business Show san RDS ar an 25 agus an 26 Aibreán 2007 ionas go raibh deis acu siúd den lucht gnó a bhí i láthair comhairle agus eolas a lorg mar gheall ar an riachtanas teileachumarsáide ina gcás féin.

Leanfaidh ComReg de pháirt a ghlacadh in imeachtaí seachtracha a bhaineann leis an tomhaltóir d'fhonn cur leis an tuiscint i measc na dtomhaltóirí féin agus le teachtaireachtaí tábhachtacha don tomhaltóir a chur trasna.

# Nuáil agus bainistíocht speictreaim

## Bainistíocht ar Speictream Minicíochta an Raidió


Acmhainn nádúrtha an speictream minicíochta raidió ar den riachtanas é agus atá sainteoranta. Is meán atá ann ar féidir ábhar eolais fuaime, físe agus eile a sheoladh air ar feadh cúpla méadar nó na céadta ciliméadar. Ní mór fáil a bheith ar speictream minicíochta an raidió le córas cumarsáide soghluaiste nó córas glacadóireachta gan sreang maidir le seirbhísí craoltóireachta a chur ar fáil. Gné bhunúsach den riar sábháilte ar chúrsaí iompair san aer agus ar farraige atá ann chomh maith agus bíonn sé in úsáid go forleathan ag na seirbhísí cosanta agus na seirbhísí éigeandála. Bíonn sé mar bhonn taca freisin le beartaíocht eolaíochta i leith tuar na haimsire, faire an domhain agus réalteolaíocht raidió agus eile.

Ós é ComReg an comhlacht reachtúil ar a leagtar cúram maidir le bainistíocht ar acmhainn speictream an raidió faoin Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, tá de chuspóir ag ComReg cinntiú go ndéantar bainistíocht éifeachtach ar speictream minicíochta an raidió agus go mbaintear úsáid as go héifeachtach.



## An Ceathrú Ceadúnas maidir le Córas Teileachumarsáide Soghluaiste 3G

Tar éis agóid dhlíthiúil agus éisteacht san Ard-Chúirt, mar ar tugadh de bhreith go raibh cinntí ComReg slán, bronnadh an ceathrú ceadúnas maidir le córas teileachumarsáide soghluaiste 3G ar Eircom i mí Márta 2007. Meastar go gcuirfear tús le seirbhísí tráchtála i rith na bliana 2008 rud a fhágfaidh ceithre oibritheoir ag cur seirbhísí 3G ar fáil in Éirinn. Ba cheart go ngéarófaí arís ar an iomaíocht leis sin agus go mbeadh buntáiste ag gnólachtaí agus ag an tomhaltóir sa mhargadh tábhachtach seo as sin.



## Speictram Uile-Éireann a Bhronnadh

Tá roinnt ceisteanna faoi leith ag baint leis an teorainn idir Éire agus Tuaisceart Éireann maidir le cúrsaí teileachumarsáide agus cúrsaí speictrim a ghoilleann ar an tomhaltóir agus ar an lucht gnó araon, go háirithe i ndáil le cumarsáid trasna na teorann. Shocraigh ComReg agus Ofcom, an comhlacht rialála maidir le cúrsaí teileachumarsáide sa Ríocht Aontaithe, ar thionscnamh i gcomhar féachaint an bhféadfaí comórtas comhordaithe maidir le speictream a rith i gcomhar d'fhonn an bealach a réiteach do sheirbhísí 'uile-oileáin' gan sreang a sholáthar chun leasa an tsaoránaigh agus an tomhaltóra ar fud na hÉireann agus Thuaisceart Éireann.

Ina dhiaidh sin, i rith mí na Nollag 2006, d'fhógair ComReg agus Ofcom (Cáipéis ComReg 06/65R) ceant maidir le 20 MHz den speictream sa bhanda 1785-1805 MHz a bhfuil na tréithe borrtha ar fad ag dul leis a fhágann rí-oiriúnach é don sheirbhísí soghluaiste, don chraoltóireacht, do sheirbhís leathanbhanda gan sreang agus eile.

Ritheadh na comórtais chomhordaithe i ndiaidh a chéile mar cheant aon tairisceana, ceant tairiscint faoi shéala rúin agus ceant dara praghas. Mar gheall ar an gceant i mí Aibreán 2007, thairg ComReg ceadúnas teicneolaíochta 15 bliain neodrach ó thaobh seirbhíse do Personal Broadband UK Ltd ar tháille €205,000. Tharla ceant Ofcom go gairid ina dhiaidh sin agus ghnóthaigh Personal Broadband UK Ltd an ceadúnas maidir le Tuaisceart Éireann, rud a fhágann an deis acu an chéad chraobhchóras gan sreang uile oileáin a thabhairt i gcrích.

## Speictream 26 GHz ar Ceant

Tá dul chun cinn á dhéanamh go seasta maidir leis an teicneolaíocht aimsithe do chórais feistithe gan sreang agus tá páirt thábhachtach aige sin i gcúrsaí soláthair maidir le cúliompar agus naisc aimsithe. Tá táirgí oiriúnacha tugtha chun cinn ag déantúsóirí éagsúla agus tá curtha in iúl ag roinnt soláthróirí seirbhíse teileachumarsáide go bhfuil de rún acu córais dáiliúcháin logánta nua a chur i bhfeidhm agus leathnú a dhéanamh ar na córais atá i bhfeidhm faoi láthair. Sheol ComReg próiseas ceantála i mí Lúnasa 2006 maidir le sciarbhlocanna náisiúnta sa bhanda 26GHz a bhronnadh. An soláthar ar naisc fheistithe ó phointe go pointe (P2P) agus ó phointe go hilphointí (PMP) a bhí i gceist leis na ceadúnais sin.

Tharla an praghas coimeádta níos airde ná luach an mhargaidh ar phraghas an speictrim sa bhanda sin agus níor éirigh leis an gceant suim aon pháirtí a mhealladh. Tar éis plé a dhéanamh le páirtithe leasmhara, leibhéal an éilimh a dheimhniú agus luach an speictrim sa bhanda sin a mheas in athuair, tá ComReg ag ullmhú le ceant eile a reáchtáil maidir leis an speictream sin le linn thréimhse na tuarascála i ndiaidh an chinn seo.

# Nuáil agus bainistíocht speictreaim ar lean

### Craoltóireacht Dhigiteach

Bhí páirt ag ComReg i dtoscaireacht, a raibh an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha i gceannas uirthi, a rinne freastal ar an gComhdháil Réigiúnach Raidióchumarsáide 2006 (RRC-06)8 sa Ghinéiv.

Tugadh Plean Minicíochtaí agus Conradh Minicíochtaí chun cinn le linn na comhdhála sin, a aontaíodh idir 104 tír de chuid na hEorpa, na hAfraice agus an Mheán-Oirthir agus a bhaineann leis an gcraoltóireacht dhigiteach (VHF Banda III agus UHF Banda IV/V )9. Ag eascairt ón gComhdháil, tá ocht gcinn d'ilphléacsanna náisiúnta DVB-T ag Éirinn sa bhanda UHF Banda IV/V. Cé gur T-DAB (Trastíre – Craoltóireacht Fuaime Dhigiteach) is mó atá leagtha amach maidir le banda VHF Banda III, tá aontaithe le hÉirinn maidir le hilphléacs náisiúnta amháin don DVB-T (Craoltóireacht Físe Dhigiteach – Trastíre) sa bhanda sin. Déantar foráil leis an bPlean Minicíochta agus leis an gConradh Minicíochta nua do chomhthéacs craoltóireachta atá digiteach in iomláine.

I mí Lúnasa 2006, thug ComReg ceadúnas do RTÉ Transmission Network Limited (RTÉ NL) faoin gCreat Oibre maidir le Ceadúnas Trialach i leith Thriail DVB-T ar dhá láthair (Binn Trí Charraig agus Baile Raghnaill) a bhainfeadh le Conae Bhaile Átha Cliath, Contae na Mí agus Contae Lú. Tá ceithre ilphléacs UHF in úsáid ar an dá láthair le haghaidh na trialach seo ar DTT. Tá gnéithe teicneolaíochta agus gnéithe tráchtála maidir leis an tomhaltóir i gceist leis an triail. D'fhostaigh an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha comhlacht taighde margaíochta le dearcadh an tomhaltóra a mheas agus leis an tomhaltóir a chur ar an eolas faoi ardán DTT a bheith á thabhairt chun cinn in Éirinn. Tiocfaidh deireadh leis an triail i mí Lúnasa 2008.

Thug ComReg ceadúnas do RTÉ NL faoin gCreat Oibre maidir le Ceadúnas Trialach freisin maidir le triail mheastóireachta ar an teicneolaíocht T-DAB le cósta an oirthir, i gcathair Chorcaí agus i gcathair Luimnigh.

Thug ComReg ceadúnas do O2 Ireland, faoin gCreat Oibre maidir le Ceadúnas Trialach, maidir le triail ar theilifís shoghluaiste i mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus úsáid á baint as caighdeán DVB-H. Tá gnéithe teicneolaíochta agus gnéithe tráchtála maidir leis an tomhaltóir i gceist leis an triail. Tiocfaidh deireadh leis an triail i mí Eanáir 2008.

Achtaíodh an tAcht Craolacháin (Leasú) 2007 níos luaithe i mbliana agus cuireadh tosach feidhme leis ar an 15 Bealtaine 2007. Leagtar amach san Acht an creat reachtaíochta don cheadúnú san am atá ag teacht ar sheirbhísí craoltóireachta digiteacha agus foráiltear do dheismireacht do mhúchadh na seirbhísí craoltóireachta analógacha in Éirinn.

Éilítear le achtú na reachtaíochta go dtugtar réimeas ceadúnaithe cuí chun cinn agus go gcuireann ComReg i bhfeidhm é.

### Teacht ar Chóras Feistithe gan Sreang maidir le Seirbhísí Craoltóireachta

Mar chuid den bhonn taca a choinnítear go leanúnach faoin margadh tábhachtach seo maidir le ceadúnais don teacht ar chóras feistithe gan sreang i limistéir logánta (FWALA), rinne ComReg comhairliúchán maidir le modhanna le breis athraitheachta a thabhairt isteach i gcás ceadúnais FWALA (Cáipéis ComReg 06/54). Ba é toradh a bhí ar an gcomhairliúchán gur cheadaigh ComReg fairsingiú maidir le hachar an limistéir inar féidir seirbhísí leathanbhanda faoi cheadúnas a chur ar fáil. Ba cheart go mbeadh de thoradh air sin ina dhiaidh seo go dtiocfadh feabhas maidir leis an teacht ar sheirbhísí don tomhaltóir.

Mar bheart breise maidir leis an gcor sin i gcúrsaí, tá beart comhairliúcháin curtha ag siúl ag ComReg d'fhonn tuairim pháirtithe leasmhara a a fháil maidir leis an moladh go gcuirfí Limistéir Seirbhíse Tíreolaíochta (GSA) i bhfeidhm maidir leis an scéim cheadúnais FWALA (Cáipéis ComReg 07/29). Tabharfar tuairisc mar gheall air sin sa chéad tuarascáil eile.

8. http://www.itu.int/newsroom/press_releases/2006/11.html
9. Bíonn VHF Banda III agus UHF Banda IV/V in úsáid le haghaidh na teilifíse analóige faoi láthair.

## An Clár Tomhais maidir le Astúchán Raidíochta Neamhianaíoch

Tá páirt shuntasach ag úsáid na teicneolaíochta raidió san fhorbairt agus san fhorás ar gheilleagar na hÉireann. Tuigtear go maith an áisiúlacht atá ag lucht gnó agus ag an tomhaltóir araon as córas cumarsáide soghluaiste a bheith ar fáil.

De bharr an fhoráis ar an úsáid as modhanna cumarsáide raidió, tá an pobal níos eolaí ar an mbuntáiste is féidir a bheith as raidió soghluaiste agus úsáid eile as teicneolaíocht raidió ag an duine aonair, ag lucht tionsclaíochta agus ag lucht tráchtála.

Tá curtha in iúl ag daoine eile den phobal gur ábhar buartha dóibh raidíocht neamhianaíoch a thiocfadh ó chrainn tarchuradóireachta. Éilíonn ComReg go mbíonn de choinníoll le gach ceadúnas tarchuradóireachta maidir le córais gan sreang go gcinntíonn lucht oibriúcháin na stáisiún tarchuradóireachta go sásaíonn an trealamh na teorainneacha ginearálta a leagtar amach go sonrach sna treoirlínte a d'fhoilsigh an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint ar Raidíocht Neamhianaíoch (ICNIRP), eagras saineolaithe eolaíochta neamhspleácha. Tá an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte ar cheann d'eagraíochtaí comhair an ICNIRP.


Déanann ComReg iniúchóireacht bhliantúil maidir le comhlíontas an lucht oibriúcháin i ndáil le teorainneacha astúcháin an ICNIRP.

I mí na Samhna 2006, d'fhoilsigh ComReg trí cinn de thuarascálacha (Cáipéis ComReg 06/12r, Cáipéis ComReg 06/24r agus Cáipéis ComReg 06/58) maidir leis an iniúchóireacht ar 60 suíomh maraon le tuarascáil eile i mí Eanáir 2007 (Cáipéis ComReg 07/05) maidir le 20 suíomh eile. Anuas air sin, foilsíodh Cáipéis 01/27 i mí na Bealtaine 2007 inar leagadh amach na pleananna maidir le tomhais a dhéanamh i ndáil le 130 suíomh eile ar fud na tíre i rith na bliana 2007 agus inar tugadh na torthaí ón gcéad 25 suíomh a ndearnadh a meas faoin gclár oibre sin. Bhí gach suíomh a ndearnadh tomhas mar gheall air go dtí seo go mór faoi na teorainneacha a luaitear i dtreoirlínte an ICNIRP.

# Ceadúnú maidir le speictream an raidió

Tá speictream raidió ann le húsáid le haghaidh réimse ilghnéitheach seirbhísí agus líonraí cumarsáide a chur ar fáil. Ní amháin go n-áirítear orthu sin líonraí raidió, mar a bhíonn i úsáid ag soláthraithe líonraí soghluaiste nó líonraí leathanbhanda gan sreang mar shampla, ach cuimsítear leo chomh maith seirbhísí de leithéid na gcóras treo-aimsitheach raidió, raidió gnó, craoltóireacht, raidió loingis agus trealamh a úsáidtear i gcúrsaí tionsclaíochta, leighis agus tráchtála.

Ní mór údarú chuige a fháil ó ComReg le trealamh raidió a úsáid in Éirinn. D'fhéadfadh go mbeadh údarú dá shórt i bhfoirm ceadúnais nó i bhfoirm díolúine ceadúnais. Is féidir ceadúnas a eisiúint faoin Acht Raidió-Theileagraíochta 1926 nó faoin Ordú faoin Acht um Údarás Craolacháin 1960, arna leasú (i gcás Údarás RTÉ), nó faoin Acht Raidió agus Teilifíse, 1988 (i gcás Choimisiún Craolacháin na hÉireann).



Déanann an Brainse Ceadúnaithe taobh istigh de Rannóg Creatoibre an Mhargaidh gach iarratas ar cheadúnas dá shórt a phróiseáil agus is é an Brainse sin a chinntíonn go gcoinnítear ceadúnais i réim ar bhealach lena mbaintear an úsáid is éifeachtaí is féidir as an speictream atá ar fáil agus lena gcinntítear seirbhís ardchaighdeáin ar fáil do gach Ceadúnaí. Ar an 30 Meitheamh 2007, b'ionann líon iomlán na gceadúnas reatha raidió ar an mbunachar sonraí agus 18,596.

Tugtar chun suntais leis an méadú go bhfuil daoine aonair, gnólachtaí agus soláthraithe chórais cumarsáide leictreonaice ag baint níos mó úsáide as teicneolaíocht raidió. Baineann an méadú seo go háirithe le cineálacha ar leith ceadúnas raidió, mar shampla, naisc raidió, raidió longis agus raidió aerárthaí.

Lean an rannóg ceadúnaithe maidir le raidió, i rith na bliana faoi chaibidil, ag cur feabhas ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil do lucht na gceadúnas agus tugadh isteach roinnt cineálacha nua ceadúnas raidió d'fhonn freastal ar an éileamh, ar géire arís i gcónaí é, ar speictream an raidió.

### Scrúduithe do Lucht Turgnamh Raidió

Socraíodh ceithre bhabhta scrúduithe do lucht turgnamh ó síníodh an conradh maidir le scrúduithe lucht turgnamh le Cumann Tarchuradóirí Raidió na hÉireann (IRTS) i mí na Bealtaine 2005. Tá an scrúdú seasta ag 125 iarrthóir agus d'éirigh le 73 marc pas a ghnóthú ann.

Ábhar misnigh do ComReg an oiread suime atá léirithe ag lucht raidió amaitéarach dul faoin scrúdú seo. Leanfaidh ComReg ag obair leis an IRTS d'fhonn cinntiú go leantar d'eagrú na scrúduithe ar bhonn rialta san am atá ag teacht.

### FWALA

Tá bonn níos treise bliain i ndiaidh bliana le tamall anois faoin scéim FWALA. Tá géarú ar an éileamh ar bheith istigh maidir leis an speictream áirithe sin ó lucht oibriúcháin FWALA agus ligeann ComReg gálaí nua den speictream amach ionas go bhféadann an lucht oibriúcháin cur lena gcuid líonraí. Fágtar dá réir sin teacht i bhfad níos fairsinge ag an bpobal ar chórais leathanbhanda gan sreang.

### An Eisiúint Leanúnach ar Cheadúnais Raidió

Tagann 4,000 iarratas ar an meán in aghaidh na bliana chuig Brainse na gCeadúnas in ComReg mar a ndéantar próiseáil orthu maidir le ceadúnas nua a eisiúint nó leasú a dhéanamh mar gheall ar chórais atá ann cheana féin. Leagtar amach go hachomair anseo síos na cineálacha éagsúla ceadúnas raidió a eisíonn ComReg agus tugtar líon na gceadúnas nua a eisíodh i rith na bliana faoi chaibidil:

### Raidió Gnó

Eisítear ceadúnais do raidió gnó le cuideachtaí nuair a bhíonn córas cumarsáide soghluaiste príobháideach de dhíth, e.g. nuair a bhíonn raidiónna de dhíth le haghaidh cumarsáid dhíreach dhá bhealach a dhéanamh idir ceanncheathrú agus baill foirne gluaiste. Bheadh a leithéid de chóras in úsáid go hiondúil ag comhlachtaí tacsaithe agus ag comhlachtaí iompair, chomh maith le heagraíochtaí rialtais agus eagraíochtaí stáit agus na seirbhísí éigeandála. Eisíodh 321 ceadúnas nua nó ceadúnas leasaithe i rith na bliana i gcomparáid le 452 i rith na bliana 2005-2006.

### Athsheoltóir Pobail

Is é a bhíonn i gceist le seirbhísí Athsheoltóir Pobail go mbíonn stáisiún athsheoltóra i suíomhanna crochta agus iad á n-úsáid i gcomhar idir roinnt úsáideoirí. Is é an Ceadúnaí a dhéanann an stáisiún athsheoltóra a chur ar fáil, a fheistiú agus a chothabháil ionas go ligeann sé d'úsáideoirí eile ina dhiaidh sin áis a bhaint as an stáisiún athsheoltóra ar bhonn tráchtála. Níor eisíodh ach ceadúnas nua amháin i rith na bliana i gcomparáid le 4 cheadúnas an bhliain roimhe seo.

### Raidió Aerárthaí

Tagann an úsáid as trealamh trasghlacadóra raidió suite ar bord aerárthaí agus á oibriú laistigh de bhandaí minicíochta aerloingseoireachta go dtí túir rialaithe aerfoirt (nuair atá an t-aerárthach ar dhroim talún nó san aer) faoi scáth an cheadúnais seo. Eisíodh 252 ceadúnas nua agus ceadúnas leasaithe i rith na bliana i gcomparáid le 194 i rith na bliana 2005-2006.

### Raidió Loingis

Údaraítear leis an gceadúnas seo an úsáid as deiseanna cumarsáide dhá bhealach le soithigh eile agus le Stáisiúin Ráidió ar an gCósta. Ligeann na Stáisiúin Ráidió ar an gCósta d'oibreoirí raidió na long ceangal a dhéanamh leis an ngnáthchóras teileafóin.

Ní mór do gach long tráchtála, gach soitheach farraige do phaisinéirí agus don chuid is mó de na soithigh iascaireachta raidió a chur isteach agus bíonn ceadúnas raidió dlite lena n-aghaidh. Ní chuirtear de choinníoll go mbeadh raidió i ngach soitheach pléisiúir ach tá siad á gcur isteach i líon níos mó acu ná mar a bhíodh agus ní mór ceadúnas a fháil lena n-aghaidh sa chás go ndéantar sin. Eisíodh 591 ceadúnas nua raidió loingis le linn na bliana faoi chaibidil i gcomparáid le 980 ceadúnas i rith na bliana 2005-2006.

Ní féidir ceadúnas raidió loingis a eisiúint ach amháin sa chás go bhfuil an Teastas Inniúlachta cuí gnóthaithe ag oibreoir an trealaimh raidió. D'eisigh ComReg 1,622 teastas den sórt sin i rith na bliana i gcomparáid le 1,793 i rith na bliana 2005-2006.

Aistríodh an cúram maidir le ceadúnais do threalamh cumarsáide raidió ar Longa de chuid na hÉireann, agus maidir leis na Teastais Inniúlachta a bhaineann leo, go dtí an tAonad Gnóthaí Raidió Mara sa Roinn Iompair agus Mara ón 15 Bealtaine 2007 ar aghaidh.

# Ceadúnú maidir le speictream an raidió ar lean

### Córais Raidió Soghluaiste

Tugadh isteach reachtaíocht i mí Lúnasa 2002 (I.R. Uimh. 435 den bhliain 2002), lenar réitíodh an bealach le córas nua ceadúnais a thabhairt isteach maidir le córais raidió soghluaiste i réimse logánta nó ar láthair áirithe, cineálacha nach raibh soláthar sonrach á dhéanamh maidir leo faoin reachtaíocht go dtí sin. Tagann córais ar nós córas raidió truncaithe (córas raidió a fheidhmíonn trí chainéil mhinicíocht raidió as grúpa sainiúil cainéal a shaindáileadh ar bhonn dinimice). Eisíodh trí cheadúnas nua maidir le raidió soghluaiste i rith na tréimhse faoi chaibidil, ba córais raidió TETRA (Raidió Truncaithe Sibhialta ar dhroim na Talún) a bhain le péire acu agus ba iad na caighdeáin nua maidir le córais raidió truncaithe digiteacha a bhí i gceist leis an gceann eile.

### Lucht Turgnamh le Raidió

Eisítear ceadúnas do Lucht Turgnamh Raidió le díograiseoirí raidió amaitéaracha ar mian leo an raidió a úsáid i mbun staidéar chaitheamh aimsire mar gheall ar thionchar forleathúcháin an raidió. Eisíodh 45 ceadúnas nua le dhá mhí dhéag anuas i gcomparáid le 54 ceadúnas i rith na bliana roimhe sin. Baineann an tsuim leanúnach seo go díreach lena fheabhas atá ag éirí leis na scrúduithe do lucht turgnamh raidió a eagraíonn Cumann Tarchuradóirí Raidió na hÉireann (IRTS).

### Naisc Raidió

Nuair a bhíonn conair tarchuradóireachta raidió sainúsáide de dhíth idir suímh bhuana, ní mór ceadúnas naisc raidió lena aghaidh. Baineann go leor oibreoirí teileachumarsáide úsáid as raidió le ceangal a dhéanamh idir a gcuid láithreáin tarchuradóireachta. Bíonn raidió in úsáid ag oibreoirí fón póca go mór mór leis an gcóras tarchuradóireachta don chineál sin a chur ar fáil. Le linn tréimhse na tuarascála seo, eisíodh 1,962 ceadúnas nua/leasaithe maidir le naisc raidió agus sin i gcomparáid le 1,808 i rith na tréimhse roimhe seo. An fairsingiú leanúnach ar chórais agus seirbhísí 2G agus 3G a thabhairt i bhfeidhm ag oibreoirí na gcóras soghluaiste, chomh maith le soláthraithe seirbhísí leathanbhanda gan sreang a thabhairt isteach sa mhargadh, na príomhchúiseanna atá leis an éileamh ar cheadúnais naisc raidió a bheith chomh mór sin ar feadh tréimhse fada.

### Teacht ar Chórais Leathanbhanda gan Sreang i Réimsí Logánta

Sheol ComReg scéim cheadúnais réimsí logánta i rith na bliana 2003 maidir leis an teacht ar chóras leathanbhanda gan sreang faoin gcóras ceadúnais don Teacht ar Chórais Leathanbhanda gan Sreang i Réimsí Logánta (FWALA). Rinne ComReg leasú ar an scéim cheadúnais FWALA i rith na bliana 2006 agus cuireadh speictream breise ar fáil sa bhanda 10.5 GHz.

Faoi Mheitheamh na bliana 2007, bhí 185 ceadúnas réimse logánta ar fad eisithe ag ComReg, ardú 133 ceadúnas i gcomparáid le figiúr na bliana roimhe seo.

### Satailít

Bíonn satailítí in úsáid le haghaidh roinnt mhaith beartaíochta, craoltóireacht teilifíse, meitéareolaíocht, suirbhéireacht agus teileachumarsáid san áireamh. Tá modh oibre sochóirithe ar fáil le córas saitilíte mar mhalairt ar chóras línte feistithe ar dhroim talún nó ar chóras naisc seasta raidió. Éilítear ceadúnais maidir le trí chatagóir de na stáisiúin dhomhanda saitilíte: Stáisiúin Mhóra Dhomhanda (LES), Stáisiún Dhomhanda Iniompraithe (TES) agus Teirminéil Chró An-Mhion (VSAT). Eisíodh 49 ceadúnas nua i rith na bliana faoi chaibidil, i gcomparáid le 32 ceadúnas nua an bhliain roimhe sin. Is í an chúis a bheadh leis an leibhéal íseal sin maidir le ceadúnais saitilíte gur thug ComReg rialacháin maidir le díolúine ó cheadúnas i gcás saitilíte isteach le roinnt blianta anuas.

### Craoltóireacht

Faoi dheireadh mhí Meitheamh 2007, bhí thart ar 571,300 teaghlach as iomlán na dteaghlach ina bhfuil teilifíseán a raibh socrú síntiúis acu maidir le seirbhís teilifíse cábla/ MMDS in Éirinn. Thuairisc BskyB 484,000 síntiúsóir maidir le teilifís satailíte in Éirinn i rith na tréimhse céanna. Is ionann líon iomlán na dteaghlach in Éirinn a íocann ar sheirbhís teilifíse (cábla/MMDS agus satailít) agus 1.06 milliún teaghlach. Tá ardú 1% in aghaidh an ráithe agus 8% in aghaidh na bliana ar na síntiúisí do sheirbhísí teilifíse táille i gceist leis sin. Is teaghlaigh a íocann táille ar sheirbhís teilifíse 72% d'iomlán na dteaghlach ina bhfuil teilifíseán.

### Díolúine maidir le Ceadúnas

Tá roinnt mhaith córas raidió in Éirinn atá díolmhaithe ó cheadúnú. Is iondúil gur nuair nach bhfuil aon ghá bainistíocht a dhéanamh ar speictream faoi leith, mar shampla bandaí ISM (Tionsclaíocht, Eolaíocht agus Leigheas), agus sa chás gur fánach an baol ó thrasnaíocht a shocraítear díolúine maidir le ceadúnas. I gcásanna go leor, ní mór trealamh raidió atá díolmhaithe ó choinníoll ceadúnais a oibriú i speictream "i gcomhar" le gairis eile. Lena chois sin, is ar bhonn 'neamhthrasnaíochta, neamhchosanta' a oibrítear trealamh atá díolmhaithe ó choinníoll ceadúnais, is é sin le rá nach dtarraingeoidh an trealamh trasnaíocht agus nach n-éileofar cosaint ó thrasnaíocht ar bith a thiocfadh. Bíonn ceadúnas dlite i gcás gach trealamh raidió nach bhfuil díolúine ó cheadúnas ina leith. Tugtar achoimre sa tábla seo thíos maidir leis na gairis raidió a bhfuil díolúine ó cheadúnas ina leith:

## Achoimre de na Gairis Raidió atá díolmhaithe ó Cheadúnú

| Cineál Raidió | Trácht | Ordú Díolúine | Faisnéis Eile |
|---|---|---|---|
| Gaireas Gearr-Raon (SRD) | Gairis éagsúla ísealchumhachta mar shampla, gaireas feidhmiúcháin ionduchtúcháin, aláraim, cianrialú mionsamhla/riochtáin, siúlscéalaithe, micreafóin gan sreang agus closchórais, raidió LANS, Teileamataic Iompair ar Bhóthar agus Tráchta (RTTT), Córais Aitheantais Minicíochta Raidió (RFID). | I.R. 160 den bhliain 2006<br>I.R. 405 den bhliain 2002 | ERC/REC/70-03<br>Cáipéisí: 02/71 |
| Banda an tSaoránaigh | Banda AM an tsaoránaigh (CB) agus trealamh raidió PR 27AM | I.R. 436 den bhliain 1998 | Caighdeáin: ETS 300 433, ETS 300 135 Cáipéisí: 00/62R |
| Satailít | Stáisiúin Domhanda Soghluaiste Talún áirithe agus Stáisiúin Inmarsat, Eutelsat, Italsat, Arcanet agus Thuraya san áireamh. | I.R. 398 den bhliain 2001 | Caighdeáin: TBR 026, TBR 044, TBR 027, EN 301 681 Cáipéisí: 00/68. 00/62R |
| | Stáisiúin Domhanda Fosaithe Glactha Satailíte agus glacadóirí VSAT agus SNG san áireamh | I.R. 273 den bhliain 2000 | Caighdeáin: TBR 28, TBR 30,TBR 43 Cáipéisí: 00/68. 00/62R |
| | Stáisiúin Soghluaiste Domhanda do Chórais Cumarsáide Pearsanta le Satailít <1GHz (S-PCS<1GHz) | I.R. 173 den bhliain 2000 | Aguisín a 2 de ERC/DEC/(99)06 Cáipéisí: 00/62R |
| | Stáisiúin Shaitilíteacha Domhanda do Chórais Cumarsáide Pearsanta le Satailít <1GHz (An tSeirbhís Dhomhanda don Chumarsáid Phearsanta Soghluaiste, GMPCS) Díolúine maidir le Stáisiúin Aerarthaí ar Ísealchumhacht | I.R. 214 den bhliain 1998<br><br>I.R. 007 den bhliain 2004 | ERC/DEC/(97)03<br>Cáipéisí: 00/68, 00/62R |
| | Teirminéil d'Úsáideoir Saitilíte ar Ísealchumhacht | I.R. 505 den bhliain 2003 | Caighdeáin:<br>EN 301-459<br>TBR 28<br>ERC/DEC/(00) 03<br>ERC/DEC/(00) 04<br>ERC/DEC/(00) 05 |
| | Teirminéil Saitilíte ar bord Aerárthaí | I.R. 007 den bhliain 2004 | Caighdeáin:<br>EN 301-473;<br>EN 302-186 |
| | Teirminéil d'Úsáideoir Saitilíte Soghluaiste | I.R. 128 den bhliain 2005 | Caighdeáin:<br>ECC/DEC/(02) 11<br>EN 301-444<br>EN 301-681 |
| PMR 446 | Raidiónna gnó gearr-réimseacha á n-úsáid sa bhanda 446MHz | I.R. 93 den bhliain 1998 | Cáipéisí: 00/62R |
| GSM | Teileafóin GSM á n-úsáid sa bhanda 900MHz | I.R. 409 den bhliain 1997 | Cáipéisí: 00/62R |
| DCS 1800 | Teileafóin GSM á n-úsáid sa bhanda 1800MHz | I.R. 107 den bhliain 1999 | Caighdeáin: TBR 31, TBR 32 Cáipéisí: 00/62R |
| Teileafón gan Sreang | Teileafóin analóige gan sreang á n-oibriú ag 31.025 -31.325MHz (don chuid fhosaithe) agus 31.925 - 40.225MHz<br>(don chuid soghluaiste)<br><br>Teileafóin DECT gan sreang á n-oibriú ag 1800 - 1810MHz<br><br>Córas cumarsáide raidió digiteach gan sreang CT2-CAI á oibriú sa bhanda 864.1 - 868.1Mhz a thagann le coinníollacha ETS 300 131 | I.R. 410 den bhliain 1997 | Cáipéisí: 00/62R |
| Craoltóireacht | Stáisiúin athsheolta craolacháin áirithe le sreang<br><br>Glacadóirí craolacháin fuaime | I.R. 200 den bhliain 1976<br>I.R. 211 den bhliain 1972 | Cáipéisí: 00/62R |
| Glacadóirí Raidió | Glacadóirí Raidió go Ginearálta (gan teilifíseáin a áireamh) | I.R. 197 den bhliain 2005<br>I.R. 292 den bhliain 2005 | |

# Ceadúnú maidir le speictream an raidió ar lean

### An Ryder Cup

Reáchtáladh an 36ú comórtas Ryder Cup, K Club, Straffan, Co. Chill Dara i mí Meán Fómhair 2006. Bhí comórtas an Ryder Cup ar cheann de na himeachtaí spóirt ba mhó a eagraíodh riamh in Éirinn agus bhí gá maidir leis an eagrúchán le húsáid fhorleathan, ar leibhéal eisceachtúil go deimhin, as minicíochtaí córais gan sreang in aon áit amháin ag an aon am amháin.

D'eisigh ComReg 42 ceadúnas maidir le córas gan sreang i ndáil le comórtas Ryder Cup (is iondúil gur 5-10 ceadúnas a eisíonn ComReg i ndáil le himeacht mhór). Bhí i gceist leis sin ceadúnú ar 354 cainéal minicíochta maidir le gnóthaí ag an K Club do 34 eagras idir craoltóirí teilifíse agus na Seirbhísí Slándála.

Cuireadh tús leis an ullmhúchán in ComReg maidir le heagrú chomórtas an Ryder Cup i mí Eanáir 2006 nuair a tionóladh an chéad chruinniú idir baill den fhoireann in ComReg agus European Tour Productions (ETP), lucht eagraithe na himeachta. Cuireadh meitheal tionscadail maidir le comórtas an Ryder Cup ar bun taobh istigh de ComReg (ar a raibh baill foirne ó na meithil maidir le Ceadúnais agus Comhlíontas i ndáil le Speictream) chun déileáil le gach saincheist mar gheall ar an gcomórtas. Chuir an meitheal sin plean minicíochta do chórais gan sreang i dtoll a chéile agus riachtanas gach iarratasóir á thabhairt san áireamh. Coinníodh caidreamh dlúth freisin leis an ETP agus le gach oibrí córais gan sreang suas go dtí dáta tosaithe na himeachta.

Bhí roinnt bearta barrthábhachta maidir le plean minicíochta sainiúil don imeacht a ullmhú in ComReg, ina measc:

- Iniúchadh ar Chórais Ceadúnaithe ComReg (LING agus mórleabhair) d'fhonn cainéil a shonrú a bhféadfaí iad a chur in úsáid i ndáil le ceadúnais sealadacha do chórais gan sreang maidir le comórtas an Ryder Cup;
- Suirbhé suímh a rinne an meitheal comhlíontais maidir le speictream as ComReg ar láthair an K-club féin d'fhonn deimhniú an raibh na cainéil a measadh a bheith inúsáide ar fáil ar an láthair dáiríre;
- Measúnú de chuid ComReg ar bhonn leanúnach ar an éileamh breise ar mhinicíochtaí do chórais gan sreang agus leasú ar an bplean d'fhonn féachtaint leis an éileamh sin a shású.

An t-am céanna ar cuireadh an plean minicíochtaí maidir le córais gan sreang le chéile, rinne ComReg bearta d'fhonn an próiseas ceadúnúcháin i ndáil le minicíocht do chórais gan sreang a chur in iúl do na páirtithe ar fad a bhain le hábhar:

- Ó fhíorthús an phróisis, thug ComReg tuairisc don ETP ar an bpróiseas ceadúnúcháin maidir le córais gan sreang ionas go bhféadfaí aon fhiosrúcháin a dhéanfaí leosan a chur faoi bhráid ComReg gan mhoill;
- Leag ComReg béim sa chumarsáid le lucht úsáide córas gan sreang agus leis an ETP ar an tábhacht mhór a bheadh le hiarratais a chur isteach go luath maidir leis an mbuntáiste a bheadh as sin sa phróiseas pleanála;
- D'fhonn cinntiú go dtiocfadh gach iarratas maidir le córas gan sreang isteach go luath, chuir ComReg sprioc dáta den 15 Meán Fómhair 2006 i bhfeidhm mar dháta deiridh maidir le glacadh le hiarratais. Fiú amháin agus an spriocdháta sin luaite, bhí i ndán go mbeadh roinnt iarratas á gcur isteach i gcónaí suas go dtí tosú an Ryder Cup agus rinne ComReg próiseáil orthu sin.

## Tábla maidir leis na Ceadúnais Reatha agus na Ceadúnais Nua/Leasaithe a Eisíodh i rith na Bliana faoi Chaibidil


| | Líon na gCeadúnas Reatha | | | Líon na gCeadúnas Nua/Leasaithe a Eisíodh | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cineál an Cheadúnais | 30-Meith-07 | 30-Meith-06 | % d'Athrú | Meith 06~ Meith 07 | Meith 05~ Meith 06 | % d'Athrú |
| 3G | 4 | 3 | 25 | 1 | 0 | 100 |
| Raidió Aerárthaí | 429 | 1251 | -66 | 252 | 194 | 24 |
| Raidió Gnó | 2954 | 3182 | -8 | 321 | 452 | -29 |
| Athsheoltóir Pobail | 102 | 127 | -20 | 1 | 4 | -75 |
| Lucht Turgnamh | 1494 | 1549 | -4 | 45 | 54 | -17 |
| FWALA | 185 | 133 | 29 | 63 | 83 | -25 |
| FWPMA | 2 | 3 | -33 | 0 | 0 | 0 |
| GSM | 3 | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Naisc Raidió – Ó Phointe go Pointe | 8402 | 7407 | 12 | 1962 | 180 | 88 |
| Naisc Raidió – Ó Phointe go hIlphointí | 124 | 123 | 1 | 2 | 0 | n/a |
| Satailít | 54 | 57 | -6 | 49 | 32 | 35 |
| Raidió Loingis | 4732 | 4705 | 1 | 591 | 980 | -40 |
| Raidió Gnó - Sealadach | 33 | 30 | 9 | 133 | 172 | -23 |
| Raidió Gnó – Tríú Páirtí | 19 | 19 | 0 | 4 | 19 | -79 |
| Raidió Truncaithe | 8 | 7 | 13 | 3 | 4 | -25 |
| Soghluaiste Digiteach Banda Leathan | 2 | 2 | 0 | 0 | 2 | n/a |
| Tástáil ar Chóras gan Sreang | 14 | 16 | -13 | 10 | 19 | -48 |
| Triail maidir le Córas gan Sreang | 8 | 4 | 50 | 8 | 53 | 8 |
| **Iomlán na gCeadúnas Raidió Beo** | **18596** | **18621** | **-1** | **3445** | **3828** | **-11** |

Tá mionsonraí maidir leis na cineálacha ceadúnais sin thuas, maille le foirmeacha iarratais, ar fáil ar shuíomh gréasáin ComReg www.comreg.ie

# Uimhriú

### Uimhriú

I measc na ndualgas eile a leagtar ar ComReg, táthar freagrach as an scéim náisiúnta uimhriúcháin maidir le cúrsaí teileafóin a riar go héifeachtach. Baineann leis sin anailís a dhéanamh ar an úsáid as gach cineál uimhir teileafóin agus gearrchóid, straitéis a chur i bhfeidhm lena gcinntítear nach dtarlódh ídiú iomlán ar fhoinse uimhreacha ar bith, soláthar uimhreacha a chur ar fáil do sheirbhísí nua agus do sheirbhísí leanúnacha de gach cineál agus cinntiú go n-osclaítear uimhreacha teileafóin go pras ar gach líonra náisiúnta agus idirnáisiúnta.



### Seirbhísí Nua i dTeileachumarsáid Choinbhéirseachta Seasta - Soghluaiste

D'fhoilsigh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) a Fhreagra ar Chomhairliúchán ar leithdháileadh uimhreacha teileafóin gheofrafacha rialta d'oibreoirí fón póca do na seirbhísí 'criosaithe baile' nua agus nuálacha an 14 Márta 2007 (ComReg 07/15).

Cuirfidh an tseirbhís nua seo ar chumas custaiméirí fón póca – glaonna a dhéanamh agus fháil – ar a gcuid fón póca– ina gcuid tithe cónaithe nó in aice leo ar chostas líne sheasta. Faoin tseirbhís nua seo, is féidir le rannpháirtí glaonna a fháil ar uimhir fón póca nó ar uimhir gheografach agus an uimhir fón póca á húsáid do ghlaonna amach. Mar sin féin muirítear glaonna amach a dhéantar laistigh den réimse criosach baile, ag rátaí criosaithe baile laghdaithe.

Don chéad uair, cuirfear uimhreacha geografacha ar fáil d'oibreoirí fón póca in Éirinn nach raibh ar fáil ach d'oibreoirí líne sheasta amháin go dtí seo, agus beidh foireann soghluaiste an ghlao follasach do ghlaoiteoirí. Is é príomhchoinníoll an leithdháilte seo go mbíonn na costais a mhuirítear orthu siúd a bhfuil fáil acu ar sheirbhísí criosaithe baile socraithe ag rátaí líne sheasta cé go mbeidh glaonna á bhfáil ar shásanna láimhe.

Tá ComReg ag tacú freisin le hathruithe in iniomparthacht uimhreacha geografacha ionas go mbeidh ar chumas custaimeirí línte seasta atá ann cheana a gcuid uimhreacha teileafóin ar fad a aistriú chuig oibreoirí fón póca don tseirbhís chriosaithe baile ar leithligh seo, mas mian leo sin a dhéanamh.

Chothromaigh ComReg a chuid cinntí leis an tuiscint shoiléir go n-éascófar oibreoirí línte seasta amach anseo ar mian leo uimhreacha fón póca a sholáthar, an fhad is gur ar mhaithe le cuspóirí fón póca i ndáiríre atá siad. D'fhéadfadh seirbhísí nua, atá bunaithe ar raon teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a chur ar chumas oibreoirí líne sheasta seirbhísí rochtana fón póca a 'bhóltáil' dá gcustaiméirí.

Feabhsóidh na deiseana nua seo comórtas idir oibreoirí líne sheasta agus oibreoirí fón póca, i réimsí nach raibh oscailte dóibh cheana mar gheall ar chúiseanna praiticiúla, ach a bhfuil dul chun cinn na teicneolaíochta ag briseadh síos bacainní anois.

Rachaidh sé seo chun tairbhe tomhaltóirí trí sholúbthacht níos feaerr i dtairiscintí a bheidh ar fáil agus ag praghasanna níos ísle i gcuid mhaith cásanna.

### Seirbhísí Soghluaiste Nuálacha

Go dtí seo, níor leithdháileadh uimhreacha fón póca ach ar oibreoirí fón póca amháin. Chuidigh an dul chun cinn ar fad sa teicneolaíocht ar nós VoIP(Prótacal Idirlín Guthaithe), sásanna láimhe móid dhéach agus acmhainn líonra fón póca atá ag teacht chun cinn le ComReg athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí seo go luath in 2007.

Tá tuiscint ag tomhaltóirí ar cad ba chóir a bheith ag súil leis go réasúnach ó sheirbhís fón póca agus ar an gcoinníoll gur féidir na hionchais sin a chomhlíonadh, ceadaíonn ComReg anois iarratais dhlistineacha ó sholáthróirí seirbhíse ar uimhreacha fón póca. Tá an chéad tseirbhís den tsórt sin a úsáideann VoIP thar iompar sonraíochta fón póca, ceadaithe cheana féin le huimhreacha fón póca á n-eisiúint ag deireadh Mhárta 2007.

Le bheith inghlactha ní mór do sholáthróir seirbhíse smacht a bheith acu ar Chaighdeán na Seirbhíse agus tacú le hacmhainn fánaíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ba chóir tacú le haistriú gan stró ó líonra go líonra idir cineálacha éagsúla líonraí, ar a n-áirítear iompar rialta GSM. Ní mór go gcomhlíonfaí oibleagáidí mar rochtain ar sheirbhísí éigeandála freisin.

Tacaíonn an fhorbairt seo le tiomantas ComReg maidir le neodracht theicneolaíochta agus ba chóir go mbeadh iomaíocht mhéadaithe agus rogha agus luach níos fearr don tomaltóir mar thoradh ar tabhairt isteach seirbhísí fón póca nuálacha.

# Uimhriú ar lean

### Uimhriú Leictreonach (ENUM)

I mí na Nollaig 2006, tar éis Cuireadh chun Tairisceana, comórtas agus tréimhse idirbheartaíochtaí conartha mhionsonraithe, shínigh ComReg Comhaontú le cuibhreannas IENUM le seirbhísí Clárlainne Sraith 1 a sholáthar in Éirinn. Leagann an conradh amach téarmaí tagartha don ENUM ina iomláine in Éirinn, ar an mbealach sin ag cur creatoibre ar fáil ina mbeidh eagraíochtaí (Soláthróirí Seirbhís Ainmne agus Cláraitheoirí) Shraith 2 in ann a gcuid seirbhísí a shocrú suas laistigh dó. Tógann sé san áireamh freisin comhlacht maoirseachta ar a dtugtar an Fóram Comhairleach Polasaí ag a bhfuil cumhachtaí áirithe – le tacaíocht ó ComReg agus ó théarmaí conarthacha – le monatóireacht a dhéanamh ar an tseirbhís ar mhaithe le leas an tomhaltóra agus le treoir a sholáthar do IENUM teoranta. Is cuibhreannas comhfhiontair é IENUM Ltd., comhdhéanta den IE Domain Registry agus an Internet Foundation of Austria (IPA).

Chuaigh ENUM i mbun seirbhís tráchtála an 31 Bealtaine 2007.

Soláthraíonn ENUM meicníocht an-éifeachtach do sheirbhísí Phrótacal Idirlín Guthaithe (VoIP) le teacht ar dhaoine atá á lorg, fiú amháin nuair nach mbíonn a gcuid seoltaí VoIP ar eolas. Déanann sé é seo bunaithe ar uimhir teileafóin an duine á bhfuil glaoch á chur orthu, agus tá sé seo fós ar gcineál seoladh is coitianta ar domhan.

Ba chóir do na seirbhísí nua atá á soláthar ag IENUM a bheith mar bhonn daingean le hoileáin dhifriúla an VoIP a nascadh agus ba chóir go gcuirfeadh sé fíor-acmhainn ar fáil d'iompróirí le feabhas a chur ar a ródú idircheangail agus ar an mbealach sin laghdú a chur ar chostais oibríochta fhoriomlána.

### Athbhreithniú ar Chreatoibre do sheirbhísí teileafóin maidir le Prótacal Idirlín Guthaithe

D'fhoilsigh ComReg torthaí a chuid athbhreithnithe maidir leis an gcreatoibre atá ann cheana do Phrótacal Idirlín Guthaithe (VoIP), an 31 Lúnasa 2006. Cuireann VoIP le cumas iomaíochais níos fearr sa mhargadh gnó agus le roghanna níos fearr a sholáthar do thomhaltóirí. Tá fonn ar ComReg seirbhísí nuálacha ar nós VoIP a éascú le buntáistí a chur ar fáil do chustaiméirí in Éirinn.

Dá bhrí sin rinne ComReg athbhreithniú ar an dul chun cinn go dáta, go háirithe chun a fháil amach an raibh bearta riachtanacha eile le fás an VoIP a spreagadh agus na seirbhisí feabhsaithe a d'fhéadfadh sé a sholáthar. Mar cuid den phróiseas, choimisiúnaigh ComReg staidéar le Analysys Consulting, a bhí ag brath ar shraith agallaimh leis na príomhpháirtithe sa tionscadal. Ina theannta sin, rinne ComReg próiseas comhcomhairliúcháin foirmiúil a bhain le sraith príomhcheisteanna a chur ar léitheoirí maidir lena dtaithí go dtí seo.

Ar an iomlán, fuair ComReg amach go bhfuil an tionscal thar a bheith sásta le dul chun cinn VoIP go dtí seo agus leis na céimeanna atá tógtha go dáta. Rinneadh tagairt d'ábhair imní nó rioscaí éagsúla (m.sh. an baol arbatráite atá ann do VoIP) agus leanfaidh ComReg le monatóireacht a dhéanamh orthu seo agus ar gach gné d'fhorbairt VoIP in Éirinn agus in áiteanna eile de réir mar a bhíonn a chuid acmhainní ag dul i méid thar na chéad chúpla bliain eile.

### Leasú Gnásanna Uimhrithe & Nósanna Imeachta nua maidir le hIarratais

Is iad na Gnásanna Uimhrithe Náisiúnta na bunrialacha a dhéanann cur síos ar an mbealach a mbainistíonn ComReg an fhoinse uimhrithe náisiúnta go héifeachtach agus go héifeachtúil mar atá leagtha síos sa reachtaíocht. Leagann sé síos go soiléir freisin cearta agus oibleagáidí gach sealbhóir uimhir vis-á-vis an leithdháileadh a dhéantar orthu.

Foilsíodh an chéad leagan de na Gnásanna Uimhrithe Náisiúnta i mí Feabhra 2000 agus leanadh de sin trí thréimhseacháin atá cothrom le dáta, gach aon cheann acu sin ar a seal ag leathnú an chlúdaigh chuig réimsí nua. Le leanúint leis na feabhsuithe sin, tá dréacht nua á ullmhú anois agus táthar ag súil go mbeidh sé á fhoilsiú do chomhcomhairliúchán poiblí an 24 Iúil 2007. Dá thoradh seo foilseofar Leagan 6 de na Gnásanna thart ar dheireadh 2007.

### Seirbhísí Comhchuibhithe le Luach Sóisialta

D'fhoilsigh Coimisiún na gComhphobal Eorpach Cinneadh (2007/116/CE) an 15 Feabhra 2007, le Seirbhís Comhchuibhithe Luach Sóisialta a sholáthar trasna na mBallstáit, ar bhonn comhsheasmhach, ag úsáid an chur chuige "An Uimhir Chéanna – An tSeirbhís Chéanna. Ba é an coincheap a bhí taobh thiar den chinneadh siin gur chóir go gcuirfí an uimhir chéanna in áirithe don tseirbhís chéanna i ngach Ballstáit, leis an gCoimisiún Eorpach ag cinntiú cur chuige comhordaithe.

Le héascú a dhéanamh ar thabhairt isteach na seirbhísí comhchuibhithe nua seo in Éirinn, tá raon iomlán na n-uimhreacha a thosaíonn le '116' curtha in áirithe don saghas seo seirbhísí ag ComReg agus beidh sé ag lorg iarratais ar sraith uimhreacha '116' ó sholáthróirí serbhísí ionchasacha le linn Lúnasa 2007.

Tá sé tábhachtach a threisiú nach seirbhís tráchtála a bheidh le fáil ar na huimhreacha seo ach go ndéanfar iarracht freastal ar riachtanais shóisialta ar leith a chuidíonn le dea-bhraistint agus le sábháilteacht na saoránach, nó le grúpaí áirithe saoránach, nó a chuideoidh le saoránaigh a mbeadh deacracht acu. Tá saoránaigh a thaistilíonn laistigh den AE agus atá ar an eolas faoi na huimhreacha seo ó na dtír dhúchais, i measc na bpáirtithe leasmhara atá i gceist leis an scéim seo.

Go dtí seo tá uimhir amháin curtha in áireamh san Iarscríbhinn den Chinneadh ón gCoimisiún, sé sin - 116000 – Líne eolais do leanaí atá ar iarraidh.

### Rialáil Ainmneacha Fearainn.ie

D'aistrigh An tAcht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007 freagracht do rialáil ainm fearainn '.ie' ón Aire Cumarsáide chuig ComReg, le héifeacht ó dheireadh Bealtaine 2007. Tá tús curtha ag ComReg le staidéar a dhéanamh ar an stádas reatha d'oibríochta '.ie' agus cad iad na céimeanna, más ann, á thógáil lena chinntiú gur féidir a freagrachtaí a chomhlíonadh go cuí sa am atá le teacht.

### Clár d'Fhéachaint Chun Cinn

Déanann Clár d'Fhéachaint Chun Cinn ComReg monatóireacht ar nuálachtaí teicneolaíochta agus margaidh atá ag tarlú san earnáil teileachumarsáide agus déanann sé iad a bhreithniú maidir leis an mbealach ina bhféadfadh tionchar a bheith acu ar fhorbairt an mhargaidh in Éirinn. Scrúdaíonn an clár saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn ionas gur féidir linn measúnú agus pleanáil a dhéanamh ar an mbealach inar chóir forbairt a dhéanamh ar ár mbearta rialála sa todhchaí, ag súil le nuálaíocht a éascú agus cuidiú le forbairt earnáil na teileachumarsáide in Éirinn.

### Painéal Stiúrtha an Chláir d'Fhéachaint Chun Cinn

Tionólann ComReg painéal de chomhairleoirí ag leibhéal sinsearach chun treoir a thabhairt agus chun cuidiú leis an gClár d'Fhéachaint Chun Cinn a stiúradh. Tagann an painéal le chéile i bhfoirm ceardlainne suas le trí huaire sa bhliain leis an obair a dhéantar faoin gclár a athbhreithniú agus a fhorbairt, le hábhair nua gur chóir díriú orthu a mholadh agus le haird a dhíriú ar shaincheisteanna nua a d'fhéadfadh a bheith ann. Bhí dhá chruinniú i mBaile Átha Cliath i rith na bliana, ceann i mí na Samhna 2006 agus ceann i mí Aibrean 2007.

### Nótaí Eolais ar Fhorbairtí Teicneolaíochta

Déileálann Nótaí Eolais an Chláir d'Fhéachaint Chun Cinn le teicneolaíochtaí agus le nuálaíochtaí gaolmhara atá ag teacht chun cinn a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar mhúnlú agus ar an treo ina bhfuil earnáil na teicneolaíochta ag dul sa todhchaí. Cé go ndéileálann na nótaí uaireanta le hábhair atá teicniúil agus casta, is é an chuspóir atá leo léitheoirí a bhfuil eolas maith acu faoi chúrsaí teileachumarsáide agus go mb'fhéidir nach bhfuil cúlraí teicneolaíochta acu, a chur ar an eolas. Is é príomhchuspóir atá leis na nótaí seo cuidiú le ComReg a chlár oibre a fhorbairt agus cinntí eolasacha a dhéanamh. Comhlíonann cuid de na Nótaí Eolais seo ról níos leithne, áfach, ar nós feasacht a chruthú, spéis a fhorbairt agus i roinnt cásanna nuálaíocht a spreagadh timpeall teicneolaíochtaí nua nó teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

Foilsíodh Notaí Eolais ar na hábhair seo a leanas i rith na bliana:


- Unlicensed Mobile Access (UMA) (ComReg Document 06/43)
- Mobile TV (ComReg Document 06/62)
- Dynamic Spectrum Access (ComReg Document 07/22)

# Rialáil poist

## An Creatoibre Rialála

Is é ComReg an tÚdarás Rialála Náisiúnta d'earnáil Poist na hÉireann. Is é an príomhról atá ag ComReg an earnáil poist a fhorbairt agus a chur chun cinn agus go háirithe fáil a bheith ar sheirbhís poist uilíoch laistigh, go dtí agus ón Stáit ar phraghas réasúnta chun leasa gach úsáideoir.

Lena chuid cuspóirí a bhaint amach, díríonn ComReg ar a chinnitiú go cuirfear seirbhísí poist ar ardchaighdeán ar fáil a bheidh dírithe ar an gcustaiméir agus go mbaileofar agus go seachadfar litreacha mar aon le beartáin go laethúil, cúig lá in aghaidh na seachtaine ar a laghad, chuig gach seoladh sa tír, ag an am céanna ag cinntiú na saoirse le seirbhísí iomaíocha a chur ar fáil san earnáil seo trí léirscaoileadh leanúnach an mhargaidh poist.



### Áirítear ar fheidhmeanna sonracha:

- cáilíocht na gcaighdeán seirbhíse do An Post a shocrú;
- an Soláthroir Seirbhíse Uilíche atá ainmnithe ag an Aire;
- monatóireacht a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht in aghaidh na sprice seo;
- treoracha do An Post i leith nósanna imeachta cuntasaíochta a eisiúint atá le glacadh in ullmhú a chuntais rialála;
- monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh Phrionsabail Taraifí agus
- ag sonrú gnéithe den tseirbhís uilioch nach mór do An Phost a sholáthar.

Faoi chumhactaí ar leithligh, ní féidir le An Post praghasanna do seirbhísí uilíocha áirithinte a ardú gan é sin a phlé le ComReg roimh ré.


### Treoir Chuntasaíochta

Le linn 2006, choimisiúnaigh ComReg comhairleoirí, LECG Ltd ó Londain, le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir chuntasaíochta a eisíodh do An Post, an 20 Meán Fómhair 2001. Tar éis comhairliuchán poiblí (Doiciméad ComReg 06/55), d'eisigh ComReg Treoir chuntasaíochta leasaithe don Phost, an 8 Nollaig 2006 (Doiciméad ComReg 06/63) a mbeidh baint aici le cuntais rialála do 2007 agus le tréimhsí cuntasaíochta ina dhiaidh sin.

### Soláthróirí Seirbhíse Poist

Ón 1 Eanáir 2006, rinneadh na seirbhísí a bhí "in áirithe" do An Post mar an Soláthróir Seirbhíse Uilíche a laghdú go dtí míreanna comhfhreagrais tís agus comhfhreagras trasteorann ag teacht isteach de mheáchan níos lú ná 50g, chomh fada is go raibh an praghas níos lú ná dhá uair go leith an taraif phoiblí tís do mhír comhfhreagrais sa chéad chéim meáchain den chatagóir chaighdeánach is tapúla i.e. €1.375 (bunaithe ar phraghasanna an 1 Márta 2007). Osclaíodh an margadh poist do phost trasteorann amach go hiomlán d'iomaíocht ón 1 Eanáir 2004.

**Fíor 1: Idirghaol idir Seirbhísí Poist Uilíocha, Áirithinte agus Neamhrialáilte bunaithe ar an bpraghas baile 55c**




Is féidir seirbhís iomaíoch a bhunú in Éirinn (lasmuigh den limistéar atá in áirithe), ní hionann le roinnt tíortha eile inar gá ceadúnas a fháil chun seirbhísí a sholáthar in iomaíocht dhíreach leis an Soláthróir Seirbhíse Uilíche ainmnithe,. Ón 1 Eanáir 2004, ní mór do sholáthróirí seirbhísí (seachas An Post) le láimhdeachas bliantúil de os cionn €500,000, gan CBL san áireamh, iarratas a dhéanamh ar "údarú seirbhíse poist" agus nósanna imeachta simplí gearáin agus cúitimh atá deartha chun tomhaltóirí a chosaint.

An 30 Meitheamh 2007, bhí Údarú Seirbhís Poist faighte ag Tríocha a haon soláthróir Seirbhís Poist, údararaíodh beirt acu sin le linn na bliana atá faoi chaibidil.

Tá an tsaoráid á tairiscint ar láithreán gréasáin ComReg www.comreg.ie le féachaint ar chlár atá cothrom le dáta de sholáthróirí údaraithe seirbhísí poist agus na seirbhísí atá á soláthar faoi láthair ag gach ceann de na soláthróirí sin.

### Oscailt an Mhargaidh

An 18 Deireadh Fómhair 2006, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a mholadh do Threoir a dhaingnigh an 1 Eanáir 2009 mar dháta le margadh inmheánach do sheirbhísí poist a chur i gcrích go hiomlán. Ar bhonn a thaighde, chreid an Coimisiún gurb é seo an bealach is fearr le seirbhís uilíoch a choinneáil agus ag an am céanna tuilleadh feabhais a chur ar cháilíochta agus ar an rogha do tomhaltóir agus do ghnólachta an AE.

Ag deireadh na bliana atá faoi chaibidil, níl raibh an moladh seo formhuinithe ag Comhairle na nAirí ná ag Parlaimint na hEorpa. Bhí sé soiléir ó na díospóireachtaí i gcoistí Pharlaimint na hEorpa, áfach, nach raibh an spriocam a moladh inghlactha. Bhreathnaigh sé go raibh comhaontú ann gurb é 31 Nollaig 2010 an spriocam a bheadh inmhianta d'Oscailt Iomlán an Mhargaidh.

Ar an lámh eile, léan an Ghearmáin agus an Ísiltír lena gcuid ullmhúcháin lena gcuid margaí féin a oscailt d'iomaíochas iomlán ón 1 Eanáir, 2008, ag ceangal leis an tSualainn, an Fhionlainn agus an Ríocht Aontaithe, a raibh a gcuid margaí oscailte go hiomlán cheana féin. Tá a gcuid margaí oscailte cheana féin do sheachadadh Post Díreach, beag beann ar mheáchan, ag tíortha eile ar a n-áirítear an Ostair agus Eastóin.

# Rialáil poist ar lean

Cé nach bhfuil an dáta socraithe d'Oscailt Iomlán an Mhargaidh, bhí glacadh leathan ag na páirtithe ar fad le scóip an chreatoibre rialála tar éis oscailt an mhargaidh. Is iad príomhghnéithe an mholta:

- Na hOibleagáidí reatha atá ar na Ballstáit Seirbhís Uilíoch ar ardchaighdeán a chuimsíonn ar a laghad seachadadh amháin agus bailiúchán amháin cúig lá na seachtaine a chinntiú do gach saoránach de chuid an AE a choimeád;
- Cosaint tomhaltóra níos fearr;
- Oibleagáidí nua le neamhspleáchas na nÚdarás Rialaithe Náisiúnta a chinntiú;
- An oibleagáid a choimeád a chinntíonn inacmhainneacht seirbhísí poist, mar atá ar chumas na mBallstáit taraif aonfhoirmeach a fhorchur do mhíreanna taraif píosa aonair ar nós post tomhaltóra:
- Ní mór do chórais rialaithe praghais neartúcháin éifeachtachta a spreagadh agus a chinntiú go bhfuil praghasanna dírithe ar chostas.

Is faoi gach Ballstát a bheidh sé teacht ar chinneadh maidir leis an mbealach is fearr le soláthar Seirbhíse Uilíche a chinntiú:

- trí idirghabáil i gcás go dteipeann an margadh,
- trí nósanna imeachta fála poiblí a úsáid, nó
- trí Sholáthróir Seirbhíse Uilíche a ainmniú, má bhíonn glanchostas i gceist le soláthar Seirbhíse Uilíche, agus más ionann é agus ualach éagórach ar an Soláthróir Seirbhíse Uilíche atá ainmnithe, beidh sé de shaoirse ag an mBallstát réimse roghanna airgeadais a roghnú ar a n-áirítear cúnamh stáit, costas a roinnt (ciste cúitimh) le hoibreoirí eile atá ag soláthar seirbhísí cosúla agus meicníochtaí "íoc nó imir".

Ó thaobh tomhaltóirí na hÉireann de:

- Leanfar le soláthar Seirbhíse Uilíche cúig lá na seachtaine a ráthú;
- Leanfar leis na praghsanna a ghearann An Post ar na seirbhísí seo a rialú:
- Leanfar le Cailíocht a thomhais de réir Chaighdeáin na hEorpa.

### Cumhachtaí Forfheidhmithe ComReg'

D'fhoilsigh, Noel Dempsey TD, an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a bhí ann ag an am sin an Bille um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007 an 2 Feabhra 2007.

Thug an Bille seo isteach cumhachtaí rialála poist shonracha le cur ar chumas ComReg gnóthais a sholáthar dó maidir le cibé eolas i scríbhinn a mheasann sé atá riachtanach, le cur ar a chumas a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Is cion a bheidh ann má mhainníonn gnóthais ceanglais den sórt sin a chomhlíonadh, nó eolas atá bréagach nó míthreorach a sholáthar.

Forálann an Bille don Aire freisin, ar iarratas ó ComReg, ordú a dhéanamh a cheanglaíonn ar dhuine ar leithligh an oibligeáid arna forchur ag nó faoi na rialacháin a chomhlíonadh nó an duine a thoirmeasc ó leanúint den toirmeasc atá sonraithe ag nó faoi na rialacháin sin a shárú. Féadfaidh an Ard-Chúirt a ordú don duine pionós airgeadais a íoc.

### Caigdeán Seirbhíse
Baile- An Post

Is é príomhchuspóir do gheilleagar nua-aimseartha íomaíoch ar nós na hÉireann seirbhís poist atá ar ardchaighdeán agus éifeachtach a chur ar fáil atá ar aon dul le an gcuid is fearr san Eoraip. Mar sin
Tá Caighdeán na Seirbhíse a thugtar do phost ina ábhar imní ar leith do ComReg. Is é ceann de bhunchuspóirí Threoracha Poist na hEorpa feabhsúcháin a chur ar Chaighdéan na Seirbhíse, agus tá de dhualgas de réir an dlí ar ComReg sprioc an Chaighdeáin Sheirbhíse a shocrú do An Post.

Tá TNS mrbi conraithe ag ComReg le caighdeán seirbhíse An Post do phost tosaíochta píosa aonair10 (an gnáthchomhfhreagras ó lá go lá a phostálann daoine aonair agus gnólachtaí, beag agus mór) a thomhais. Le linn na bliana atá faoi athbreithniú, d'fhoilsigh ComReg tuarascáil bhliantúil TNS mrbi do 2006 agus torthaí feidhmiúcháin do gach ráithe ar a n-áirítear Ráithe 1 de 200711.


Léiríonn torthaí in 2006, do phost a postáladh sa Stát le seachadadh sa Stát go ndearnadh seachadadh ar 72% de ghnáthchomhfhreagras (post píosa aonair) an chéad lá oibre ina dhiaidh sin (gan deireadh seachtaine ná laethanta saoire bainc san áireamh). Léiríonn an toradh bliantúil seo titim de 1% ar thoradh bliantúil 2005 (73%)12. Thit feidhmíocht don dá bhliain i bhfad taobh thiar den sprioc do Chaighdeán Seirbhíse de 94% atá leagtha síos ag ComReg.

Rinneadh seachadadh ar 97% de ghnáthchomhfhreagras laistigh de thré lá oibre ó lá na postála a choimeádann tomhais na bliana roimhe sin, ach tá sé fós faoi bhun an sprioc de 99.5% atá socraithe ag ComReg[13].

Tá achoimre déanta ar na torthaí sin thíos, le torthaí curtha ar fáil don chéad Ráithe 1, 2007, freisin.

| | Post Náisiúnta (D+1) | Post Áitiúil (D+1) | Post Náisiúnta (D+3) |
|---|---|---|---|
| **Sprioc Leagtha Amach** | **94%** | **94%** | **99.5%** |
| R1 2006 | 74% | 78% | 96% |
| R2 2006 | 73% | 76% | 97% |
| R3 2006 | 74% | 74% | 98% |
| R4 2006 | 66% | 71% | 96% |
| **Bliain Iomlán 2006** | **72%** | **75%** | **97%** |
| R1 2007 | 78% | 81% | 98% |

**Fíor 2: Feidhmíocht Seachadta An Lae dar gCionn (L+1) do Phost Náisiúnta**




10. De réir na bprionsabal atá leagtha amach sa Chaighdeán Eorpach agus Éireannach, I.S. EN 13850:2002 Seirbhísí Poist – Caighdeán Seirbhíse – Am iompair seirbhísí ceann go ceann a thomhas do phost tosaíochta píosa aonair agus do phost den chéad ghrád'
11. Doiciméad ComReg Uimh. 06/25 (Meitheamh 20 2006); 06/54 (Meán Fómhair 28 2006), 06/70 (Nollaig 24 2006), 07/28 (Bealtaine 10 2007), 07/33 (Meitheamh 18 2007)
12. Tá seo laistigh den lamháil earráide (+/- 1.0%)
13. Is é cuspóir an bhirt seo a chinntiú má mhainnítear an leibhéal inmhianta de sheachadadh an lae dar gcionn go gcuirfear sin ina cheart chomh luath agus is féidir ina dhiaidh sin.

## Idirnáisiúnta – Torthaí Trasteorann Eorpacha

Léiríonn torthaí UNEX (Córas Monatóireachta Seachtrach UNipost) 2006, a d'fhoilsigh an Chorparáid Idirnáisiúnta Poist (IPC) faoi chaighdeán na seirbhíse poist trasteorann laistigh den Eoraip gur seachadadh 94.2% de litirphost tosaíochta laistigh de thrí lá ó cuireadh sa phost é (táscaire ar luas) agus 98.8% laistigh de chúig lá (táscaire ar iontaofacht), feabhas beag ar fheidhmíocht 2005.

Ní fhoilsítear meánfhigiúirí maidir le post arna sheoladh agus arna sheachadadh in Éirinn, ach seo a leanas mionsonraí maidir le roinnt bealaí faoi leith (seachadadh laistigh de thrí lá):

| Tír | Seolta in Éirinn | | Seachadta in Éirinn | |
|---|---|---|---|---|
| | **2005** | **2006** | **2005** | **2006** |
| **An Ríocht Aontaithe** | 91.6 | 93.0 | 86.2 | 94.4 |
| **An Pholainn** | 60.1 | 82.3 | 77.6 | 81.3 |
| **An Laitvia*** | | 78.6 | | 83.7 |
| **An Ghearmáin** | 94.7 | 94.6 | 94.1 | 93.4 |
| **An Fhrainc** | 90.2 | 90.6 | 89.0 | 88.1 |
| **An Spáinn** | 65.1 | 71.1 | 85.5 | 89.6 |
| **An Ísiltír** | 81.3 | 94.0 | 93.0 | 85.7 |
| **An Bheilg** | 78.9 | 93.3 | 87.2 | 91.7 |

NB Ní dhéantar torthaí a thomhas maidir le seirbhísí chuig an Liotuáin agus uaithi.
*Ní dhearnadh torthaí a thomhas maidir le seirbhísí chuig an Laitvia agus uaithi in 2005

## Praghas

### Taraifí An Post

An 6 Nollaig 2006 fuair ComReg moltaí ó An Post maidir le praghas a sheirbhísí áirithinte baile a ardú. Mhol An Post ardú "eatramhach" ar an bpraghas de bharr go mbeadh ar shonraí cuntasaíochta mar thacaíocht ar aon athchothromú ar tharaifí a bheith bunaithe ar na próisis chuntasaíochta nua agus ar na nósanna imeachta nua atá leagtha amach i dTreoir chuntasaíochta athchóirithe ComReg, ach ní bheadh na sonraí ó na córais nua sin ar fáil go dtí go deireanach in 2007.

I rith na tréimhse ó mhí Lúnasa 2003 go dtí mí Bealtaine 2007, bhí sé tuartha go mbeadh arduithe suntasacha ar phraghsanna glactha ag An Post, arduithe pá 18.9% faoi Chomhaontuithe Pá Náisiúnta ina measc. Sa 12 mí go dtí mí na Samhna 2006 amháin tháinig ardú 4.4% ar an Treoir-Uimhir Praghsanna do Thomhaltóirí (CPI). Ina theannta sin, faoi mhí an Mhárta 2007 bheadh trí bliana go leith ann ó ceadaíodh na harduithe deireanacha i ndáil le táirgí áirithinte "litreach" An Post, agus beagnach 12 mí i gcás na dtáirgí "clúdach litreach mór" agus "pacáiste".


# Rialáil poist ar lean

Rinne An Post tiomantas go deireanach in 2007 sonraí cuntasaíochta bunaithe ar na próisis agus na nósanna imeachta nua a tháirgeadh agus a chur isteach, agus athbhreithniú a dhéanamh ar phraghsanna i bhfianaise an eolais mhionsonraithe sin.

Sheol ComReg comhchomhairle (Doiciméad ComReg 06/67) faoi na moltaí sin an 15 Nollaig 2006, agus d'fhoilsigh ComReg a chinneadh (Doiciméad ComReg 07/10) an 9 Feabhra 2007. D'aontaigh ComReg na harduithe seo a leanas ar phragsanna:

- Ardú ar phraghas litreach ó 48c go dtí 55c. 54c a bhí ar an bpraghas ceadaithe do chustaiméirí a bheadh ag úsáid seirbhísí Ceadúnas de chuid An Post nó meaisíní fraınceála.
- Ardú ar phraghas chlúdach litreach mór ó 90c go dtí 95c;
- Ardú ar phraghas paicéid ó €2.00 go dtí €2.10;
- Arduithe comhréireacha ar sheirbhísí lascainithe An Post do bhulcphost.

**Pointí Rochtana Bulcphoist**
ComReg 07/06




**4. Baile Átha Cliath**
Lána Chairdif
Eastát Tionsclaíoch Áth an Ghainimh
Lárionad Poist Bhaile Átha Cliath (Knockmitten)

**1. Maigh Nuad**
**2. An Droichead Nua**
**3. An Nás**

Ardaíodh praghsanna do sheirbhísí lasmuigh den limistéar áirithinte chomh maith, cé gur laghdaíodh an praghas do litreacha sa chatagóir 50-100g ó 60c go dtí 55c, rud a athbhunaigh an prionsabal go mbeadh praghas amháin ar gach clúdach litreach ar mhéid caighdeánach, beag beann ar an meáchan. Thug ComReg le fios go raibh sé beartaithe aige athbhreithniú a dhéanamh ar gach taraif uilíoch nuair a bheadh eolas ó na córais chuntasaíochta nua ar fáil, cibé an mbeadh sé mar chuid d'iarratas ar ardú praghais nó nach mbeadh.

## Seirbhísí

### Bulcphost

Is é ceann de phríomhfheidhmeanna ComReg forbairt na hearnála poist a chur chun cinn agus go háirithe fáil ar sheirbhís poist uilíoch laistigh den Stát, chuig an Stát agus uaidh, ag praghas inacmhainne chun leasa na n-úsáideoirí ar fad. Sa chomhthéacs sin, d'eisigh sé Treoir chuig An Post an 31 Eanáir, 2007, lena chinntiú go bhfreastalódh na pointí rochtana do sheirbhísí Bhulcphoist do riachtanais na n-úsáideoirí (Doiciméad ComReg 07/06).

Tharla sin tar éis chomhchomhairle (Doiciméad ComReg 06/53) inar mhol ComReg go leathnófaí an líon láithreacha inar chóir don raon iomlán seirbhísí bulphoist a bheith ar fáil ar bhonn neamh-idirdhealaithe. Chuir an páipéar comhchomhairle liosta táscach de 48 láthair chun cinn agus d'ardaigh dé an tsaincheist maidir le fáil a bheith ag úsáideoirí ar níos mó ná láthair amháin. Thug na húsáideoirí ar fad a d'fhreagair an chomhchomhairle tacaíocht ghinearálta do leathnú an líon láithreacha, agus mhaígh An Post go bhféadfadh siad rochtain ar lascainí bulcphoist ag formhór mór na n-oifigí seachadta a bhí liostaithe sa pháipéar comhchomhairle.

Dá réir sin, thug ComReg treoir do An Post rochtain iomlán gan coinníollacha ar bhulcphost a sholáthar ag 43 láthair sa Stát le héifeacht ó thráth nach déanaí ná 30 Aibreán 2007.

## Suirbhéanna Cónaithe agus Gnó

D'fhoilsigh ComReg torthaí a chuid Suirbhéanna ar Phost Cónaithe agus Gnó 2006 i rith na bliana faoi athbhreithniú (Doiciméad ComReg Uimh. 07/19a agus 07/19b) i mí Aibreáin 2007. Tugann na suirbhéanna bliantúla léargas luachmhar ar an tslí a bhfuil ag éirí leis an margadh poist, chomh maith leis na treochtaí atá ag teacht chun cinn a aithint. Déanann An Post, an Soláthróir Seirbhíse Uilíoch, os cionn 750 milliún mír a sheachadadh gach bliain. Is ón bpobal gnó a thagann thart ar 85% den phost baile ar fad.

Áiríodh ar phríomhthorthaí eile de chuid suirbhéanna 2006:

### Suirbhé Gnó

- Ardú go dtí 20% ar an líon cuideachtaí a deir go bhfuil siad ag roghnú úsáid a bhaint as soláthróirí eile chomh maith le An Post;
- Ardú ar an méid poist a sheolann na gnólachtaí a ndearnadh suirbhé orthu;
- Measann gnólachtaí gur chaith siad meánmhéid de €8,019 ar sheirbhísí poist le An Post;
- Dúirt beagnach leath de na freagróirí ar fad go raibh siad sásta leis an tseirbhís poist in Éirinn. I measc na scóranna sástachta ab ísle bhí an méid ama a thógann sé ar An Post litreacha a sheachadadh agus an tsoiléireacht eolais a bhíonn ar fáil ar na seirbhísí poist arna gcur ar fáil ag na soláthróirí ar fad.

### Suirbhé Cónaithe

- Laghdú ar an meánmhéid poist measta a sheoltar ó 4.69 mír in aghaidh na seachtaine in 2005 go dtí 3.06 mír in 2006, agus laghdú ar na míreanna poist a sheachadtar chuig gach seoladh baile in aghaidh na seachtaine ó 9.36 in 2005 go dtí 8.11 in 2006;
- Méadú maith ar an leibhéal feasachta ar oibreoirí poist eile ó 30% in 2005 go dtí 47% in 2006;
- Dúirt níos mó ná dhá thrian de na daoine a ndearnadh suirbhé orthu go raibh siad sásta leis na hamanna bailiúcháin agus leis an seachadadh poist a fuair siad.

# Gnóthaí idirnáisiúnta

## Grúpa Rialtóirí na hEorpa

Tá Grúpa Rialtóirí na hEorpa (ERG), a bhunaigh Cinneadh AE in 2002, comhdhéanta d'Údaráis Rialála Náisiúnta Eorpacha (NRAnna). Tá tríocha is a ceathair tír Eorpach rannpháirteach in obair an ERG. I dteannta na seacht mball is fiche ó Bhallstáit AE, tá ceithre Stát ó Chumann Saorthrádála na hEorpa (EFTA) (an Eilvéis, an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin) agus trí Stát Aontachais/ Iarrthóra AE (an Tuirc, an Chróit agus iarPhoblacht na Iúgslaive an Mhacadóin).

Cuireann an ERG struchtúr foirmiúil ar fáil do riatóirí na hEorpa agus don Choimisiún Eorpach idirchaidreamh, díospóireacht agus forbairt a dhéanamh ar chomhfeidhm an chreatoibre rialála do líonraí agus seirbhísí cumarsáide. Mar chomhlacht comhairleach don Choimisiún Eorpach, cuireann sé meicníocht mhachnaimh agus díospóireachta ar fáil agus, má ghlactar lena chuid moltaí, brúnn sé cur chuigí comónta ar idirghabháil rialála chun cinn. Is rannpháirtí gníomhach é ComReg i gclár oibre an ERG.

Bhí ullmhúchán d'athbhreithniú an Chreatoibre Rialála agus Moladh Choimisiún an AE ar Mhargaí Táirge agus Seirbhíse Ábhartha go mór chun tosaigh i gcónaí in obair an ERG i rith na tréimhse sin. Bhí ComReg i gceannas ar an bhFoireann Tionscadail a scrúdaigh moltaí sna réimsí sin.

## Forbairt ERG

I mí Dheireadh Fómhair 2006, agus iad ag admháil go dtugann geallsealbhóirí tábhacht faoi leith don dul chun cinn ar armónú, rinne an ERG tiomantas i ndáil le roinnt céimeanna chun cur lena iarrachtaí sa réimse sin, lena n-áirítear uasdhátú ar réimsí tosaíochta d'armónú an chur chuige rialála agus forbairt sárchleachtais i bpríomh-mhargaidh. Cé nach féidir le Comhsheasaimh an ERG a bheith ceangailteach, rinne na NRAnna ar fad tiomantas iad a chur san áireamh agus cinntí rialála réasúnacha a thabhairt dá mbarr.

I rith na tréimhse Iúil 2006 go dtí Meitheamh 2007, ghlac an ERG le roinnt doiciméad a chuir le soiléireacht an chur chuige rialála agus a rinne iarracht gníomh rialála comhaontaithe don todhchaí a chinneadh.
I measc na bpríomhdhoiciméad a foilsíodh bhí:

## Ionchur an ERG san athbhreithniú ar an gCreatoibre Rialála

Bhí an ERG i dteagmháil le Coimisiún an AE ar bhonn leanúnach i rith na tréimhse agus d'eisigh sé a fhreagra foirmiúil ar an athbhreithniú ar an gCreatoibre agus ar athchóirithe beartaithe ar an moladh maidir le margaí ábhartha i mí Dheireadh Fómhair 2006. Rinne sin forbairt ar chuid de na téamaí a leagadh amach san fhreagra ar thug an ERG níos luaithe i mí Feabhra 2006. Seo a leanas na príomhthéamaí ann:

- Ba chóir riachtanais phróisis a shruthlíniú agus a shimpliú chun cabhrú le NRAnna – go háirithe iad sin atá níos lú agus a bhfuil níos lú acmhainní ag baint leo – chun díriú isteach ar na saincheisteanna lena mbaineann an tosaíocht is airde;
- Caithfidh an Creatoibre déileáil le saincheisteanna áirithe iomaíochais ar bhealach níos éifeachtaí chun fíor-chomhionannas rochtana ar phríomh-infrastruchtúr líonra, atá riachtanach d'fhorbairt iomaíochais, a chinntiú. Caithfidh NRAnna a bheith in ann réitigh a fhorchur trasna roinnt margaí cumarsáide, mar go bhféadfadh ceann atá an-láidir i margadh amháin a bheith in ann tionchar a imirt ar iomaíochas i margadh eile;
- Is iomaí buntáiste atá ag níos mó iomaíochais, ach i gcásanna áirithe, tháinig méadú ar an ábhar imní a bhaineann le margaíocht agus príobhaideachas tomhaltóirí dá bharr. Ba chóir tuilleadh a dhéanamh chun tomhaltóirí a chosaint in aghaidh na barrachas a bhaineann le margadh iomaíoch agus oscailte.

I mí Feabhra 2007, d'fhreagair an ERG iarratais an Choimisinéara Reding do dhearcaí ar ghnéithe institiúide den Chreatoibre Rialála. Ina fhreagra, mhol an ERG don Choimisinéir leas iomlán a bhaint as saineolas agus taithí rialála an ERG agus tharraing sé aird ar thionscnaimh an ERG féin chun tuilleadh armónaithe a dhéanamh ar chur chuigí ar rialáil.

I ndáil leis an Moladh ar Mhargaí Ábhartha, mhol an ERG roinnt athruithe ar nósanna imeachta le go mbeadh an próiseas anailíse margaidh níos éifeachtaí agus thug a dhearcaí ar an tábhacht a bhaineann le margaí áirithe ar an liosta molta a choinneáil.

D'eisigh an ERG doiciméid bhreise a bhaineann leis an gCreatoibre agus na Margaí sa tréimhse suas go dtí fógra foirmiúil maidir le moltaí an Choimisiúin i mí na Samhna 2007.

### Fánaíocht Idirnáisiúnta

Mar fhreagra ar mholtaí Choimisiún an AE ar Mhuirir Fánaíochta Idirnáisiúnta, thug an ERG comhairle don Choimisiún maidir le roghanna chun éifeachtúlacht rialála a chinntiú. Ina theannta sin, thug an ERG treoirlínte d'oibreoirí fóin póca maidir leis an Rialáil a chur i bhfeidhm agus leanann sé ar aghaidh ag cuidiú leis an gCoimisiún monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí margaidh.

### Tuarascáil an ERG ar Phrionsabail Rialála an NGA

Tar éis comhchomhairle phoiblí, d'fhoilsigh an ERG a thuairim ar na Prionsabail Rialála do Rochtain na Chéad Glúine Eile (NGA). D'aithin an doiciméad na dúshláin rialála a chuireann Líonraí an Chéad Ghlúin Eile, go háirithe maidir le rochtain ar shaoráidí a chinntiú.

### An Grúpa Rialtóirí Neamhspleácha (IRG)

Tugann an Grúpa Rialtóirí Neamhspleácha (IRG) deis d'údaráis rialála náisiúnta bualadh le húdaráis rialála eile chun saincheisteanna feidhmithe a phlé. Agus ballraíocht chomónta mar ERG aige, tá an fóram áisiúil mar ardán díospóireachta maidir le feidhmiú an chreatoibre rialála agus mar áis malartaithe eolais.

### An Coiste Cumarsáide (COCOM)

Bunaithe mar Choiste Comhairleach ar an gCoimisiún Eorpach, tá sé i gceist go mbeadh an Coiste ina fhóram fhóram ina mbeidh Baillstáit in ann idirghníomhú a dhéanamh leis an gCoimisiún, díospóireacht a dhéanamh, comhairle a thabhairt madir le forbairt na ngníomhaíochtaí rialála i ndáil le cumarsáid leictreonach, líonraí agus seirbhísí agus é sin a phlé. I dteannta ionadaithe ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, bíonn ComReg rannpháirteach mar chuid de thoscaireacht na hÉireann.

### An Grúpa Polasaí Speictrim Raidió

Glacann an Grúpa Polasaí Speictrim Raidió (RSPG), a bunaíodh faoi Chinneadh an Choimisiúin 2002/622/EC, tuairimí atá beartaithe cúnamh agus comhairle a thabhairt don Choimisiún Eorpach ar shaincheisteanna faoi pholasaí speictrim raidió, ar chur chuigí polasaí a chomhordú, agus, nuair is cuí, ar choinníollacha armónaithe maidir le fáil agus úsáid éifeachtach an speictrim raidió atá riachtanach do bhunú agus feidhmíocht an mhargaidh inmheánaigh.

Agus a chuid oibre á chur i gcrích aige, téann an RSPG i mbun comhchomhairle atá fairsing agus a fhéachann chun cinn ar fhorbairtí teicneolaíochta, margaidh agus rialála a bhaineann le húsáid speictrim raidió i gcomhthéacs pholasaithe an AE ar chumarsáid leictreonach, iompar, taighde agus forbairt.

I dteannta ionadaithe ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, bíonn ComReg rannpháirteach mar chuid de thoscaireacht na hÉireann.

### An Coiste Speictrim Raidió

Cabhraíonn an Coiste Speictrim Raidió (RSC), a bunaíodh faoi Chinneadh an AE faoi Speictream Raidió (676/2002/EC), leis an gCoimisiún Eorpach bearta feidhmithe teicniúla a fhorbairt agus a ghlacadh, bearta is aidhm leo coinníollacha armónaithe a chinntiú d'fháil ar agus d'úsáid éifeachtach speictrim raidió, chomh maith le fáil ar eolas a bhaineann le húsáid speictrim raidió. Feidhmíonn an coiste a fheidhmeanna trí nósanna imeachta comhairleacha agus rialála de réir Chinneadh Coisteolaíochta Chomhairle na hEorpa.

I dteannta ionadaithe ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, bíonn ComReg rannpháirteach mar chuid de thoscaireacht na hÉireann.

### An Chomhdháil Eorpach do Riaracháin Phoist agus Teileachumarsáide (CEPT)

Tá an Chomhdháil Eorpach do Riaracháin Phoist agus Teileachumarsáide - CEPT – comhdhéanta anois de 48 ballstát. Tá an comhlacht comhdhéanta de dhá choiste, ceann amháin a dhéileáileann le cúrsaí raidióchumarsáide agus teileachumarsáide, is é sin an Coiste Cumarsáide Leictreonaí, agus an dara ceann a dhéileáileann le seirbhísí poist.

Is í an aidhm bhunúsach atá ag CEPT caidreamh idir na Baill a neartú, comhoibriú eatarthu a chur chun cinn agus cur le margadh dinimiciúil a chruthú sa réimse cumarsáide poist agus teileachumarsáide na hEorpa. Is iad na feidhmeanna atá aige dearcaí comónta a fháil ar na tosaíochtaí agus aidhmeanna atá leagtha amach sa réimse poist agus teileachumarsáide agus scrúdú a dhéanamh, i gcomhthéacs na hEorpa, ar pholasaí poiblí agus ar shaincheisteanna rialála iomchuí maidir le cumarsáid poist agus leictreonach, lena n-áirítear úsáid an speictrim raidió.

Bíonn ComReg rannpháirteach i roinnt foirne tionscadal agus grúpaí oibre mar chuid de thoscaireacht na hÉireann.

# Gnóthaí corparáide

Forbraíonn agus feidhmíonn an Rannán Gnóthaí Corparáide straitéisí agus polasaithe ceannródaíocha atá deartha chun feidhmíocht oibríochtúil a fheabhsú. Tá an Rannán freagrach as na feidhmeanna eagraíochtúla seo a leanas a bhainistiú:

- Acmhainní Daonna
- Córais Faisnéise
- Consumer Care
- Cúram Tomhaltóirí

## Ardcheapacháin Bhainistíochta

D'fhógair an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha bunú ComReg i mí na Nollag 2002. Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, ceapadh Mike Byrne mar Chathaoirleach an Choimisiúin an 1, 2006. Tá an Coimisiún, i dteannta leis an gCoiste Polasaí Bainistíochta (MPC), freagrach as bainistíocht straitéiseach agus oibríochtúil na heagraíochta.

## Gradaim Fhorbartha Acmhainní Daonna

Aithníonn an Oifig gur príomhghné dár rathúlacht amach anseo í forbairt acmhainní daonna agus nach féidir feidhmíocht den scoth a bhaint amach gan infheistíocht agus tiomantas leanúnach a dhéanamh inár bhfoireann. Bhí áthas orainn, mar sin, gur tugadh aitheantas seachtrach dár bpolasaithe agus dár gcórais, trí dhá Ghradam ollmhóra a bhaint amach; bhuamar an gradam O2 Ability Award i mí an Mheithimh 2007 agus bhaineamar athchreidiúnú i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) amach ó Innealtóirí na hÉireann. Aithníonn na creidiúnaithe sin na hardchaighdeáin gairmiúlachta, oiliúna agus forbartha a sholáthraíonn ComReg dá fhoireann.

## Seirbhísí Eolais

Tá feidhm sheirbhísí eolais ComReg comhdhéanta de na nithe seo a leanas:

- Teicneolaíocht na Faisnéise
- Rochtain ar Fhaisnéis
- Cúram Tomhaltóirí

## Teicneolaíocht na Faisnéise

Le linn na tréimhse, rinne ComReg a láithreán gréasáin tomhaltóra, www.askcomreg.ie, a athsheoladh, mar chuid de thionscnamh lena acmhainní agus a sheirbhísí tomhaltóir-dhírithe a chomhdhlúthú agus cur leo. Tá brandáil www.askcomreg.ie ailínithe anois le láithreán gréasáin ComReg a thugann eolas faoi phraghsanna teilefaóin agus leathanbhanda, www.callcosts.ie agus leathnaíodh an láithreán gréasáin chun tuilleadh eolais agus seirbhísí a thabhairt do thomhaltóirí cumarsáide in Éirinn.

Tá roinn ar a dtugtar 'Inis Dúinn' ar an láithreán gréasáin anois inar féidir le tomhaltóirí léirmheas a dhéanamh ar Pholasaí Tomhaltóirí ComReg agus ina chuirtear comhairle orthu maidir le teagmháil a dhéanamh le Líne Tomhaltóirí ComReg le fiosrúcháin nó le gearáin nár thug a soláthróir seirbhíse féin aghaidh orthu. Ina theannta sin, cuireann www.comreg.ie seirbhís foláirimh ríomhphoist ar fáil anois, rud a chuireann tomhaltóirí ar an eolas faoi aon mhíreanna nuachta, nuachtlitreacha agus foilseacháin eile a bhaineann le tomhaltóirí.
Is cuid de Straitéis Tomhaltóirí leanúnach ComReg é athsheoladh www.comreg.ie lena chur ar chumas tomhaltóirí roghanna eolasacha a dhéanamh maidir le cúrsaí teileachumarsáide.

I mí an Mheithimh 2007, seoladh láithreán gréasáin nua, www.comreg.ie. Tugann an láithreán nua deis don tionscal, don phreas agus do gheallsealbhóirí eile rochtain a dhéanamh ar fhoilseacháin ComReg agus ar phreasráitis. Cuireann an leathanach baile dearcadh ar mhíreanna reatha ar fáil, lena n-áirítear foilseacháin, comhchomhairlí agus míreanna 'cad atá nua?' Tá feidhm chuardaigh nua ann a thugann acmhainní fairsinge cuardaigh agus teacht ar mhíreanna agus ar dhoiciméid ina bhfuil na téarmaí cuardaigh a chuirtear isteach, go héasca.

Sholáthair an fheidhm IT tacaíocht do bhunú teicniúil, dearadh agus seoladh i ndáil le Céim 2 de www.callcosts.ie ina dhéantar comparáid idir praghsanna do líne seasta agus do leathanbhanda. Tá feabhsúcháin leanúnacha mar chomparáidí idir phleananna do leathanbhanda soghluaiste curtha leis an láithreán gréasáin ó shin.

Ceannaíodh Pcanna deasca d'fhoireann ComReg agus leathadh amach iad ag teacht le polasaí athnuachana teicneolaíochta ComReg. Mar chuid den tionscadal athnuachana, cuireadh saoráidí nua do sheomraí fáilte agus do sheomraí cruinnithe ar fáil. Áiríodh orthu sin saoráidí feabhsaithe slándála agus cur i láthair, bord fógraí leictreonach san oifig fáilte agus bord bán leictreonach. Cuireadh scáileán teilifíse in airde in oifig Fáilte ComReg agus socraíodh í chun Triail Teilfíse Trastíre Digití a raibh DCENR ina bun a thaispeáint.

Rinne IT Plean Leanúnachais Gnó (BCP) a fhorbairt, a chomhordú, a chur i bhfeidhm agus a thástáil do ComReg, ina bhfuil plean cumarsáide, láithreán scátháin IT agus láithreán d'oibríochtaí práinneacha.

Soláthraíodh seirbhísí IT, lenar áiríodh Rochtain Gan Sreang ar an Idirlíon, do raon cruinnithe agus comhdhálacha. Sholáthair an fheidhm IT tacaíocht deaisc agus líonra d'fhoireann ComReg. I measc thionscadail eile bhí uasghrádú ar fhreastalaithe agus comhdhlúthú chun seachadadh riachtanais IT amach anseo a chinntiú agus leasuithe leanúnacha ar Siteviewer agus ar chóras bogearraí ceadúnaithe ComReg.

### Rochtain ar Fhaisnéis

Tacaíonn ComReg go hiomlan leis an reachtaíocht maidir le Saoráil Faisnéise agus, le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, fuaireamar 12 iarratas ar fhaisnéis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Chun cumarsáid éifeachtach a éascú de réir na Reachtaíochta um Mhíchumas agus reachtaíocht na dTeangacha Oifigiúla, lean ComReg ar aghaidh ag feidhmiú a gcuid tionscnamh maidir le Rochtain ar Fhaisnéis:

- Gach Treoir do Thomhaltóirí a tháirgeadh i 'ngnáth Bhéarla' – bainte amach tríd an nGníomhaireacht Náisiúnta um Litearthacht d'Aosaigh (NALA);
- Oifigeach Rochtana agus Gearán a chur ar fáil, chomh maith le nósanna imeachta gaolmhara lenar áiríodh leagan fuaime den nós imeachta a fhoilsiú;
- Tionscnaimh Ghaeilge mar phríomhdhoiciméid a aistriú agus feasacht agus oiliúint foirne;
- Leaganacha Braille agus eile de dhoiciméid agus comhfhreagras ComReg ar iarratas.

Ina theannta sin, choinnigh an dá láithreán do thomaltóirí, www.askcomreg.ie agus www.callcosts.ie a Marcanna W-Mark, agus bhain www.comreg.ie an marc sin amach, rud a léiríonn tiomantas agus seachadadh ComReg ó thaobh faisnéis inrochtaine.

Bhunaigh ComReg coiste Cosanta Sonraí a raibh mar chuspóir aige a chinntiú go gcomhlíonfadh ComReg forálacha na nAchtanna Cosanta Sonraí (1988 agus 2003). Is é Oifigeach Rochtana ComReg atá ina chathaoirleach ar an gCoiste agus bhí sé gafa le tionscnaimh a bhrú chun cinn, mar shampla athbhreithniú ar ráiteas príobháideachta ComReg, bainistiú dramhaíola rúnda agus oiliúint.

### Cúram Tomhaltóirí

Soláthraíonn feidhm chúraim tomhaltóirí ComReg seirbhísí Líne Tomhaltóirí, lena n-áirítear bainistiú fiosrúchán agus gearán, agus seirbhísí faisnéise agus feasachta.

# Cumarsáid agus foilseacháin

Eisíonn ár nAonad Cumarsáide, atá mar chuid den Rannán Gnóthaí Corparáide, preasráitis agus cuireann sé teachtaireachtaí agus ráitis amach thar ceann ComReg chuig na meáin agus chuig an bpobal. Bainistíonn an tAonad ábhar ár láithreán ghréasáin chomh maith, déileálann sé le fiosrúcháin ó na meáin agus eagraíonn sé comhdhálacha agus seimineáir. Ina theannta sin, tá sé freagrach as foilseachán na Tuarascála Bliantúla agus Nuachtlitir ComReg.

Tionólann ComReg Comhdháil Náisiúnta gach bliain ar thopaic faoi leith. Tugtar cuireadh do phríomhchainteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta a gcuid saineolais a roinnt lenár ngeallsealbhóirí. Cuireann na himeachtaí sin ardán foirfe ar fáil chun faisnéis, aiseolas agus plé a roinnt i measc na ngeallsealbhóirí go léir sna hearnálacha rialála agus teicneolaíochta.

Thionóil ComReg a Fhóram do Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin an 21 Meán Fómhair 2006 in Óstán an Berkeley Court Hotel, Baile Átha Cliath. Ba é téama chomhdháil ComReg ná Leathanbhanda a Éascú agus Ceannaireacht. Thug an Fóram deis do phríomhdhaoine sa tionscal bualadh le chéile agus straitéisí agus forbairtí rialála a phlé.

D'fhreastail os cionn 100 ionadaí ón tionscal teileachumarsáide ar an gcomhdháil. Ba é an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a bhí ann ag an am, an tUasal Noel Dempsey TD, a d'oscail an chomhdháil.

Thionóil ComReg Fóram ar Líonraí na Chéad Glúine Eile in Óstán an Berkeley Court an 8 Márta, 2007.
Dhírigh an Fóram ar na treochtaí margaidh agus rialála atá ag teacht chun cinn go hidirnáisiúnta.

Ba é 2007 comóradh 10 mbliain ar rialáil neamhspleách na hearnála cumarsáide leictreonaí in Éirinn. Bunaíodh Oifig an Stiúrthóra um Rialáil Teileachumarsáide (ODTR) in 1997 agus tar éis freagracht a ghlacadh as rialáil na hearnála poist in 2000, aistríodh a fheidhmeanna don dá earnáil chuig an gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) in 2002.

Chun comóradh a dhéanamh, thionóil ComReg ócáid ceiliúrtha in Óstán an Shelbourne Hotel, i mBaile Átha Cliath an 27 Meitheamh. Labhair an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha nuacheaptha, an tUasal Eamon Ryan TD, leis an gcruinniú agus tharraing sé aird ar an dul chun cinn a rinneadh san earnail chumarsáide sna deich mbliain roimhe sin.

Is féidir teacht ar an liosta doiciméad a foilsíodh i rith na bliana in Iarscríbhinn 1 atá ag gabhail leis an Tuarascáil seo agus tá na doiciméid go léir ar fáil ar láithreán gréasáin ComReg, www.comreg.ie.

# Rialachas corparáideach

Is é cuspóir an Choimisiúin comhlíonadh maidir le sárchleachtas i Rialachas Corparáideach a chinntiú. Cheadaigh an Rialtas an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit i mí Dheireadh Fómhair 2001. Leagann an Cód prionsabail Rialachais Chorparáidigh amach a gcaithfidh comhlachtaí Stáit glacadh leo.

Maíonn an Cód fosta, nuair a bhíonn forálacha a rialaíonn cúrsaí a bhaineann leis an gCód Cleachtais i reachtaíocht a bhaineann le comhlacht Stáit, leanfaidh an reachtaíocht ábhartha ag rialú na gcúrsaí seo. I gcás ComReg, forálann Alt 33 den Acht um Rialáil Cumarsáide go nglacfaidh an Coimisiún le faomhadh an Aire agus an Aire Airgeadais, cód bainistíochta airgeadais (atá bunaithe ar an gCód Cleachtais maidir le Rialachas na gComhlachtaí Stáit) agus eagróidh sé a fhoilseachán i ndiaidh a leithéid d'fhaomhadh a fháil. D'fhaomh an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus an tAire Airgeadais ár gcód bainistíochta airgeadais. Tá sé foilsithe ar ár láithréan gréasáin.

D'fhonn cuidiú le comhlíonadh a fhreagrachtaí, bhunaigh an Coimisiún Coiste Iniúchta de chúigear le maoirseacht a dhéanamh ar phróiseas tuairiscithe airgeadais agus córais rialaithe inmhéanaigh ComReg. Tá triúr comhaltaí den Choiste Iniúchta ina gcomhaltaí seachtracha, lena n-áirítear cathaoirleach an Choiste, an tUasal Dan Flinter.

Feidhmíonn an Coiste Iniúchta faoi théarmaí tagartha foirmiúla agus bhí ceithre chruinniú acu le linn na bliana. Is polasaí de chuid ComReg é cloí leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tá tuairisciú déanta aige ar a chomhlíonadh maidir le míreanna ábhartha den chód, sa Tuarascáil seo nó ar leithligh trí litir chuig an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

# Ráitis airgeadais an choimisiúin um rialáil cumarsáide

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEITHEAMH 2007


| | |
|---|---|
| TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH | 50 |
| RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ AN CHOIMISIÚIN | 51 |
| RÁITEAS MAIDIR LEIS AN gCÓRAS RIALAITHE INMHEÁNAIGH AIRGEADAIS | 52 |
| TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE | 53 |
| AN RÁITEAS AR PHOLASAITHE CUNTASAÍOCHTA | 54 |
| AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS | 55 |
| RÁITEAS MAIDIR LE GNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA | 56 |
| CLÁR COMHARDAITHE | 57 |
| RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID THIRIM | 58 |
| NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS | 59 |

# Tuarascáil an chathaoirligh

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEITHEAMH 2007

Tá áthas orm an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais iniúchta don Choimisiún um Rialáil Cumarsáide don bhliain dar críoch Meitheamh, 2007 a chur faoi bhráid.

### Príomhghníomhaíochtaí

Bunaíodh an Choimisiún um Rialáil Cumarsáide an 1 Nollaig 2002. Sonraítear feidhmeanna an Choimisiúin san Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002 agus san Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú), 2007. Baineann na feidhmeanna sin le rialáil agus ceadúnú an tionscail chumarsáide leictreonaí (lena n-áirítear tarchur raidió agus craoltóireachta), rialáil seirbhísí poist agus rialáil an ainm fearainn .ie. Tá an Coimisiún á mhaoiniú go hiomlán as ioncam a fuarthas ó na tionscail chumarsáide leictreonaí agus phoist. Bhí sé de thionchar ag an gCoimisiún Oifig an Stiúrthóra um Rialú Teileachumarsáide a dhíscaoileadh ar 1 Nollaig 2002 agus aistríodh feidhmeanna an Stiúrthóra go dtí an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide.

### Torthaí Airgeadais

Leagtar sonraí maidir le torthaí airgeadais an Choimisiún amach sna Ráitis Airgeadais agus sna nótaí a thacaíonn leis na Ráitis Airgeadais. Léiríonn na torthaí don bhliain nach raibh fuílleach nó easnamh ann.

### Iniúchóirí agus Cuntais

Faoin Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, coinneoidh an Coimisiún i gcibé foirm a cheadóidh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha roimhe seo) é, le cead ón Aire Airgeadais, gach cuntas cuí agus gach gnáthchuntas ar an airgead uile a fhaigheann sé nó a chaitheann sé. Cuirfidh an Coimisiún cuntais isteach chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir le gach bliain. Laistigh de 42 lá ó na cuntais a iniúchadh, tá sé de cheangal ar an gCoimisiún cóip de na cuntais seo in éineacht le tuarascáil iniúchta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, a chur faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha roimhe seo).

### Rialachas Corparáideach

Tá an Coimisiún tiomanta do na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach a choinneáil. Is é Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit arna fhoilsiú ag an Roinn Airgeadais an bonn ar a mbunaítear ár bpolasaithe ar rialachas corparáideach.

Éilíonn Alt 33 den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002 ar ComReg, cód bainistíochta airgeadais a ghlacadh, le ceadú ón Aire agus ón Aire Airgeadais agus eagróidh sé a fhoilseachán i ndiaidh dó a leithéid de cheadú a fháil. Lena chois sin, éilítear ar an gCoimisiún athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar a chód bainistíochta airgeadais agus an cód a athleasú agus a athfhoilsiú más cuí. Tá sé de cheangal ar an gCoimisiún fosta trácht a dhéanamh faoi chomhlíonadh leis an gcód sa tuarascáil bhliantúil.

Rinne an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha roimhe seo) agus an tAire Airgeadais ár gcód bainistíochta airgeadais (atá bunaithe ar an gCód Cleachtais le haghaidh Rialachas na gComhlachtaí Stáit arna fhoilsiú ag an Roinn Airgeadais) a cheadú. Tá an cód foilsithe ar ár láithreán gréasáin agus is é polasaí an Choimisiúin comhlíonadh leis an gcód a chinntiú.

### Gnóthas Leantach

Creideann na Coimisinéirí, i ndiaidh dóibh fiosruithe a dhéanamh, go bhfuil go leor acmhainní ag an gCoimisiún le leanúint de bheith i mbun gnó go gceann i bhfad agus gur cuí glacadh leis gur gnóthas leantach atá ann agus é ag ullmhú na ráiteas airgeadais.

### Cuntais a Íoc go Pras

Tugann an Coimisiún aitheantas dá fhreagracht maidir le comhlíonadh a chinntiú, maidir le gach ábhar, le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach i mBeartaíochtaí Tráchtála) 2002 ("na Rialacháin"). Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm d'fhonn na dátaí ar a mbíonn sonraisc dlite le haghaidh íocaíochta a shainaithint agus d'fhonn a chinntiú go ndéanfar íocaíochtaí faoi na dátaí seo. Soláthraíonn nósanna imeachta cosúil leis seo dearbhú réasúnta i gcoinne neamhchomlíonadh ábhartha leis na Rialacháin. Ba é an polasaí íocaíochta le linn na bliana faoi athbhreithniú ná riachtanais na Rialachán a chomhlíonadh.

**John Doherty**
Cathaoirleach
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
14 Bealtaine 2008

# Ráiteas maidir le freagrachatí an choimisiúin

Éilíonn Alt 32 den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, ar ComReg, gach cuntas cuí agus gach gnáthchuntas d'airgead a fhaigheann sé nó a chaitheann sé, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe i gcibé foirm a cheadódh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha roimhe seo), ag déanamh idirdhealaithe idir -
(a) a fheidhmeanna maidir le cumarsáid leictreonach agus
(b) a fheidhmeanna maidir le cúrsaí poist.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá sé de cheangal ar an gCoimisiún

- polasaithe oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus ciallmhar a dhéanamh;
- caighdeáin chuntasaíochta infheidhme a leanúint, faoi réir ag neamhchomhlíonadh ábhartha ar bith a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin má bhíonn sé míchuí a mheas go leanfaidh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide de bheith i mbun gnó.

Tá an Coimisiún freagrach as leabhair chuntasaíochta chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais an Choimisiúin a chuireann ar chumas an Choimisiúin a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le ceanglais an Achta. Tá an Coimisiún freagrach chomh maith as sócmhainní an Choimisiúin a chosaint agus mar sin céimeanna réasúnta a ghlacadh maidir le calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

**John Doherty**
Cathaoirleach
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
14 Bealtaine 2008

# Ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEITHEAMH 2007

### Freagracht maidir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Thar ceann an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide tugaim aitheantas d'fhreagracht an Choimisiúin maidir lena chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú absalóideach a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, beartaíochtaí a údarú agus a thaifeadadh mar is ceart, agus go ndéanfaí earráidí nó mírialtachtaí ábhartha ar bith a chosc nó a aimsiú i dtréimhse thráthúil.

### Príomh-Nósanna Imeachta Rialaithe

Tá céimeanna glactha ag an gCoimisiún le timpeallacht rialaithe cuí a chinntiú trí na nithe seo a leanas

- freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le haghaidh cliseadh suntasach rialaithe a thuairisciú agus gníomh cuí ceartúcháin a chinntiú.

Tá próisis bunaithe ag an gCoimisiún d'fhonn rioscaí gnó a shainaithint agus a mheas trí na nithe seo a leanas

- cineál, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá os comhair an chomhlachta a shainaithint lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a cheapann sé a bheith inghlactha;
- measúnú a dhéanamh ar an dochúlacht go dtarlódh na rioscaí a sainaithníodh;
- measúnú a dhéanamh ar chumas an chomhlachta déileáil leis na rioscaí a tharlaíonn agus iad a mhaolú.
- measúnú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le rialúcháin áirithe a fheidhmiú i gcoibhneas leis an tairbhe a ghnóthaítear.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat d'fhaisnéis bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmligin agus freagrachta. Go sonrach cuimsíonn sé:

- córas cuimsithe buiséadaithe le buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus a aontaíonn an Coimisiún;
- athbhreithnithe rialta a dhéanann an Coimisiún ar thuarascálacha airgeadais bhliantúla agus thréimhsiúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais I gcoinne réamhaisnéisí;
- spriocanna a leagan síos le feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;
- treoirlínte maidir le rialú ar infheistíocht chaipitil a shainiú go soiléir;
- disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an gCoimisiún, a fheidhmíonn de réir an Chreatoibre Sárchleachtais a leagtar amach sa Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit. Úsáidtear an anailís ar an riosca atá os comhair an Choimisiúin mar bhonn eolais d'obair an iniúchta inmheánaigh, agus bunaítear pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh ar an anailís seo. Déanann an Coiste Iniúchta an anailís ar riosca a athbhreithniú agus déanann an Coiste Iniúchta agus an Coimisiún na pleananna iniúchta inmheánaigh a cheadú. Soláthraíonn an tIniúchtóir Inmheánach tuarascáil ar ghníomhaíocht an iniúchta inmheánaigh don Choiste Iniúchta agus don Choimisiún gach bliain ar a laghad. Cuimsíonn an tuarascáil tuairim an Iniúchóra ar leorgacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Is é a bhíonn mar bhonn eolais do mhonatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais ná obair an iniúchóra inmheánaigh, an Coiste Iniúchta a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh, na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den Choimisiún ag a bhfuil freagracht as an gcreat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, agus tráchtanna a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir nó i dtuarascálacha eile.

### Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Dearbhaím go gcuireadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais i gcrích sa bhliain dar chríoch 30 Meitheamh 2007.

**John Doherty**
Cathaoirleach
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
14 Bealtaine 2008

# Tuarascáil an ard-reachtaire cuntas agus ciste

LE CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide don bhliain dar chríoch 30 Meitheamh 2007 faoin Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002.

Cuimsíonn na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na polasaithe cuntasaíocht a leagtar amach ann, an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána, an Clár Comhardaithe, an Raiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim agus na nótaí lena mbaineann.

### Freagrachtaí faoi Seach an Choimisiúin agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá an Coimisiún freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Rialáil Cumarsáide, 2002, agus as rialtacht na mbeartaíochtaí a chinntiú. Ullmhaíonn an Coimisiún na ráitis airgeadais de réir an Chleachtais Chuntasaíochta Choitianta in Éirinn. Leagtar freagrachtaí cuntasaíocht Chomhaltaí an Choimisiúin amach sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Choimisiúin.

Tá sé d'fhreagracht ormsa iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir riachtanas ábhartha dlíthiúil agus rialála agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchtóireacht (RA agus Éire).

Tuairscím mo thuairim faoi cé acu an dtugann na ráitis airgeadais dearcadh fíor agus cothrom nó nach dtugann, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta Choitianta in Éirinn. Tuairiscím mo thuairim fosta faoi cé acu an gcoinnítear leabhair chuí chuntasaíochta nó nach gcoinnítear. Lena chois sin, maím má bhíonn na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Tuairscím cás ábhartha ar bith nuair nár cuireadh airgead i bhfeidhm chun na críche a bhí beartaithe nó nuair nach gcloíonn beartaíochtaí leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím chomh maith mura bhfuil an fhaisnéis nó na míniúcháin uile a theastaíonn chun críocha m'iniúchta faighte agam.

Déanann athbhreithniú ar cé acu an léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh an Choimisiúin leis an gCód Cleachtais le haghaidh Rialachas na gComhlachtaí Stáit nó nach
